
Ár Seirbhís Phoiblí 2020

# Ár Seirbhís Phoiblí 2020





## Forbairt agus Nuálaíocht

Nollaig 2017

Doiciméad réitithe ag An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Clár na n-ábhar

Brollach 1

1. Réamhrá *Ár Seirbhís Phoiblí 2020* 2

2. Creat le haghaidh *Ár Seirbhís Phoiblí 2020* 11

3. Dea-Thorthaí a Sholáthar dár bPobal 14

4. Nuáil dár dTodhchaí 23

5. Ár bhFoireann agus ár nÉagraíochtaí a Fhorbairt 33

6. Straitéisí Earnála 42

7. Rialachas agus Cur i bhFeidhm 47

Iarscríbhinn: Rannpháirtíocht agus Próiseas Forbartha 50

Liosta Acrainmneacha 51

# Dréacht-Bhrollach

Tá lúcháir orainn an creat *Ár Seirbhís Phoiblí 2020* a fhoilsiú, rud lena mbunaítear an straitéis fhoriomlán don fhorbairt agus don nuálaíocht sa tSeirbhís Phoiblí suas go dtí an bhliain 2020 agus ina diaidh. Is éiginnte atá an domhan ar na saolta seo agus tá cuid mhór rioscaí ag bagairt ar Éirinn. Teastaíonn uainn seirbhís phoiblí atá athléimneach agus freagrúil do na dúshláin sin agus a chuireann seirbhísí ar ardchaighdeán ar fáil go héifeachtach don phobal ag an am céanna. Tá an pobal ag croílár obair na seirbhíse poiblí agus ní mór é a choinneáil ag croílár obair na seirbhíse poiblí. Tá muinín againn go gcothófar leis an gcreat seo dul chun cinn leanúnach inbhuanaithe ar fud na seirbhísí poiblí éagsúla atá ann.

Is é is aidhm don chreat *Ár Seirbhís Phoiblí 2020* tacú le forbairt ár seirbhíseach poiblí agus ár n-eagraíochtaí seirbhíse poiblí araon. Leis an gcreat, cuirfear leis an dul chun cinn a rinneadh faoi phleananna athchóirithe roimhe seo agus feabhsófar an dóigh a soláthraímid seirbhísí. Cothófar an nuálaíocht agus an obair chomhoibríoch leis ag an am céanna, ar nithe iad atá ríthábhachtach maidir le spriocanna casta comhroinnte a bhaint amach.

Gné lárnach den straitéis seo is ea cur leis an dea-chleachtas atá ar bun cheana féin. Tá áthas orainn roinnt cás-staidéar éagsúil a chur i láthair san fhoilseachán seo chun a thaispeáint cén dóigh a bhfuil seirbhísigh phoiblí ó gach cuid den chóras ag déanamh athmhúnlú cheana féin ar chleachtais oibre agus ar an dóigh a soláthraímid seirbhísí. Leis na gníomhartha atá sa chreat seo, tacófar le taithí agus le dea-chleachtas a chomhroinnt ar bhealach níos fearr.

Tá an creat *Ár Seirbhís Phoiblí 2020* ina thionscnamh don tSeirbhís Phoiblí ar fad. Cuirfear Bord Ceannaireachta Seirbhíse Poiblí ar bun chun an clár oibre athchóirithe a bhrú chun cinn ar fud na seirbhíse poiblí agus chun cur chun feidhme na 18 ngníomh atá sa chreat a stiúradh. Ceapadh gníomhartha an chreata tar éis dul i mbun sraith comhairliúchán ar feadh tréimhse aon bhliana le seirbhísigh phoiblí, leis an bpobal agus le saineolaithe beartais phoiblí, idir shaineolaithe náisiúnta agus shaineolaithe idirnáisiúnta. Ba mar chreat a dearadh an straitéis. Fágann sé sin go mbeidh sí níos freagrúla do na dúshláin ar leith atá ag bagairt ar ár n-eagraíochtaí éagsúla. Fágann sé freisin go mbeifear in ann cur chuige níos freagrúla a ghlacadh i leith rannpháirtíocht leanúnach le príomh-gheallsealbhóirí. Is é an prionsabal um rannpháirtíocht níos fearr, níos oscailte agus níos trédhearcaí an prionsabal a leanadh le linn an creat a fhorbairt agus an ceann a leanfar le linn an creat a chur i bhfeidhm.

Oibríonn ár seirbhísigh phoiblí i dtimpeallacht athraitheach chasta a bhfuil raon leathan réimsí i gceist léi, agus iad ag soláthar seirbhísí agus ag déanamh ionadaíocht do leasanna mhuintir na hÉireann sa tír seo agus thar lear. Is soiléir ar fud na Seirbhíse Poiblí atá an leibhéal díograise, fuinnimh agus méine atá acu chun freastal ar an Stát chomh maith agus is féidir leo, agus ba mhaith linn buíochas a ghabháil lenár seirbhísigh phoiblí as a dtiomantas leanúnach don chlár athchóirithe.

Gabhann deiseanna agus dúshláin araon leis an timpeallacht atá os comhair ár Seirbhíse Poiblí. Is é an aidhm atá leis an gcreat seo tacaíocht a thabhairt dár seirbhísigh phoiblí, tionchar a gcuid oibre a uasmhéadú agus, ar deireadh, an tseirbhís is fearr is féidir a sholáthar do mhuintir na tíre.



**Paschal Donohoe TD**

An tAire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe



**Patrick O'Donovan TD**

An tAire Stáit sa Roinn Airgeadais agus sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar a bhfuil freagracht speisialta i ndáil le Soláthar Poiblí, Rialtas Oscailte agus Ríomhsheirbhísí Rialtais

# 1. Réamhrá

## Ár Seirbhís Phoiblí 2020

Cuid lárnach de shaol eacnamaíoch agus sóisialta na hÉireann í an tseirbhís phoiblí agus oibríonn sí thar réimse leathan, éagsúil eagraíochtaí chun beartais a cur chun feidhme agus seirbhísí poiblí a chur ar fáil. Tá níos mó ná 300,000 seirbhíseach poiblí ann lena n-áirítear múinteoirí, státseirbhísigh, altraí, oibrithe údaráis áitiúil, baill de na fórsaí cosanta, agus an Garda Síochána. Léirítear san íomhá ghrafach thíos méid na hinfheistíochta a dhéantar i seirbhísí poiblí na hÉireann agus an scála agus an éagsúlacht a bhaineann leo.

Tá obair na seirbhíse poiblí ríthábhachtach maidir le folláine eacnamaíoch agus rath sóisialta ár bpobal agus na ngnólachtaí atá ag brath ar na seirbhísí sin. Tá an pobal agus na gnólachtaí ag súil le seirbhís atá sofhreagrach, solúbtha, éifeachtúil agus nuálaíoch. Cuireadh leasuithe suntasacha i bhfeidhm le blianta beaga anuas a chinntigh go bhfuil obair na seirbhíse poiblí níos trédhearcaí, go bhfuil cinnteoireacht níos cuntasaí ann agus go gcuirtear seirbhísí ar fáil ar bhealaí níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla. Tá an pobal i gcroílár obair na seirbhíse poiblí agus tá deis níos fearr acu inniu a fheiceáil cad atá á dhéanamh thar a gceann agus ar a son.

Creat beartais nua is ea *Ár Seirbhís Phoiblí 2020* atá deartha chun tógáil ar bhunús na n-athchóirithe a rinneadh roimhe seo agus raon feidhme an athchóirithe á leathnú chun díriú ar chomhoibriú, ar nuálaíocht agus ar mheastóireacht. Mar sin, cuimsíonn an creat go leor tionscnamh agus straitéisí athchóirithe atá fós á gcur i bhfeidhm, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le TFC, Acmhainní Daonna agus Athnuachan na Státseirbhíse. Tacóidh an cur chuige seo leis na seirbhísigh phoiblí agus cuirfidh sé ar a gcumas agus ar chumas a gcuid eagraíochtaí a ndícheall a dhéanamh agus oibriú le chéile chun torthaí ardchaighdeáin a chur ar fáil agus luach ar airgead a chinntiú.

Tá *Ár Seirbhís Phoiblí 2020* ina chuid de chlaochlú i bhfad níos leithne atá á dhéanamh ar sheirbhís phoiblí na hÉireann. Tacóidh na gníomhartha atá in *Ár Seirbhís Phoiblí 2020* chun na gcuspóirí atá leagtha amach sa Chlár um Rialtas Comhpháirtíochta a chur i bhfeidhm: "déanfaimid soláthraithe seirbhíse líne thosaigh a chumhachtú chun níos mó cinntí a dhéanamh, cinnteoimid go mbeidh seirbhísí poiblí níos inrochtana, spreagfaimid níos mó comhoibrithe idir na hearnálacha poiblí agus déanfaimid nuálaíocht sa tseirbhís phoiblí a chúiteamh." Tacóidh sé le cur i bhfeidhm polasaithe uileghabhálacha náisiúnta, lena n-áirítear *an Creat Pleanála Náisiúnta* atá le teacht agus an *Plean Caipitil 2016-2021* a bheidh mar bhunsraith faoi bheartas poiblí go ceann i bhfad. Ina theannta sin, cuirfidh sé ar ár gcumas na gealltanais athchóirithe atá i *gComhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí (2018-2020)* a chur i bhfeidhm.

Tá *Ár Seirbhís Phoiblí 2020* leagtha amach chun comhtháthú agus neartú a dhéanamh ar na beartais níos leithne atá sa chlár um athrú straitéiseach. Cinnteoidh sé go ndíreofar go comhsheasmhach ar athchóiriú ar fud na n-earnálacha go léir agus go ndéanfar pleanáil, cur i bhfeidhm agus cumarsáid gach straitéis de chuid an Rialtais a chomhordú agus a chomhtháthú agus tacaíocht a sholáthar dóibh.

Tá an creat beartais nua seo leagtha amach chun go bhféadfaidh an tseirbhís phoiblí torthaí níos fearr a chur ar fáil don phobal. Táthar ag díriú ar thorthaí agus tá an chur chuige sin á chur i bhfeidhm freisin sa chéim nua athchóirithe seo. Úsáidfear na sé thoradh ardleibhéil don tseirbhís phoiblí ina n-iomláine chun tionchar na ngníomhartha comhchoiteanna sa phlean seo a mheas sa mheántéarma agus sa bhfadtéarma.

# An tSeirbhís Phoiblí i bhFigiúirí

## Infheistíocht Státchiste i seirbhísí poiblí sa bhliain 2018

- **Coimirce Shóisialach** 33%
- **Sláinte** 24%
- **Oideachas** 15%
- **Caiteachas Caipitil** 9%
- **Caiteachas Reatha Eile** 19%




## An Státseirbhís

80.7 milliún
íocaíocht a rinneadh le

2.1 milliún
duine a bhain tairbhe as scéimeanna Coimirce Sóisialaí

15 mhilliún
teagmháil a rinne custaiméirí leis na Coimisinéirí Ioncaim, dá ndearnadh 10 milliún (67%) ar líne

575,000
ceadúnas tiomána a eisíodh

ÉIRE
IRELAND
Pas
Passport

733,100
pas a eisíodh

131,500 iarratas
a próiseáladh faoi Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí (dá ndearnadh 77% ar líne)

## Oideachas

62,000 múinteoir a bhí ag cur oideachas ar
943,000
duine óg i 4,000 scoil

180,000 mac léinn
in oideachas lánaimseartha 3ú leibhéal

338,000
áit ar fáil i gcúrsaí breisoideachais agus oiliúna

118,000
leanbh réamhscoile sa Chlár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige

Breis agus 5,600
cigireacht ar scoileanna agus ar ionaid oideachais

## Sláinte

64,000
leanbh a rugadh inár n-ospidéil

10.5 milliún
uair cúnamh baile a soláthraíodh


142,000
bean a d'fhreastail ar BreastCheck

314,000
glaoch éigeandála a tugadh ar an tSeirbhís Otharcharranna

Breis agus 3.3 milliún
othar seachtrach nua nó fillte

## 315,000 Fostaí Seirbhíse Poiblí ag deireadh mhí Mheán Fómhair 2017

**An Státseirbhís:** 38,483
**An Earnáil Cosanta:** 9,604
**An Earnáil Oideachais:** 103,274
**An Earnáil Sláinte:** 109,338
**An Earnáil Ceartais:** 13,793
**Údaráis Áitiúla:** 27,406
**Gníomhaireachtaí Neamhthráchtála Stáit:** 12,989




## Ceartas

**3 mhilliún** teachtaireacht téacs um chosc ar an gcoireacht faoi Scéim Foláireamh Téacs an Gharda Síochána

**12,600** ciontóir ar déileáladh leo tríd an gcóras príosúin (15,100 duine a cimíodh)

**10,000** duine ar bronnadh saoránacht orthu

**492,000** ní sibhialta agus coiriúil a réitíodh os comhair na gcúirteanna

**8.24 milliún** ceann d'idirbhearta ar líne le Clárlann na Talún agus de ghníomhaíochtaí eile

## Rialtas Áitiúil

Breis agus **17,000** saincheist neamhéigeandála a tuairiscíodh do chomhairlí áitiúla trí fixyourstreet.ie

**5 mhilliún** idirbheart mótarchánachais (dá ndearnadh 70% ar líne)

Slógadh seirbhísí dóiteáin le haghaidh breis agus **36,000** teagmhas

Breis agus **17 milliún** cuairt ar leabharlanna

**19,000** teach a soláthraíodh ar fud na gclár tithíochta sóisialta ar fad

## Cosaint

**10** n-imscaradh thar lear in 12 thír agus i muir amháin

**10,000** fostaí cosanta sa tseirbhís phoiblí

**2,400** ball d'Óglaigh na hÉireann

**3,400** Óglach Cosanta Sibhialta

## Gníomhaireachtaí Stáit

**64,000** gnóthas bia a ndearna gníomhaireachtaí cigireacht orthu thar ceann Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

Uasghrádaíodh **24,100** agus **385** cinn d'fhoirgnimh phoiblí, thráchtála agus phobail trí Chlár SEAI um Fhuinneamh Níos Fearr

Tugann cliantchuideachtaí Fhiontraíocht Éireann tacaíocht do bhreis agus **300,000** post san iomlán i mbailte agus sráidbhailte fud fad na hÉireann

Tá na figiúirí go léir slánaithe agus baineann siad le bliain iomlán. Úsáideadh na figiúirí is déanaí atá ar fáil.

## Tógáil ar bhunús gnóthachtálacha

Tá dhá phríomhchlár athchóirithe curtha ar fáil ag seirbhís phoiblí na hÉireann ó 2011 i leith. Cuireadh na cláir sin i bhfeidhm i dtimpeallacht dhúshlánach eacnamaíoch inar ghá caiteachas poiblí a laghdú go mór.

Chinntigh na cláir athchóirithe sin agus clár uaillmhianach reachtaíochta maidir le caighdeáin athchóirithe agus comhlíonta an Rialtais go bhfuil bunsraith shlán sa tseirbhís phoiblí ar a bhféadfar an chéad chéim feabhsaithe eile seo a thógáil.

Bhí ról lárnach ag athchóiriú na seirbhíse poiblí i dtéarnamh eacnamaíoch na hÉireann le sé bliana anuas. Díríodh cuid mhaith ar shrianadh costais agus ar fheabhsuithe éifeachtúlachta ar fud na seirbhíse poiblí i gcéad Plean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí 2011-2013 an Rialtais.

Bhain an dara plean leis an tréimhse 2014-2016 agus cé gur leagadh béim i gcónaí ar éifeachtúlacht bhí aidhm fhoriomlán ann maidir le torthaí níos fearr a sholáthar do na páirtithe leasmhara go léir. Ag deireadh na bliana 2016 bhí beagnach 90% de na 227 ngníomh sa phlean sin curtha i bhfeidhm nó bhí na spriocanna a bhain leo bainte amach.

Féadfar tionchar na n-iarrachtaí athchóirithe sin a fheiceáil trí fheidhmíocht sheirbhís phoiblí na hÉireann a chur i gcomparáidí leis na seirbhísí poiblí i dtíortha eile. D'éirigh le seirbhís phoiblí na hÉireann na háiteanna seo a leanas a bhaint amach:

- An 1ú áit san AE mar an tseirbhís phoiblí is gairmiúla agus is lú atá faoi anáil pholaiteoirí;
- An 6ú háit ó thaobh cáilíocht riaracháin phoiblí; agus
- An 5ú háit ó thaobh thuiscint an phobail go gcuirtear cinntí an Rialtais i bhfeidhm go héifeachtach.

(Treochtaí san Earnáil Phoiblí 2017, An Foras Riaracháin Phoiblí).

Tá cur síos le fáil ar na mórghnóthachtálacha iomadúla a baineadh amach ó 2011 sna cúig thuarascáil ar dhul chun cinn, atá ar fáil ag www.reformplan.per.gov.ie. Léirítear roinnt buaicphointí na céime seo den athchóiriú san íomhá ghrafach seo a leanas.

## Na hÉachtaí Athchóirithe a Baineadh Amach le Déanaí

- Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí
- Plean Gníomhaíochta don Oideachas
- Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile
- Scéim Athbhreithnithe Saoire Breoiteachta na Seirbhíse Poiblí
- Creat Cuntasachta Sláinte
- Pleananna Comhtháite um Sholáthar Athchóirithe
- Plean Gníomhaíochta do Phoist
- An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte
- Athbhreithnithe Inniúlachta Eagraíochta
- Treoirlínte maidir le Ceapacháin chuig Boird Stáit
- SOLAS
- Straitéis Sonraí Oscailte
- Plean Athnuachana na Státseirbhíse
- Páipéar Bán ar Chosaint
- Athchóiriú Rialtais Áitiúil
- An tÚdarás Póilíneachta
- Benefacts.ie
- INTREO
- Bord Cuntasachta don Státseirbhís
- Ardán um Chaidreamh san Áit Oibre
- Bille um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí
- Bonneagar Iompair Éireann
- Cárta Seirbhísí Poiblí
- Suirbhé ar Rannpháirtíocht Fostaithe na Státseirbhíse
- Oifig um Sholáthar Rialtais
- Bearta táirgiúlachta faoi FEMPI
- Tuarascáil Feidhmíochta na Seirbhíse Poiblí 2016
- Líonraí Rannpháirtíochta Pobail
- An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014
- Suirbhéanna ar Shástacht Custaiméirí na Státseirbhíse
- Plean um Sholáthar Bainistíochta Sócmhainní Réadmhaoine
- Caighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís

D'aithin an ECFE na gnóthachtálacha faoin bplean athchóirithe deireanach ina Measúnacht ar an dara Dréachtphlean um Athchóiriú Sheirbhís Phoiblí na hÉireann 2014-2016 a foilsíodh i mí Iúil 2017. Ba é conclúid na tuarascála sin gur éirigh leis an bplean cur chuige maidir le hathchóiriú a chruthú ar fud na seirbhíse poiblí go léir. Leagadh béim faoi leith ann ar thábhacht an phlean maidir le dlús a chur faoi athchóiriú agus gníomhartha a aithint laistigh de gach comhlacht seirbhíse poiblí chun tacú leis an bplean.

Leanfar ar aghaidh sa chéad chéim athchóirithe eile ag neadú tionscnamh ón chéad dá phlean, agus ag tacú lena bhforbairt chun déileáil le dúshláin nua. Ceapadh *Ár Seirbhís Phoiblí 2020* sa chaoi go bhfuil creat 18 ngníomh ann atá roinnte ar 3 cholún. Roghnaíodh na gníomhartha sin i ndiaidh comhairliúchán forleathan ar fud na seirbhíse sibhialta agus poiblí, lena n-áirítear an chéad chomhairliúchán poiblí riamh maidir le hathchóiriú na seirbhíse poiblí a reáchtáladh i samhradh 2017 (féach ar an Iarscríbhinn chun mionsonraí a léamh faoin gcomhairliúchán). Tá cur chuige na creatlaí seo ceaptha chun go bhféadfar a bheith solúbtha maidir le roghnú na ngníomhartha is fearr chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá le réiteach agus é sin a dhéanamh ar bhealach a léireoidh éagsúlacht na n-eagraíochtaí éagsúla atá i seirbhís phoiblí na hÉireann. Tá tréimhse fhada ag baint le go leor de na gníomhartha seo agus leanfar ar aghaidh á gcur i bhfeidhm i ndiaidh shaolré an chreata seo.

Cinnteoidh leagan amach an chreata seo go ndíreofar i gcónaí ar bhaint amach na bpríomhthorthaí. Tá gníomhartha sa chreat chun bacainní maidir le seirbhísí a sholáthar go héifeachtach a shárú - bacainní mar shrianta cumais agus scileanna; gníomhartha chun comhoibriú éifeachtach a chur chun cinn ar fud eagraíochtaí; agus gníomhartha chun nuálaíocht agus solúbthacht níos mó a chinntiú. Úsáidfear ceachtanna sa chreat seo a foghlaimíodh trí chur i bhfeidhm na bpleananna roimhe seo. Cinntíonn an chaoi a bhfuiltear ag díriú ar thorthaí go bhfuil go leor gníomhartha ann a thagann le chéile agus go dtacaíonn siad le gníomhartha eile laistigh den cholún céanna agus laistigh den chreat ina iomláine.

## An timpeallacht ina bhfuil an tseirbhís phoiblí le hathchóiriú

Tá bonn daingean faoi théarnamh na hÉireann ón gcor chun donais eacnamaíoch ag deireadh na ndeich mbliana roimhe seo. Tháinig fás fostaíochta 2.4% ar an meán sa mhargadh saothair idir 2012 agus 2016, rud a léiríonn gur cruthaíodh níos mó ná 200,000 post. Tá an geilleagar ag fás ar luas sách láidir agus tá gnóthachtálacha léirithe ag gach earnáil den gheilleagar ó 2012.

Tír bheag í Éire, áfach, agus tá an geilleagar ar cheann de na cinn is oscailte ar domhan, ar an ábhar sin táimid níos mó faoi thionchar treochtaí idirnáisiúnta mar dhomhandú, athrú aeráide, imirce agus dlús faoi athrú teicneolaíochta ná a lán tíortha. Lena chois sin tá athruithe móra ag teacht ar chúrsaí idirnáisiúnta, go háirithe an tionchar a bheidh ag cinneadh na Ríochta Aontaithe an AE a fhágáil agus beartas nua lucht riarachán SAM, sa chaoi go mbeidh an chéad chéim eile d'athchóiriú na seirbhíse poiblí á cur i bhfeidhm nuair a bheidh neamhchinnteacht shuntasach eacnamaíoch ann. Beidh éifeachtacht, éifeachtúlacht agus solúbthacht leanúnach na seirbhíse poiblí ina ghné ríthábhachtach maidir le feabhas a chur ar theacht aniar an gheilleagair ó shuaitheadh seachtrach agus chun leas a bhaint as na deiseanna a thiocfaidh chun cinn le linn thréimhse an chreata seo.

Chomh maith le bheith ag feidhmiú i dtimpeallacht atá ag athrú go leanúnach agus atá ag éirí níos casta, tá an tseirbhís phoiblí ag freastal ar dhaonra atá ag fás agus ag éirí níos éagsúla agus iad ag súil le níos mó ó sheirbhísí poiblí. Feidhmíonn brúnna sóisialta, eacnamaíocha agus déimeagrafacha chun athruithe a chur chun cinn.

Ní mór cur chuige níos straitéisí, níos solúbtha agus níos comhtháite a fhorbairt maidir le hathchóiriú na seirbhíse poiblí chun freastal ar na héilimh sin go léir. Tacóidh na gníomhartha sa chreat seo le córas den sórt sin trí:

- díriú níos mó ar thorthaí lena chinntiú go gcuirfear torthaí ar fáil don phobal;
- comhoibriú a mhéadú ar fud na seirbhíse poiblí; agus
- cur chuige a fhorbairt a bheidh bunaithe níos mó ar fhianaise.

## *Measúnú an ECFE ar Phlean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí 2014 -2016*

Coimisiúnaíodh an ECFE chun *Plean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí 2014 -2016* a mheas sular leanadh ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den athchóiriú. Mar chuid den athbhreithniú seo, leag an ECFE a chuid breithnithe amach freisin do chéad chéim eile d'athchóiriú na seirbhíse poiblí, ag cur san áireamh na n-athruithe atá tar éis tarlú. D'aithin siad na príomhréimsí fócais seo a leanas don am atá le teacht:

1. díriú ar thorthaí an athchóirithe;
2. cur chuige a neadú a bheidh bunaithe ar fhianaise agus ar shonraí sa chaoi go nascfar caiteachas agus athchóiriú le chéile;
3. socruithe rialachais a neartú chun úinéireacht an chreata athchóirithe a leathnú agus róil éagsúla an lárionaid agus na n-earnálacha a shainiú níos fearr maidir le hathchóiriú a bhaint amach; agus
4. nuálaíocht na seirbhíse poiblí a thiomáint chun cinn.

Tá na moltaí sin le sonrú i bhforbairt an chreata seo ina bhfuil nuálaíocht mar cheann de thrí cholún an chreata. Baineann moltaí eile an ECFE le dearadh, pleanáil agus rialachas an chreata agus pléitear iad sa chuid eile den chaibidil seo.

## Díriú ar thorthaí an athchóirithe

Tá *Ár Seirbhís Phoiblí 2020* deartha chun go ndíreofar feasta ar thorthaí. Is mór an dúshlán é táscairí torthaí a aithint agus ní rud simplí é torthaí a thomhas mar go bhféadfadh tionchar a bheith ag a lán tosca eile ar chaighdeán agus ar sholáthar earraí agus seirbhísí. Mar sin féin, is féidir buntáistí suntasacha a fháil ó bhreis cuntasachta agus ó spriocanna beartais a dhíriú níos fearr.

Tá sé thoradh ardleibhéil aitheanta in *Ár Seirbhís Phoiblí 2020* chun rath a thomhas don tseirbhís phoiblí ina iomláine sa bhfadtéarma (féach an léaráid thíos) agus féadfaidh an creat seo tacú leis sin ar bhealach suntasach. Úsáidfear na táscairí torthaí sin chun feidhmíocht le linn na céime athchóirithe seo a mheas.

Léiríonn na torthaí seo tionchar níos fadtéarmaí an chreata maidir le feabhsuithe a chur ar fáil sna 18 ngníomh agus úsáidfear réimse modheolaíochtaí lena dtomhas, lena n-áirítear suirbhéanna náisiúnta agus idirnáisiúnta agus méadrachtaí cainníochtúla ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear an Phríomh-Oifig Staidrimh, EUROSTAT agus an Foras Riaracháin, chomh maith le faisnéis a d'fhorbair eagraíochtaí seirbhíse poiblí ó shuirbhéanna custaiméirí agus fostaithe. Chomh maith le féachaint ar thorthaí, tá sé tábhachtach freisin bealaí oiriúnacha a fhorbairt chun aschur a mheas. Tá sraith tháscairí aschuir sa chreat seo maidir le gach gníomh. Bunaíodh Aonad Meastóireachta um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí le déanaí sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus oibreoidh siad sin i gcomhar le páirtithe leasmhara agus le saineolaithe chun táscairí cuí a aithint chun cur i bhfeidhm rathúil na ngníomhartha a thomhas ar bhealach éifeachtach agus comhréireach i ngach earnáil. Leagfar béim ar aschur agus ar thorthaí a aithint a chinntíonn go gcuirtear seirbhísí poiblí níos fearr ar fáil dár ndaoine agus dár ngnólachtaí.

Maidir leis seo, céim thábhachtach maidir le feidhmíocht na seirbhísí poiblí a léiriú ab ea foilsiú Tuarascáil Feidhmíochta na Seirbhíse Poiblí 2016 in Aibreán 2017, inar léiríodh caiteachas gach earnála mar aon le príomhaschur agus torthaí sa réimse sin. Rinneadh iarracht sa tionscnamh trínar nascadh buiséadú agus feidhmíocht chun go ndíreofar ar an méid a chuireann an tseirbhís phoiblí ar fáil trí leas a bhaint as cistí poiblí agus é sin a neadú sa phróiseas cinnteoireachta. Leanfar ar aghaidh ag forbairt agus ag beachtú an tionscnaimh seo le tacaíocht ón Aonad Meastóireachta um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí.

## Na sé thoradh ardleibhéil don tseirbhís phoiblí




## A chinntiú go bhfuil cur chuige bunaithe ar shonraí ann trína nasctar caiteachas agus athchóiriú

Má úsáidtear córas ceaptha beartais atá bunaithe ar fhianaise cabhraíonn sé sin chun beartas a cheapadh agus a dhíriú níos fearr. Dá thoradh air sin, bíonn torthaí níos fearr ag daoine, ag gnólachtaí agus ag an tseirbhís phoiblí féin. Beidh an cur chuige seo mar bhunsraith faoi fhorbairt agus nuálaíocht ar fud na seirbhíse poiblí. Is léir ón taithí atá acu i dtíortha eile go mbíonn torthaí i bhfad níos fearr ag cláir a ndearnadh monatóireacht ar a gcur chun feidhme ná iad siúd nach ndearnadh monatóireacht orthu. Ina theannta sin, is léir ón taithí atá againn ó phleananna athchóirithe roimhe seo inar forordaíodh go leor gníomhartha go bhféadfar solúbthacht a theorannú maidir le déileáil le fianaise nua nó le hathruithe beartais. Ar an ábhar sin, cé go bhfuil clár athchóirithe trí bliana leagtha síos sa chreat, beidh an cur chuige níos sofhreagraí maidir le déileáil le sonraí agus le faisnéis a fhaightear ó chur i bhfeidhm tionscadal athchóirithe agus ó thionscnamh nua atá ag teacht chun cinn. Léirítear é sin sna socruithe rialachais agus tuairiscithe, a thacóidh le cinnteoireacht leanúnach sa chaoi go mbeidh creat ann ar féidir é a fhorbairt de réir mar a leanfar ar aghaidh leis an gcur chun feidhme.

Is féidir an nasc idir caiteachas agus tionscnaimh athchóirithe a neartú tuilleadh trí thionscnaimh athchóirithe a ailíniú le próisis agus feidhmeanna ábhartha arna bhforbairt ar thaobh chaiteachas na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ina measc siúd tá Seirbhís Eacnamaíochta agus Athbhreithnithe Rialtas na hÉireann (IGEES), an Cód Caiteachais Phoiblí agus an próiseas um Athbhreithniú Caiteachais.


Is seirbhís chomhtháite tras-Rialtais é an IGEES chun ról na heacnamaíochta agus anailís maidir le luach ar airgead a fheabhsú i gcinnteoireacht faoi bheartas poiblí. Is í an aidhm atá ag IGEES a bunaíodh in 2012 ná cabhrú chun beartas an Rialtais a dhearadh agus a dhíriú níos fearr agus go mbeidh torthaí níos fearr ag an bpobal. Chomh maith lena ról maidir le cultúr meastóireachta agus fianaise a fhorbairt (féach Gníomh 11), bhí agus beidh ról lárnach aige maidir le tacú leis an tionscnamh athchóirithe um Athbhreithniú Caiteachais.

Bhí sé mar aidhm ag Athbhreithniú Caiteachais 2017 bonn fianaise a fhorbairt chun bonn eolais a chur faoi thosaíochtaí a cheapadh don chaiteachas reatha ar bhealach a chuirfidh polasaithe éifeachtacha agus éifeachtúla ar fáil ar an dóigh is inbhuanaithe is féidir laistigh de shrianta fioscacha. Scrúdaíodh beagnach 20 réimse caiteachais in Athbhreithniú Caiteachais na bliana 2017 agus aithníodh roinnt téamaí coitianta iontu. Aithníodh roinnt saincheisteanna coitianta in earnálacha éagsúla sna téamaí ón gcéad athbhreithniú ar chaiteachas agus díreofar orthu trí na gníomhartha atá leagtha síos in *Ár Seirbhís Phoiblí 2020.* Cuideoidh anailís ar thorthaí an Athbhreithnithe Caiteachais a rinneadh ar earnálacha faoi leith chun na príomhearnálacha a aithint chun tionscnaimh phíolótacha trasghearrtha athchóirithe chur i gcrích iontu.

Ní mór measúnú a dhéanamh freisin ar thorthaí timthriallta athchóirithe roimhe seo chun ceachtanna a fhoghlaim ó thionscnaimh a cuireadh i gcrích; cur ar chumas daoine beartais a fhorbairt ar bhunús fianaise; athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar dhul chun cinn; foghlaim ó theipeanna; rioscaí a bhainistiú níos éifeachtaí; agus tógáil ar bhunús rudaí rathúla chun torthaí láidre beartais a sholáthar don phobal.

Maidir leis an gcreat, tá cuspóir sainithe, réasúnaíocht agus úinéireacht shoiléir ag baint le gach ceann de na gníomhartha. Aithneofar na hacmhainní a bheidh riachtanach sna heagraíochtaí do gach gníomh mar chuid den phróiseas forfheidhmithe. Ceapadh na gníomhartha sa chaoi go mbeidh cur chuige neartaithe ann maidir le tuairisciú. Tacóidh an cur chuige sin le feidhmiú céimnithe trí chonstaicí a shainaithint agus a shárú. Lena chois sin, féadfar

## Na téamaí coitianta a tháinig as an Athbhreithniú Caiteachais sa bhliain 2017




Foinse: Bunaithe ar Thuarascáil Chaiteachais Lár-Bhliana 2017, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

an treo straitéiseach a athrú trí ghníomhartha a choigeartú nuair is cuí thar shaolré an chreata chun aschur agus torthaí níos mó nó níos fearr a bhaint amach. Cuirfidh bunú Bhord Ceannaireachta nua na Seirbhíse Poiblí (PSLB) deis ar fáil don cheannaireacht straitéiseach seo.

## Socruithe rialachais a neartú chun úinéireacht an chreata a leathnú

Tá an cur chuige a glacadh don chéad chéim eile den athchóiriú seo ag teacht le treochtaí idirnáisiúnta níos leithne maidir le fís rannpháirteach a cheapadh ar fud na seirbhíse poiblí i leith an tionscnaimh athchóirithe agus comhaontú a dhéanamh faoi líon roghnaithe réimsí agus cuspóirí tosaíochta trasghearracha. Thug na ceachtanna a foghlaimíodh ó chur i bhfeidhm Phlean Athnuachana na Státseirbhíse treoir chun múnla rialachais a cheapadh le haghaidh *Ár Seirbhís Phoiblí 2020*. Mar sin féin, tá an tseirbhís phoiblí i bhfad níos mó agus níos éagsúla ná an státseirbhís. Léirítear é seo sa chur chuige maidir leis an gcreat seo a chomhtháthú i gcúrsaí níos leithne a bhaineann le hathchóiriú na gclár náisiúnta agus earnála chun comhordú agus comhoibriú níos fearr a éascú idir earnálacha agus laistigh d'earnálacha. Agus an chéim nua athchóirithe seo á hullmhú, chuathas i mbun próiseas teagmhála i bhfad níos leithne leis an bpobal, le fostaithe na seirbhíse poiblí, le hacadamhaithe agus le saineolaithe idirnáisiúnta. Tá torthaí na teagmhála sin le feiceáil ar fud an chreata seo agus tá achoimre le fáil orthu san Iarscríbhinn. Tá sé ríthábhachtach go nglacfaidh an lucht bainistíochta sinsearach leis an gcreat seo freisin agus go dtabharfaidh siad tacaíocht dó má tá sé le cur i bhfeidhm.

Déanfaidh Bord Ceannaireachta na Seirbhíse Poiblí (PSLB) ar a bhfuil baill shinsearacha na seirbhíse poiblí agus na státseirbhíse an creat á rialú (féach Caibidil 7 Rialachas agus Cur i bhFeidhm chun tuilleadh sonraí a fháil faoin PSLB). Tabharfaidh an PSLB tuairisc do Choiste na Comh-Aireachta um Beartas Sóisialta agus Seirbhísí Poiblí agus déanfaidh siad na 18 ngníomh atá leagtha amach sa chreat a bhrú chun cinn. Cabhróidh sé leis an tseirbhís phoiblí níos leithne oibriú le chéile chun athchóirithe trasghearrthacha a chur i bhfeidhm, bacainní maidir le comhoibriú a shárú, dul i ngleic le dúshláin choitianta, an dea-chleachtas a roinnt eatarthu agus bealaí oibre níos fearr a aithint. Beidh líonraí ó áiteanna éagsúla ar fud na seirbhíse poiblí freagrach don PSLB maidir le gníomhartha an chreata a chur chun feidhme. Soláthróidh na líonraí sin athbhreithniú piaraí agus foghlaim comhroinnte maidir le dúshláin choiteanna a shárú i réimsí tábhachtacha mar sheirbhís do chustaiméirí, nuálaíocht, bainistíocht tionscadal agus bainistíocht straitéiseach acmhainní daonna.

Cuirfidh an struchtúr seo bainistíocht láidir agus comhordú ar fáil ar leibhéil ardbhainistíochta agus forfheidhmithe tionscadal chun an próiseas a threorú agus úinéireacht leathan a chinntiú, rudaí atá ag teacht le béim a leag an ECFE ar shocruithe rialachais níos láidre agus gaol a bheidh sainithe níos fearr idir an lárionad agus earnálacha nuair a rinne siad breithniú ar dara céim an athchóirithe.

# 2. Creat le haghaidh

## Ár Seirbhís Phoiblí 2020

Tógfaidh *Ár Seirbhís Phoiblí 2020* ar na rudaí suntasacha a baineadh amach sna céimeanna athchóirithe roimhe seo agus ag an am céanna déanfar tionscnaimh nua a chur chun cinn d'fhonn cultúr maidir le feabhsú leanúnach a fhorbairt ar fud na seirbhíse poiblí. Is iad na spriocanna uileghabhálacha atá ag *Ár Seirbhís Phoiblí 2020* ná torthaí níos fearr a sholáthar don phobal agus eagraíochtaí seirbhíse poiblí a thógáil atá bríomhar, solúbtha agus a bhfuil teacht aniar iontu. Tá nuálaíocht ríthábhachtach chun rath a chinntiú anois agus amach anseo. Tá an creat bunaithe ar thrí phríomhcholún.

- Dea-Thorthaí a Sholáthar dár bPobal
- Nuáil dár dTodhchaí
- Ár bhFoireann agus ár nÉagraíochtaí a Fhorbairt

Léirítear sa léaráid conas a thacóidh béim láidir bhunúsach ar mheastóireacht le cur i bhfeidhm na ngníomhartha, rud a bheidh ag teacht le moltaí an ECFE ina *Measúnú ar Dhara Plean Athchóirithe Seirbhíse Poiblí na hÉireann 2014 -16.*

Bainfear amach cuspóirí an chreata trí chur i bhfeidhm na 18 ngníomh faoi leith atá mar bhunsraith faoi na 3 cholún. Is athchóirithe straitéiseacha trasghearrthacha iad na gníomhartha seo a chuirfear i bhfeidhm ar fud na seirbhíse poiblí go léir. Is iad na hathchóirithe sin, mar aon leis na straitéisí earnála atá faoi stiúir ag ranna agus ag gníomhaireachtaí, an pacáiste athchóirithe atá á chur chun cinn ar fud na seirbhíse poiblí.

Déantar achoimre agus mionsonrú thíos ar na 18 ngníomh sna caibidlí 3- 5, agus déileáiltear le colún faoi leith den chreat i ngach caibidil díobh. I gcás gach gnímh díobh, cuirtear cás-staidéar gearr nó cás-staidéir ghearra ar fáil mar léiriú ar thionscnaimh ina bhfuil na haidhmeanna sin á gcur i bhfeidhm cheana féin ag eagraíochtaí seirbhíse poiblí faoi leith.

### Dea-Thorthaí a Sholáthar dár bPobal

Dírítear sa cholún *Dea-Thorthaí a Sholáthar dár bPobal* ar sheirbhísí níos fearr agus níos éifeachtúla ó thaobh costais de a chur ar fáil don phobal. Bainfear é sin amach trí leas a bhaint as teicneolaíocht nua agus as sonraí níos fearr chun costais a laghdú ach ardcháilíocht a choinneáil; trí pháirt a bheith ag an bpobal i ndearadh agus i soláthar seirbhísí; chumarsáid agus rannpháirtíocht leis an bpobal a fheabhsú; agus feabhas a chur ar cháilíocht agus inrochtaineacht na seirbhíse freisin.

Tá cúig ghníomh faoin gcolún seo trína dtógfar ar an dul chun cinn a rinneadh cheana féin maidir le soláthar seirbhísí i réimsí mar sheirbhísí comhroinnte agus soláthar comhroinnte. Tá forbairt seirbhísí digiteacha agus ríomhsheirbhísí Rialtais ríthábhachtach chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí agus is féidir an rud céanna a rá faoi leas níos fearr a bhaint as sonraí agus faoi shonraí a roinnt níos éifeachtaí idir eagraíochtaí.

### Nuáil dár dTodhchaí

Tá an comhthéacs ina bhfeidhmíonn seirbhísigh phoiblí ag éirí níos casta agus níos dúshlánaí. Tá ár ngeilleagar agus ár sochaí á múnlú ag nuálaíochtaí teicneolaíochta agus ag dúshlán na n-athruithe comhshaoil, ag athruithe geopholaitiúla, ag patrúin dhéimeagrafacha agus ag tosca seachtracha eile. Caithfear an tseirbhís phoiblí a ullmhú chun freagra a thabhairt ar na dúshláin sa ghearrthéarma, sa mheántearma agus sa bhfadtéarma.


Tá sé d'aidhm ag sé ghníomh an cholúin *Nuáil dár dTodhchaí* a chinntiú i gcás na straitéisí agus na bpolasaithe a threoraíonn soláthar seirbhísí poiblí go bhfuil siad nuálach agus dírithe ar an ndearbhthionchar praitica bhíonn ag polasaithe agus ag cláir ar phobal na hÉireann. Tá sé d'aidhm ag an gcolún seo tacú le nuálaíocht agus le comhoibriú maidir leis an gcaoi a n-oibríonn an tseirbhís phoiblí agus an leas is mó a bhaint as na scileanna agus an saineolas atá ar fáil ar fud na seirbhíse.

### Ár bhFoireann agus ár nÉagraíochtaí a Fhorbairt

Is iad príomhchuspóirí an chreata seo eagraíochtaí seirbhíse poiblí a fhorbairt a bheidh bríomhar, solúbtha agus láidir chomh maith le scileanna, cumas agus éifeachtacht na bhfostaithe poiblí a fhorbairt freisin. Is deacair é seo a bhaint amach ar fud seirbhíse phoiblí a bhfuil líon mór eagraíochtaí éagsúla inti a bhfuil spriocanna straitéiseacha difriúla agus beartais agus cleachtais faoi leith acu. Aithnítear roinnt réimsí sa chreat ina bhféadfar foghlaim óna chéile agus dea-chleachtas agus taithí a roinnt.

Bhíothas ag smaoineamh ar na réimsí sin nuair a bhí an colún *Ár bhFoireann agus ár nÉagraíochtaí a Fhorbairt* á cheapadh. Tacóidh na seacht ngníomh le seirbhísigh phoiblí, agus leis na heagraíochtaí ina n-oibríonn siad, chun bainistíocht éifeachtach a bhaint amach agus an meascán ceart scileanna agus uirlisí a thabhairt dóibh chun seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar.

## Forbhreathnú ar chreat *Ár Seirbhís Phoiblí 2020*



# Ár Seirbhís Phoiblí 2020: Príomhghníomhartha

| | | |
|---|---|---|
| **Dea-Thorthaí a Sholáthar dár bPobal**  | 1 | Dlús a chur le soláthar digiteach seirbhísí |
| | 2 | Feabhas a chur ar sheirbhísí dár gcustaiméirí |
| | 3 | Seirbhísí a dhéanamh níos inrochtana do chách |
| | 4 | Feabhas suntasach a chur ar chumarsáid agus ar rannpháirtíocht leis an bpobal |
| | 5 | Éifeachtúlacht agus éifeachtacht a bhrú chun cinn |
| **Nuáil dár dTodhchaí**  | 6 | Cultúr nuálaíochta a spreagadh sa tseirbhís phoiblí |
| | 7 | Úsáid sonraí a bharrfheabhsú |
| | 8 | Inniúlacht pleanála straitéisí a fhorbairt |
| | 9 | Comhar uile-rialtais a neartú |
| | 10 | Bainistíocht clár agus tionscadal a leabú |
| | 11 | Cultúr fianaise agus meastóireachta a leabú |
| **Ár bhFoireann agus ár nEagraíochtaí a Fhorbairt**  | 12 | Bainistíocht straitéiseach acmhainní daonna a leabú sa tseirbhís phoiblí |
| | 13 | Pleanáil straitéiseach fórsa saothair a phríomhshruthú sa tseirbhís phoiblí |
| | 14 | Forbairt ghairmiúil atá leanúnach agus freagrúil |
| | 15 | Bainistíocht feidhmíochta a neartú |
| | 16 | Comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn |
| | 17 | Rannpháirtíocht fostaithe a mhéadú |
| | 18 | Cultúr agus luachanna na seirbhíse poiblí a athbhreithniú |

# Caibidil 03

## Dea-Thorthaí a Sholáthar dár bPobal

### Réamhrá

Cuid lárnach den sprioc ardleibhéil maidir le torthaí níos fearr a chur ar fáil don phobal is ea soláthar seirbhíse. Tá cur síos achomair sa chreat ar dhá phríomhghné chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhíse: freagra a thabhairt ar chustaiméirí agus luach ar airgead a chinntiú ó thaobh seirbhísí a sholáthar. Cuireann na huirlisí agus na deiseanna a chruthaíonn forbairtí teicneolaíochta deis ar fáil chun feabhsuithe a dhéanamh ar conas a dhéantar gnó; rannpháirtíocht leis an bpobal a uasmhéadú i ndearadh agus i soláthar seirbhísí agus réitigh bheartais; agus ar deireadh thiar a chinntiú go bhfreastalaíonn na seirbhísí poiblí ar riachtanais phobal na hÉireann.

Tá gníomhartha an cholúin seo dírithe ar cháilíocht na seirbhíse do chustaiméirí a fheabhsú go leanúnach, seirbhísí a dhéanamh níos inrochtana, agus é sin a dhéanamh níos mó is níos mó trí sholáthar digiteach, breis rannpháirtíochta leis an bpobal agus éisteacht lena gcuid tuairimí agus luach ar airgead a chinntiú ag an am céanna. Cuid lárnach de rannpháirtíocht éifeachtach leis an bpobal is ea cumarsáid shoiléir. Tá sé d'aidhm aige go mbeadh soiléireacht ann faoin méid a chuireann an tseirbhís phoiblí ar fáil, tuiscint faoi chinntí beartais agus acmhainní, a chinntiú go mbíonn a fhios ag an bpobal faoina dteidlíochtaí, faoi na seirbhísí atá ar fáil agus faoi conas iad a fháil.

Tá méadú tagtha le blianta beaga anuas ar an méid a bhfuiltear ag súil leis ó sheirbhísí rialtais atá cumasaithe ag teicneolaíocht ós rud é go bhfuiltear tar éis athrú go teicneolaíocht dhigiteach, mar shampla úsáid níos mó agus níos mó a bheith á baint as gléasanna soghluaiste, comhroinnt fhorleathan faisnéise agus samplaí nuálaíochta i seirbhísí mar bhaincéireacht, miondíol agus taisteal. Tá Oifig Phríomhoifigigh Faisnéise an Rialtais (OGCIO) i gceannas ar chur i bhfeidhm Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí, a foilsíodh i 2015. Brúfaidh an straitéis seo timpeallacht dhigiteach chun cinn a bheidh níos comhtháite agus níos comhroinnte agus cinnteoidh sé sin go ndéanfar seirbhísí a sholáthar ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla.

Éachtaí suntasacha ab ea ceapadh na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (NSSO) agus na hOifige um Sholáthar Rialtais (OGP) chun tacú le seirbhísí poiblí a sholáthar ar bhealach níos éifeachtaí de thoradh pleananna athchóirithe roimhe seo. Cinnteoidh an colún seo go ndéanfar iad a neadú agus a leathnú níos mó fós.

Aithníodh cúig ghníomh mar phríomhthosaíochtaí faoin gcolún **Dea-Thorthaí a Sholáthar dár bPobal**. Cé go gcuirfidh na gníomhartha faoi gach colún le baint amach na sé thoradh ardleibhéil don chreat, cuirfidh an colún seo go háirithe le sástacht custaiméirí, le muinín an phobail, le héifeachtacht an rialtais agus le húsáid níos mó a bhaint as seirbhísí digiteacha.

### Gníomh 1: Dlús a chur faoi sholáthar seirbhísí digiteacha

Déanfar seirbhísí nua agus seirbhísí atá ann faoi láthair a sholáthar go digiteacha de réir straitéisí r-Rialtais agus TFC na Seirbhíse Poiblí. Brúfaidh na straitéisí sin timpeallacht dhigiteach chun cinn a bheidh níos comhtháite agus níos comhroinnte agus cinnteoidh siad go ndéanfar seirbhísí a sholáthar ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla. Brúfaidh an OGCIO Digiteach ar dTús ar aghaidh ar fud na seirbhíse poiblí trí Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí agus déanfaidh siad:

- tairseach Dhigiteach Seirbhíse a fhorbairt (ionad ilfhreastail le haghaidh seirbhísí digiteacha), ag baint úsáide as comhairliúchán cuí ar fud an rialtais agus le páirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear an pobal agus/nó a n-ionadaithe;
- faisnéis a thuairisciú maidir le seirbhísí digiteacha atá ann cheana féin agus seirbhísí atá beartaithe;
- scrúdóimid an méid a d'fhéadadh tríú páirtithe iontaofa, mar shampla leabharlanna agus oifigí poist, sheirbhísí digiteacha cuidithe a sholáthar dá n-iarrfadh agus dá n-údaródh saoránach é sin;
- oibriú le Bord Bainistíochta na Státseirbhíse agus leis an Aire Stáit um r-Rialtas chun feabhas leanúnach a chur ar fheasacht faoi sheirbhísí digiteacha an Rialtais;
- leanúint ar aghaidh ag obair leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí chun fíorú céannachta a fheabhsú ar fud na seirbhíse poiblí agus cur le glacadh MyGovID chun seirbhísí rialtais ar líne a bheidh sábháilte agus slán a

sholáthar dár ndaoine agus chun réimse na seirbhísí poiblí atá ar fáil ar líne a leathnú;

- oibriú leis an Roinn Gnóthaí, Fiontar agus Nuálaíochta agus le comhlachtaí eile na seirbhíse poiblí ar aitheantóir uathúil i gcomhair gnóthas chun idirghníomhaíocht fheabhsaithe leis an Rialtas a chumasú; agus
- reachtaíocht a chur chun tosaigh chun comhroinnt sonraí a spreagadh agus a chur chun cinn idir comhlachtaí poiblí tríd an mBille um Rialú agus Roinnt Sonraí. Cinnteoidh sé seo go roinnfear sonraí chun críocha dlisteanacha a bheidh sonraithe go soiléir agus go gcomhlíonfar an dlí um chosaint sonraí. Feabhsóidh sé cosaint chearta príobháideachta daoine aonair trí chaighdeáin rialachais nua a leagan síos maidir le sonraí a roinnt agus a bhainistiú ag comhlachtaí poiblí.

Aithnítear sa chur chuige seo nach bhfuil na seirbhísí go léir oiriúnach lena sholáthar go digiteach agus nach féidir le gach custaiméir déileáil go digiteach leis an Rialtas nó nach ndéanfaidh siad go léir é sin. Ní chiallaíonn Digiteach ar dTús digiteach amháin agus aithnítear é sin i *nGníomh 3: Féach chuige go bhfuil seirbhísí ar fáil go héasca ag gach duine.*

Úsáidfear táscairí an AE maidir leis an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach agus táscairí r-Rialtais chun rath a thomhas. Áireofar sa tsraith táscairí de réir mar is cuí:

- an leas a bhain daoine (de gach aoisghrúpa) as seirbhísí r-Rialtais le 12 mhí anuas;
- leibhéal na n-amas ar Thairseach na Seirbhíse Digití;
- líon na ndaoine aonair a bhí ag idirghníomhú ar líne le húdaráis phoiblí le 12 mhí anuas;
- líon na ndaoine aonair a chuir foirmeacha comhlánaithe isteach chuig údaráis phoiblí ar an idirlíon le 12 mhí anuas; agus
- sástacht chustaiméirí maidir le seirbhísí digiteacha.

**CÁS-STAIDÉAR:**

Pas Ar Líne-An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála




Seoladh an tSeirbhís um Athnuachan Pasanna do Dhaoine Fásta i mí an Mhárta 2017. Cuireann an tseirbhís ar chumas iarratasóirí iarratais iomlána, lena n-áirítear grianghraif dhigiteacha, a chur isteach ar líne ó cibé áit a bhfuil siad ar fud an domhain. Tá an tseirbhís furasta le húsáid agus nuálach. Éascaíonn sé uaslódáil grianghraf digiteach ón mbaile, trí chógaslann nó trí bhoth dhigiteach grianghraf 'Photo-Me'.

Is féidir an próiseas a chomhlánú de ghnáth laistigh de chúig nóiméad déag agus tá feabhas mór tagtha ar luas agus próiseáil na n-iarratas. Go dtí seo eisíodh os cionn 86,000 pas agus 28,000 cárta pas i ndiaidh iarratas ar líne agus is dócha go mbainfidh an tSeirbhís Phas amach an sprioc maidir le 120,000 iarratas a fháil ar líne (nó 30% de na hathnuachaintí go léir) laistigh de bhliain amháin ón seoladh.

**CÁS-STAIDÉAR:**

Seirbhís Ríomh-ghrinnfhiosraithe an Gharda Síochána-An Garda Síochána



Is riachtanas dlíthiúil é go ndéanfaidh An Garda Síochána grinnfhiosrú ar aon duine a bheidh ag obair le leanaí nó le daoine fásta leochaileacha sula dtosaíonn siad ag obair. Ós rud é go bhfuil fás as cuimse ag teacht ar an éileamh ar ghrinnfhiosrú le blianta beaga anuas, sheol An Garda Síochána a seirbhís ríomh-ghrinnfhiosraithe in 2016.

Bíonn an tseirbhís nua ar líne seo ar fáil de lá is d'oíche 7 lá na seachtaine agus cuireann sí ar chumas daoine a bhfuil grinnfhiosrú an Gharda Síochána riachtanach dóibh na doiciméid riachtanacha a chomhlánú ó áit ar bith ar fud na cruinne. Tá an tseirbhís nua i ndiaidh an phróisis 34 chéim a bhí ann roimhe seo a shimpliú go próiseas 14 chéim i bhfoirm leictreonach. Bíonn an bailíochtú áisiúil don úsáideoir agus déantar rianú fíor-ama ar iarratais. Tá feabhas suntasach tagtha ar agaí comhlánaithe a thógadh thart ar 19 seachtaine roimhe seo, agus bíonn 80% de na hiarratais scrúdaithe anois laistigh de 5 lá oibre. Bhuaigh an tseirbhís nua ar líne dhá dhuais freisin ag Dámhachtainí r-Rialtais 2017.

## Gníomh 2: Seirbhísí a fheabhsú dár gcustaiméirí

Cabhróidh an gníomh seo chun seirbhís ardchaighdeáin a chur ar fáil don phobal agus a chinntiú go mbeidh uirlisí éifeachtacha aiseolais i bhfeidhm chun suirbhé a dhéanamh ar thaithí na gcustaiméirí, réimsí a aithint ar gá iad a fheabhsú agus seiceáil ina dhiaidh sin ar cuireadh na feabhsúcháin sin i gcrích. Beidh an Oifig Athchóirithe agus Seachadta (RDO) sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm, i gcomhar leis na heagraíochtaí seirbhíse poiblí atá os comhair na gcustaiméirí. Chun an gníomh seo a chur i bhfeidhm:

- cuirfidh eagraíochtaí seirbhíse poiblí oiliúint ar fáil chun feabhas a chur ar chaighdeán agus ar chomhsheasmhacht na rannpháirtíochta le custaiméirí ar fud na seirbhíse poiblí agus díreofar go speisialta ar fhoireann agus ar bhainisteoirí sna seirbhísí líne tosaigh trí leas a bhaint, mar shampla, as an gclár *OneLearning* a chuimsíonn an státseirbhís;
- déanfaidh eagraíochtaí seirbhíse poiblí breithniú ar Chláir um Dhearbhú Cáilíochta a chur i bhfeidhm in eagraíochtaí seirbhíse poiblí nach bhfuil siad iontu cheana féin, chun cáilíocht na seirbhísí a dhearbhú;
- déanfaidh an Líonra um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí (QCSN) athbhreithniú ar a ról agus ar a bhfreagrachtaí d'fhonn comhsheasmhacht a fheabhsú sa tseirbhís do chustaiméirí agus maidir le rannpháirtíocht custaiméirí, lena n-áirítear dea-chleachtas a aithint i seirbhísí do chustaiméirí agus rudaí a foghlaimíodh a roinnt ar fud na seirbhíse poiblí;
- déanfaidh eagraíochtaí seirbhíse poiblí athbhreithniú ar a gcairteacha custaiméirí agus cinnteoidh siad go bhfuil siad uaillmhianach agus go léiríonn siad a dtiomantas maidir le feabhsú leanúnach a dhéanamh ar sholáthar seirbhíse;
- leanfaidh eagraíochtaí seirbhíse poiblí ar aghaidh ag úsáid suirbhéanna faoi shástacht na gcustaiméirí agus uirlisí mar fhócasghrúpaí, chun aiseolas díreach a fháil ó chustaiméirí. Cabhróidh an gníomh seo le gníomh 4 a chur i gcrích freisin: *Feabhas suntasach a chur ar chumarsáid agus ar rannpháirtíocht leis an bpobal;*
- déanfaidh eagraíochtaí na seirbhíse poiblí a fhaigheann tacaíocht ón Oifig Athchóirithe agus Seachadta, torthaí an aiseolais sin ó chustaiméirí

a mheas chun léargas a fháil ar chaighdeán na seirbhíse a thugtar do chustaiméirí agus chun bonn eolais a chruthú le haghaidh malartuithe breise tras-earnála faoi conas na leibhéil sástachta a fheabhsú, agus cur chuige comhoibríoch, nuálach a fhorbairt chun freastal ar riachtanais úsáideoirí; agus

» leanfaidh an Oifig Athchóirithe agus Seachadta ar aghaidh ag obair chun comhdháil Bhliantúil um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí a eagrú chun dea-chleachtas a roinnt agus deiseanna líonraithe a sholáthar d'oifigigh seirbhísí do chustaiméirí ar fud na seirbhíse poiblí.

Chun rath an ghnímh seo a thomhas, déanfar táscairí oiriúnacha a aithint nó a fhorbairt, agus féadfaidh siad seo a leanas a bheith san áireamh orthu de réir mar is cuí:

» an céatadán de bhall foirne na líne tosaigh agus de bhainisteoirí a fhaigheann oiliúint faoi chumarsáid agus seirbhís do chustaiméirí;

» líon na gcairteacha custaiméirí a foilsíodh; agus

» sástacht chustaiméirí bunaithe ar shuirbhéanna feiliúnacha agus uirlisí eile.

**CÁS-STAIDÉAR:**

Seirbhís Náisiúnta Otharcharranna



Tá flít 500 feithicil á fheidhmiú ag Seirbhís Náisiúnta Otharcharranna i níos mó ná 100 áit ar fud na tíre. Tá clár athchóirithe suntasach á chur i gcrích sa tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna a chuimsíonn bonneagar teicneolaíochta nua digiteach, ardchórais um sheachadadh de réir tosaíochta agus lárionaid nua ceannais agus comhordaithe.

Chuir an tSeirbhís 91 fheithicil nua leis an bhflít in 2017. Bhuaigh siad dámhachtain fuinnimh inmharthana Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ESAI) le déanaí de bharr éifeachtacht fuinnimh na bhfeithiclí nua, lena n-áirítear painéil ghréine agus gnéithe eile chun fuinneamh a spáráil. Cuid d'obair leanúnach is ea an tionscnamh seo chun seirbhís shábháilte agus sofhreagrach a sholáthar a dhíreoidh ar ardfheidhmíocht agus ar éifeachtúlacht agus é ag déileáil le héileamh atá ag méadú ar sheirbhísí atá dírithe ar an othar.

## Gníomh 3: Féach chuige go bhfuil seirbhísí ar fáil go héasca ag gach duine

Ba cheart go mbeadh gach duine den phobal in ann na seirbhísí poiblí go léir a rochtain go héasca, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil riachtanais éagsúla acu agus imircigh agus daoine i gcásanna leochaileacha, beag beann ar theanga, cultúr, litearthacht nó cumas. Cuimsíonn straitéisí uile-rialtais mar an *Straitéis um Lánpháirtiú Imirceach, 2017-2020 agus an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Lucht Míchumais,* 2017-2021 gníomhartha a ceapadh lena chinntiú go bhfuil seirbhísí poiblí ar fáil ag gach duine, go háirithe do ghrúpaí a bhfuil riachtanais ar leith acu.

Beidh eagraíochtaí seirbhíse poiblí freagrach don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais i gcónaí maidir leis an gcaoi a gcuireann siad straitéisí uile-rialtais i bhfeidhm sa réimse seo agus ina theannta sin:

- déanfaidh siad seirbhísí a dhearadh sa chaoi go mbeidh gach duine in ann iad a fháil go héasca, agus riachtanais éagsúla na gcustaiméirí a chur san áireamh. Cur chuige nuálaíoch atá ag teacht chun cinn is ea dearadh seirbhíse mar bhealach chun feabhas a chur ar sheirbhísí poiblí trína ligtear don phobal a bheith páirteach i ndearadh seirbhísí poiblí ón tús (féach Gníomh 4);
- úsáid a bhaint as teanga shimplí mar atá leagtha amach sa Treoirlíne Stíle um Béarla Simplí don tSeirbhís Phoiblí *(Plain English Style Guide for the Public Service)* a d'ullmhaigh an Oifig Athchóirithe agus Seachadta sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun eispéireas na gcustaiméirí a fheabhsú agus an gá a bhíonn ag daoine teagmháil a dhéanamh arís agus arís eile a laghdú. Tá leideanna le fáil i bhfoilseachán Bhreacadh, *Cuir Tú Féin in Iúl/Get Your Message Across,* maidir le teanga shoiléir a úsáid nuair a bhíonn Gaeilge á scríobh;
- a chinntiú go bhfuil seirbhísí poiblí ar fáil as Gaeilge, ar aon dul lena moltar sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, 2010-2030;*
- feabhas a chur ar idirghníomhaíocht duine le duine le custaiméirí, ar an teileafón, i scríbhinn agus ar an ngréasán. Tá comhairle le fáil sa *Lámhleabhar um Uirlisí Chumarsáide le Custaiméirí don tSeirbhís Phoiblí* ar conas feabhas a chur ar inrochtaineacht sna modhanna cumarsáide go léir leis an bpobal; agus
- tacú le custaiméirí rochtain a fháil ar sheirbhísí digiteacha an Rialtais. Mar shampla, tá an clár *Getting Citizens Online* dírithe ar dhaoine a spreagadh agus a chumasú chun páirt iomlán a ghlacadh in eacnamaíocht agus i sochaí dhigiteach na hÉireann. Oibríonn an tAonad um Eisiamh Digiteach sa Roinn Cumarsáide, Gníomhaíocht Aeráide agus Comhshaoil leis an OGCIO chun an clár sin a chur i bhfeidhm.

Chun rath a thomhas maidir leis an ngníomh seo, déanfar táscairí oiriúnacha a aithint nó a fhorbairt agus féadfaidh siad seo a leanas a bheith san áireamh de réir mar is cuí:

- inrochtaineacht na seirbhíse faoi mar a léirítear é sna torthaí ó shuirbhéanna ar shásamh custaiméirí agus uirlisí bainteacha eile, mar shampla grúpaí fócais;
- líon na n-eagraíochtaí a fhaigheann oiliúint maidir le teanga shimplí a úsáid; agus
- aiseolas ón bpobal maidir le húsáid Teanga Simplí i nGaeilge agus i mBéarla mar a léirítear é sna torthaí ó shuirbhéanna ar shástacht chustaiméirí.

**CÁS-STAIDÉAR:**

### Plean Rochtana Náisiúnta don Tréimhse 2015-2019 - An tÚdarás Ardoideachais




Is é aidhm an *Phlean Náisiúnta um Chothromas Rochtana ar Ardoideachas 2015-2019* ná tacú le rochtain mhéadaithe agus le rannpháirtíocht méadaithe san ardoideachas ag sé phríomh-spriocghrúpa, lena n-áirítear foghrúpaí ar nós tuismitheoirí aonair agus imircigh leochaileacha. Tá táscairí feidhmíochta ag baint le cúig sprioc tosaíochta an Phlean, ionas gur féidir dul chun cinn a thomhas go cruinn.

I measc na ngníomhartha sin tá dul i ngleic le heaspa dul chun cinn; córas a fhorbairt chun aitheantas a thabhairt d'fhoghlaim roimhe sin; athbhreithniú a dhéanamh ar an gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas; agus bearta a fhorbairt chun déileáil go díreach le pobail a bhfuil rátaí rannpháirtíochta ísle acu. Táthar ag súil go dtosófar athbhreithniú meántéarma faoi dheireadh 2017 agus go soláthróidh sé sonraí cothrom le dáta maidir le dul chun cinn agus go cabhróidh sé lena chinntiú go mbeidh céatadán na mac léinn a théann i mbun ardoideachais agus a chloíonn leis ag teacht go cruinn le leibhéil san daonra náisiúnta.

# Gníomh 4: Feabhas suntasach a chur ar chumarsáid agus ar rannpháirtíocht leis an bpobal

Ba cheart go mbeadh ionchur níos mó ag an bpobal agus ag gnólachtaí i bpleanáil, dearadh, cur i bhfeidhm agus athbhreithniú seirbhísí poiblí. Feabhsóidh an gníomh seo rannpháirtíocht agus cuntasacht maidir le soláthar seirbhísí poiblí. Beidh baint ag gach eagraíocht seirbhíse poiblí leis an ngníomh seo a chur i bhfeidhm i gcomhar leis an Aonad um Chumarsáid Straitéiseach a bunaíodh le déanaí i Roinn an Taoisigh agus i nGréasán na nOifigeach Preasa. Chun an gníomh seo a chur i bhfeidhm tá dhá fhoghníomh ann.

## 4a: Rannpháirtíocht

- Leanfaidh eagraíochtaí seirbhíse poiblí ar aghaidh ag feabhsú rannpháirtíochta leis an bpobal agus le gnólachtaí trí mheicníochtaí mar dhíospóireachtaí oscailte beartais, fócasghrúpaí, seimineáir, na meáin shóisialta agus réitigh a fháil ón bpobal agus ó acadamhaithe, cleachtóirí agus saineolaithe. Cabhróidh na rudaí a fhoghlaimeofar ó na grúpaí chun cur chuige nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir le dearadh, meastóireacht, comhairliúchán agus cur i bhfeidhm beartas.
- Leanfar ar aghaidh ag forbairt agus ag neartú Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí atá bunaithe anois i ngach ceantar de chuid na nÚdarás Áitiúil chun meicníocht a sholáthar le haghaidh rannpháirtíocht saoránach, trína gcinnteofar go gcloisfear guthanna mhuintir na háite maidir le cinntí ar an leibhéal áitiúil.
- Leanfaidh eagraíochtaí seirbhíse poiblí ar aghaidh ag feabhsú rannpháirtíochta le daoine aonair maidir leis na seirbhísí sin ina bhféadfar torthaí níos fearr a bhaint amach tríd an tseirbhís a dhearadh ar bhunús na riachtanas sonrach atá ag daoine aonair. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh ar bhunús na hoibre atá déanta cheana san earnáil sláinte.

Leanfaidh seirbhísigh poiblí *Prionsabail agus Treoracha maidir le Comhairliúcháin Phoiblí 2016.* Ag an leibhéal lárnach, déanfar láithreán gréasáin comhairliúcháin a fhorbairt a bheidh ag teacht *le Plean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le Rialtas Oscailte 2016-2018* chun go mbeidh sé níos fusa chomhairliúcháin a rochtain.

- Reáchtálfaidh eagraíochtaí seirbhíse poiblí suirbhéanna custaiméirí go rialta chun réimsí a aithint ina bhféadfar seirbhísí a fheabhsú agus déanfar na torthaí a sheoladh ar ais chuig an rialtas láir.
- Forbróidh an RDO sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe cás-staidéir le foilsiú in 2018 ina léireofar dea-chleachtas maidir le rannpháirtíocht phoiblí ó áiteanna éagsúla ar fud na seirbhíse poiblí.

## 4b: Cumarsáid

- Cuirfidh eagraíochtaí seirbhíse poiblí léarscáil shoiléir ar fáil de na seirbhísí a sholáthraíonn siad ar leathanach baile a láithreán gréasáin ionas gur féidir le custaiméirí na seirbhísí cearta a rochtain ar bhealach tráthúil.
- Beidh straitéisí cumarsáide éifeachtacha i bhfeidhm ag eagraíochtaí seirbhíse poiblí a bhíonn ag déileáil go díreach le custaiméirí agus bainfidh siad leas as modhanna nua agus as modhanna traidisiúnta chun cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach.
- Díreoidh an tAonad um Chumarsáid Straitéiseach ar chumarsáid an Rialtais a shimpliú agus ar éifeachtúlachtaí a mhéadú ar fud na hearnála poiblí agus iad ag plé le pobal na hÉireann. Déanfaidh siad cumarsáid do shaoránaigh a shimpliú, déanfaidh siad feachtais mhóra chumarsáide tras-Rialtais a fhorbairt agus a chur ar fáil agus feabhsóidh siad an cumas cumarsáide ar fud an Rialtais.

Chun an rath a bheidh ar an ngníomh seo a thomhas aithneofar agus forbrófar táscairí oiriúnacha agus féadfar iad seo a leanas a bheith san áireamh de réir mar is cuí:

- líon na bhfreagraí ar chomhairliúcháin phoiblí. Seolfaidh na Ranna tuairisc ar an gcaoi a gcuirtear comhairliúcháin seirbhíse poiblí i bhfeidhm agus ar leibhéil rannpháirtíochta an phobail, idir dhaoine aonair agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta; agus
- torthaí na suirbhéanna ar chustaiméirí gnó, ar an bpobal agus ar ghrúpaí fócais maidir le saincheisteanna a bhaineann le cumarsáid agus le rannpháirtíocht.

**CÁS-STAIDÉAR:**

Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas 'An áit a dtéann do chuid airgid'




Tá sé tábhachtach go n-inseodh údaráis áitiúla an chaoi a bhfuil tionchar praiticiúil acu ar shaol na ndaoine ina bpobail. Cé go bhfuil nuachtlitreacha, na meáin shóisialta agus tairseacha comhairliúcháin tábhachtach, is minic a bhíonn tionchar teoranta acu. D'fhonn cumarsáid níos dírí a bheith acu leis an bpobal, chinn Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas in 2015 grafaic faisnéise simplí a sheoladh chuig gach teaghlach faoin gcaoi a gcaitear airgead ar mhaithe leis na pobail áitiúla. Cuireadh an Cháin Mhaoine Áitiúil san áireamh sa tionscnamh sin agus leagadh béim ar an gcaoi a n-úsáidtear airgead poiblí ar an leibhéal áitiúil. Tugadh freagra an-dearfach ar an mbróisiúr *An Áit a Théann do Chuid Airgid* toisc gur léirigh sé tiomantas na Comhairle Contae maidir le trédhearcacht agus cuntasacht.

**CÁS-STAIDÉAR:**

Seoladh HSELive




Is minic a bhíonn sé casta gluaiseacht tríd an gcóras sláinte agus mar sin tá FSSBeo (HSELive) cruthaithe ag FSS chun treoir agus tacaíocht a thairiscint do dhaoine faoi sheirbhísí sláinte a rochtain. Seirbhís phoiblí ilardán faisnéise agus treorach é FSSBeo a insíonn do dhaoine cén áit ar cheart dóibh dul agus cad atá le déanamh acu chun na seirbhísí a theastaíonn uathu féin agus óna dteaghlaigh a fháil.

Seoladh FSSBeo mí Mheán Fómhair 2017. Bhíothas ag smaoineamh ar an úsáideoir deiridh nuair a bhí sé á dhearadh acu chun faisnéis a sholáthar don phobal ar bhealach a d'oirfeadh dóibh faoi na seirbhísí sláinte agus cá bhfuil siad ar fáil. Cuimsíonn sé feidhm ComhráBeo (LiveChat) ar HSE.ie agus freagraítear ceisteanna ón bpobal ar Twitter freisin. Bíonn foireann FSSBeo ar fáil sé lá sa tseachtain.

# Gníomh 5: Éifeachtacht agus éifechtúlacht a bhrú chun cinn

Tá sé de dhualgas ar gach eagraíocht phoiblí in Éirinn déileáil go cúramach le cistí poiblí agus a chinntiú go bhfaightear an luach is fearr is féidir ar airgead nuair a chaitear nó nuair a infheistítear airgead poiblí. Cinnteoidh foghníomh 5a go leagfar béim leanúnach ar a chinntiú go gcloífear le prionsabail maidir le luach ar airgead ar fud na seirbhíse poiblí. Mar chuid den chur chuige níos leithne seo maidir le luach ar airgead a fháil, tacaíonn gníomhartha eile sa chreat seo leis an gcur chuige sin, go háirithe *Gníomh 11: Cultúr fianaise agus meastóireachta a neadú.* Tugadh isteach seirbhísí comhroinnte agus soláthar láraithe i gcéimeanna níos luaithe an athchóirithe agus déanfar iad a chomhtháthú tuilleadh i ngníomhartha na seirbhíse poiblí agus a leathnú amach go gcuimseoidh siad réimsí nua. Leanfaidh an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (NSSO) agus an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) ar aghaidh ag cruthú seirbhíse poiblí níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla tríd an dá fhoghníomh seo a leanas; (b) an luach ó sheirbhísí comhroinnte a fheabhsú agus (c) soláthar láraithe a neadú mar chóras ar fud na seirbhíse poiblí.

## 5a: Luach ar Airgead

Lena chinntiú go mbeidh cur chuige comhsheasmhach, láidir i bhfeidhm chun go n-úsáidfear cistí poiblí go héifeachtach agus go héifeachtúil, déanfaidh gach eagraíocht phoiblí:

- deimhin de go bhfaightear luach ar airgead trí cheanglais an Chóid Caiteachais Phoiblí a chomhlíonadh. Tá na heilimintí uile den chreat maidir le luach ar airgead a bhí i bhfeidhm go dtí seo tugtha le chéile sa chód sin agus rinneadh iad a nuashonrú agus a leasú ar roinnt bealaí éagsúla; agus
- táscairí agus méadrachtaí cuí a aithint chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht a gcaiteachais a mheas de réir dea-chleachtais idirnáisiúnta.

Déanfar táscairí oiriúnacha a aithint nó a fhorbairt chun rath a thomhas sa réimse seo, agus féadfar iad seo a leanas a bheith san áireamh de réir mar is cuí:

» déanfar monatóireacht ar an gcaoi a gcloítear leis an gCód Caiteachais Phoiblí trí:
    - tuairiscí ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste;
    - anailís a dhéantar mar chuid den phróiseas Athbhreithnithe Caiteachais;
    - sonraí agus faisnéis faoi fheidhmíocht bhuiséadaithe; agus
    - meastóireacht agus anailísí eile mar Mheasúnuithe Dírithe Beartais.

## 5b: An luach a fhaightear ó sheirbhísí comhroinnte a fheabhsú

Athraíonn seirbhísí comhroinnte na feidhmeanna oibriúcháin laethúla a bhíonn ar siúl i ngach Roinn agus, trí chlár maidir le próiseáil a chaighdeánú agus córais a chomhdhlúthú, agus trí leibhéil uathoibrithe agus féinseirbhíse níos airde, cuidíonn siad le Ranna Rialtais agus le comhlachtaí seirbhíse poiblí díriú ar sheirbhísí líne tosaigh a sholáthar go héifeachtach. Ar an gcaoi seo cabhraíonn seirbhísí roinnte leis an tseirbhís phoiblí níos mó seirbhísí agus seirbhísí níos fearr a chur ar fáil do dhaoine agus do ghnólachtaí. Déanfaidh an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (NSSO):

» na Lárionaid Seirbhíse Comhroinnte Airgeadais a bhunú agus beidh na Ranna agus na heagraíochtaí tosaigh uile páirteach iontu;

» an luach a mhéadú ó na Lárionaid Seirbhíse Roinnte atá ann cheana nó ag teacht chun cinn;

» anailís sonraí a fhorbairt chun go mbeidh léargas níos fearr ag lucht bainistíochta;

» próisis chúloifige a dhigitiú agus a chaighdeánú nuair is féidir; agus

» dúbailt feidhmeanna a laghdú tuilleadh agus próisis a shimpliú.

Go sonrach, déanfar an rath a bheidh ar shamhail na seirbhíse roinnte a thomhas ar na bealaí seo a leanas:

» seirbhís feabhsaithe do chustaiméara , trí mhéadrachtaí tuairiscithe ar leith, fianaise faoi rannpháirtíocht feabhsaithe na gcliant agus leas níos mó a bheith á bhaint as feidhmiúlacht féinseirbhíse;

» costas laghdaithe in aghaidh na hidirghníomhaíochta nuair a bhíonn Lárionaid Seirbhíse Roinnte ag feidhmiú faoi lán seoil;

» agaí freagartha laghdaithe ar cheisteanna aonair; agus

» laghdú ar an méid idirghníomhaíochta in aghaidh na ceiste.

**CÁS-STAIDÉAR:**

Lárionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla - Oifig Náisiúnta na Seirbhísí Comhroinnte



Cuireadh Oifig Phárolla na gCoimisinéirí Ioncaim isteach sa Lárionad um Sheirbhísí Comhroinnte Párolla. Ceann de na buntáistí a bhain leis an aistriú chuig Seirbhísí Comhroinnte ná gur scaoileadh saor foireann na gCoimisinéirí Ioncaim ó bheith ag obair ar chúrsaí párolla. Chuir sé seo ar chumas Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim a chuid acmhainní a dhíriú ar a bpríomhchuspóirí agus na seirbhísí tosaigh a bhí á gcur ar fáil acu a mhéadú, rud a théann go díreach chun tairbhe an phobail. D'aistrigh na Coimisinéirí Ioncaim na baill foirne a bhí ag riar párolla ón obair sin go tacú le riar cúrsaí maidir le bailiú Cánach Maoine Áitiúla.

## 5c: Neadaigh samhail an tsoláthair láraithe ar fud na Seirbhíse Poiblí

Is é an toradh a bhíonn ar an tsamhail soláthair láraithe le haghaidh earraí agus seirbhísí ná go mbíonn breis gairmiúlachta ann maidir le soláthar poiblí, laghdaítear an riosca don Stát, cuirtear ar aghaidh agus feabhsaítear comhlíonadh rialacha soláthair, neartaítear bailiú agus anailís sonraí sa chaoi go mbíonn breis eolais ar fáil faoi phróisis soláthair agus faigheann an cáiníocóir luach níos fearr ar airgead. Beidh an OGP ar thús cadhnaíochta sa ghníomh seo, oibreoidh siad lena comhpháirtithe sna hearnálacha Sláinte, Oideachais, Cosanta agus Rialtais Áitiúil chomh maith le hOifigí agus Ranna ar fud na seirbhíse poiblí agus leanfaidh siad ar aghaidh ag obair chun:

- socruithe láraithe nua a fhorbairt chun earraí agus seirbhísí a sholáthar agus oibreoidh siad le comhlachtaí poiblí chun go n-úsáidfear iad ar fud na seirbhíse poiblí; oibreoidh siad i gcomhar le comhlachtaí ar nós Fiontraíocht Éireann agus Idir-Thrádáil Éireann chun soláthraithe a mhúineadh conas tairiscintí a dhéanamh i leith conarthaí Rialtais chun go mbeidh siad in ann deiseanna maidir le soláthar poiblí a thapú;
- oibreoidh siad i gcomhar le hionadaithe tionscal trí Ghrúpa Oibre na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (FBM) chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní atá acu maidir le rochtain a fháil ar dheiseanna maidir le soláthar poiblí agus maidir le tionchar an tsoláthair láraithe ar FBManna, chomh maith le feasacht na FBManna a spreagadh maidir le rannpháirtíocht le soláthar poiblí;
- polasaithe, próisis agus nósanna imeachta coiteanna a neartú chun rialacha náisiúnta agus rialacha an AE a chomhlíonadh;
- neartú a dhéanamh ar ghairmiúlacht soláthair phoiblí ar fud na seirbhíse poiblí;
- straitéis mheántéarma a fhorbairt maidir le tionscadail oibreacha poiblí a fháil;
- oibriú le páirtithe leasmhara chun anailísíocht sonraí maidir le caiteachas ar earraí agus seirbhísí a fheabhsú;
- tacaíocht a thabhairt do phríomhthionscnaimh an Rialtais ina bhfuil gá le scileanna tráchtála agus soláthair; agus
- tacú le ceanglais bheartais phoiblí níos leithne.

Déanfar rath na samhla um sholáthar láraithe a thomhas trí:

- infhaighteacht comhaontuithe creatlaí agus conarthaí le haghaidh earraí agus seirbhísí a shásaíonn riachtanais na gcomhlachtaí seirbhíse poiblí;
- cur chuige cothrom a bhaint amach maidir le soláthar poiblí trína gcuirtear san áireamh luach ar airgead a bheith á fháil ag comhlachtaí seirbhíse poiblí agus rochtain a bheith ag fiontair bheaga, mheánmhéide agus mórscála ar dheiseanna maidir le soláthar poiblí;
- gairmiúlacht bhreise maidir le soláthar poiblí ar fud na seirbhíse poiblí agus shaineolas a bheith ar fáil faoi sholáthar chomh maith le treoir maidir le soláthar poiblí agus teimpléid ar fhurasta iad a úsáid ag comhlachtaí seirbhíse poiblí; agus
- léargas níos fearr ar chaiteachas ar earraí agus seirbhísí ar fud na seirbhíse poiblí chun go bhféadfaidh an OGP agus a comhpháirtithe socruithe soláthair spriocdhírithe agus cuí a chur i bhfeidhm.

**CÁS-STAIDÉAR:**

### Geataí Uathoibríocha um Rialú Teorann - An OGP thar ceann na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais




Rinne foireann ilghníomhaireachta, faoi stiúir an OGP, an idirbheartaíocht chun geataí uathoibríocha um rialú teorann a sholáthar ag aerfort Bhaile Átha Cliath, mar aon le roghanna le haghaidh geataí ag bealaí iontrála eile na hÉireann agus seirbhísí gaolmhara eile.

Cuirfidh an tionscadal ríomh-Gheataí le cumas agus le slándáil seirbhís inimirce an Stáit agus beidh eispéireas níos fearr ag paisinéirí trí fhéinseirbhís a úsáid agus toisc go ngluaisfidh siad níos tapúla tríd an bpróiseas inimirce.

Cuireadh réiteach nuálach ardcháilíochta ar fáil in am ar chostas an-iomaíoch. Bhí an cur chuige comhoibríoch a ghlac foireann an tionscadail ríthábhachtach ó thaobh a chinntiú gur baineadh amach cuspóirí an tionscadail.

# Caibidil 04
# Nuáil dár dTodhchaí

## Réamhrá

Tá an timpeallacht ina bhfeidhmíonn an tseirbhís phoiblí ag éirí níos casta agus níos idirnasctha i gcónaí. Neartóidh na gníomhartha sa cholún seo na straitéisí, na struchtúir agus na huirlisí a úsáideann an tseirbhís phoiblí chun freagra a thabhairt ar na dúshláin sin sa mheántéarma agus sa bhfadtéarma. Tacóidh na gníomhartha sin le comhoibriú, le nuálaíocht agus le réiteach fadhbanna, agus cinnteoidh siad go n-úsáidtear sonraí agus teicneolaíochtaí nua chun na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach. Cothóidh comhoibriú agus comhar feabhsaithe ar fud na seirbhíse poiblí nuálaíocht agus tá siad ríthábhachtach ó thaobh rath a bheith ar chreataí beartais ar an leibhéal náisiúnta agus ar go leor straitéisí earnála. Dlúthchuid den chur chuige sin is ea dearcadh coiteann a fhorbairt maidir leis na saincheisteanna polasaí ar gá aghaidh a thabhairt orthu. Gnéithe eile den chur chuige is ea freagra comhtháite, comhordaithe agus comhoibríoch a fhorbairt ar fud eagraíochtaí seirbhíse poiblí, agus go mbeadh siad ag obair le chéile chun fadhbanna comhroinnte a réiteach agus chun torthaí rathúla earnála agus tras-earnála a bhaint amach.

Cuireann na gníomhartha sin cur chuige bunaithe ar fhianaise chun cinn maidir le dearadh agus soláthar na seirbhísí poiblí agus leagtar béim ar shonraí agus faisnéis a chur i dtoll a chéile agus a anailísiú, bearnaí a aithint i sonraí nó in anailís sonraí agus díriú ar chórais a thógáil agus ar chumas a mhéadú chun bearnaí a cheartú.

Is minic a bhíonn nuálaíocht agus comhoibriú níos follasaí agus an tionchar is mó acu nuair a dhéantar iad níos gaire do na háiteanna ina gcuirtear seirbhís ar fáil. Is éard atá i gceist le bogadh ar aghaidh go cultúr nuálaíochta níos leithne ná ceachtanna agus taithí na ndaoine sin a fhoghlaim a úsáideann meáin nuálacha chun soláthar seirbhíse a fheabhsú. Is éard a chiallaíonn cultúr nuálaíochta a chothabháil agus a leathnú ar fud na seirbhíse poiblí ná a chinntiú gur féidir ceachtanna a roinnt agus leas a bhaint ar bhealach córasach as an dlús atá curtha faoi dhul chun cinn ag tionscnaimh aonair. Ciallaíonn nuálaíocht freisin rioscaí bainistithe a ghlacadh a bhfuil tacaíocht ón lucht ceannaireachta agus ón lucht bainistíochta riachtanach dóibh.

Aithníodh sé ghníomh mar phríomhthosaíochtaí faoin gcolún **Nuáil dár dTodhchaí**. Cé go gcuirfidh na gníomhartha faoi na colúin go léir le baint amach sé thoradh ardleibhéil an chreata, cuirfidh an colún seo go háirithe le sásamh custaiméirí agus le héifeachtúlacht an rialtais agus le caighdeán feabhsaithe i seirbhísí tábhachtacha poiblí.

## Gníomh 6:
## Cultúr nuálaíochta a spreagadh sa tseirbhís phoiblí

Cuspóir tábhachtach an chreata seo is ea nuálaíocht a spreagadh ar fud na seirbhíse poiblí agus roghanna éagsúla a chur chun cinn maidir le soláthar seirbhíse. Tá an domhan mór ag athrú agus má tá eagraíochtaí seirbhíse poiblí le fanacht ábhartha caithfidh siad leanúint ar aghaidh ag ceapadh agus ag athrú. Tugadh aitheantas do nuáil a rinneadh ar fud na seirbhíse poiblí trí dhámhachtainí náisiúnta agus idirnáisiúnta nuála agus barr feabhais. Is minic a bhíonn nuálaíocht agus comhoibriú an-éifeachtach nuair a bhíonn siad níos gaire do sholáthar seirbhíse agus ní mór é seo a chumasú go lárnach chun cultúr nuálaíochta láidir agus inbhuanaithe a thógáil ar fud na seirbhíse poiblí ar fad. Ina theannta sin, is minic a bhíonn sé riachtanach dul sa seans chun bealaí nuálacha a thástáil ar bhonn píolótach agus leas a bhaint as samhlacha seachadta éagsúla. Chuige sin ní mór tacaíocht a fháil ó lucht ceannaireachta agus ó lucht bainistíochta.

Beidh an Oifig Athchóirithe agus Seachadta (RDO) sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe freagrach as comhordú a dhéanamh ar an ngníomh seo agus:

- déanfaidh siad líonra a bhunú maidir le nuálaíocht ar a mbeidh saineolaithe ón earnáil phoiblí, ón saol acadúil agus ón earnáil phríobháideach chun comhroinnt smaointe agus straitéisí a éascú agus nuálaíocht a chothú;
- déanfaidh siad tuilleadh taighde maidir le saotharlanna nuálaíochta idirnáisiúnta agus gheobhaidh siad tuiscint ar conas a d'fhéadfaí an taithí sin a úsáid chun cultúr nuálach a chur chun cinn i gcomhthéacs na hÉireann;

- rachaidh siad i mbun teagmhála le páirtithe leasmhara ábhartha ar fud na n-earnálacha poiblí agus príobháideacha agus in eagraíochtaí idirnáisiúnta, mar shampla Aonad Faire nua an ECFE um Nuálaíocht Seirbhíse Poiblí, le fairsinge na dtacaíochtaí nuálaíochta a mheas agus gníomhaíochtaí a aithint chun cur chuige cuí a ghiaráil;
- smaointe nuálacha a lorg mar chuid de rannpháirtíocht leanúnach na mball foirne, lena n-áirítear scéimeanna chun tuairimí a lorg uathu maidir le príomhréimsí agus tionscnaimh bheartais;
- dámhachtainí náisiúnta agus idirnáisiúnta barr feabhais agus nuálaíochta a choinneáil agus dul san iomaíocht chun cinn eile a ghnóthú chun nuálaíocht rathúil a aithint agus chun go bhféadfar ceachtanna a roinnt le daoine ar fud na seirbhíse poiblí níos leithne;
- oibriú le saineolaithe idirnáisiúnta agus na hÉireann, lena n-áirítear daoine san earnáil phoiblí, chun meicníocht a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun tionchar na mbeart nuálacha inár seirbhís phoiblí a mheas;
- tairseach na hOifige Athchóirithe sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a fhorbairt chun dea-chleachtas a roinnt maidir le nuáil agus samhlacha seachadta seirbhíse;
- samhlacha seachadta seirbhíse seachtracha agus malartacha a chur chun cinn le haghaidh seirbhísí nua agus oiliúint chuí a chur ar fáil do bhainisteoirí na seirbhíse poiblí; Cuidiú chun úsáid na socruithe conarthacha a uasmhéadú, mar shampla clásail nuálaíochta, socruithe faoi chomhroinnt gnóthachálacha agus úsáid cheart a bhaint as pionóis chun an luach is fearr a fháil don phobal;
- tacú le leas a bhaint as Uathoibriú Próiseas Gnó. Córas nua is ea é sin atá ag teacht chun cinn chun próisis chléireachais a uathoibriú. Cuidíonn sé le heagraíochtaí seirbhíse poiblí feidhmeanna cúloifige a sholáthar ar bhealach níos seinge, níos tapúla agus níos saoire. Spreagfar agus cabhrófar le heagraíochtaí chun athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid próiseas, páirt a ghlacadh i seirbhísí a reáchtáil ar bhonn píolótach agus iad a mheas trí leas a bhaint as an réiteach seo.

Déanfar táscairí oiriúnacha a aithint nó a fhorbairt chun an rath atá ar an ngníomh seo a thomhas, agus féadfar iad seo a leanas a bheith san áireamh de réir mar is cuí:

- cumas a thógáil trí mhéadú scileanna, (mar shampla, líon na ndaoine a ghlacann páirt, líon na laethanta oiliúna, srl.);
- líon na n-iarratas a cuireadh isteach ar dhámhachtainí nuálaíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta agus an chaoi a bhfuil siad scaipthe ar fud agus laistigh d'earnálacha;
- leibhéil na gconarthaí seachtracha agus an glacadh atá le creatlacha soláthair a bhaineann le modhanna malartacha chun seirbhís a sholáthar; agus
- éifeachtacht na seirbhísí a chuirtear ar fáil go seachtrach a mheas trí aiseolas ón bpobal i suirbhéanna custaiméirí, fócasghrúpaí agus uirlisí eile.

**CÁS-STAIDÉAR:**

Service rePublic - Chomhairle Contae Chorcaí

I mí na Bealtaine 2017, bhunaigh Comhairle Contae Chorcaí, i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí, an chéad ionad in Éirinn chun seirbhísí poiblí a dhearadh. Service rePublic a thugadar air. Téann Service rePublic i mbun rannpháirtíochta leis an bpobal sa chaoi go mbíonn páirt acu i ndearadh agus cruthú seirbhísí níos fearr. Sa chaoi sin déanann sé athrú ó bhun ar sheirbhísí do chustaiméirí. Simplíonn sé seirbhísí don phobal trí rochtain ar fhaisnéis a fheabhsú agus seirbhísí a ionchorprú sa tairseach ar líne, yourcouncil.ie. Cinntíonn Service rePublic:

- go gcruthaítear seirbhísí níos fearr don phobal trí chur chuige comhoibritheach a úsáid agus iad á gceapadh;
- go gcruthaítear deiseanna don phobal agus do ghnólachtaí (trí bheith ar thús cadhnaíochta maidir le gnéithe de Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chontae Chorcaí); agus
- go ndéantar todhchaí nua a chomhdhearadh (dul i ngleic le dúshláin sochaíocha).

**CÁS-STAIDÉAR:**

Imréiteach Cánach go Leictreonach, Feabhsú Próisis Ghnó - Na Cigirí Cánach




Próiseas páipéarbhunaithe ab ea Imréiteach Cánach roimhe seo agus bhí sé mall, costasach agus mórchuid acmhainní riachtanach lena dhéanamh. I mí Eanáir 2016, chuir na Coimisinéirí Ioncaim seirbhís iomlán ar líne i bhfeidhm in ionad an phróisis pháipéarbhunaithe.

D'fheabhsaigh an córas leictreonach um imréiteach cánach an tseirbhís do chustaiméirí go mór. Tá sé inrochtana de lá is d'oíche seacht lá na seachtaine agus soláthraíonn sé deimhniú imréitigh cánach láithreach do 95% de na hiarratasóirí agus mura ndearbhaítear imréiteach cánach aithníonn sé na saincheisteanna a chaithfear a réiteach.

Cuirtear Uimhir Rochtana um Imréiteach Cánach ar fáil don cháiníocóir. Is féidir le tríú páirtithe ábhartha í sin a úsáid chun imréiteach cánach a fhíorú. Déileálann sé le thart ar 250,000 iarratas gach bliain agus is féidir le daoine a bhíodh ag obair ar an seanchóras obair eile a dhéanamh.

## Gníomh 7:
## Barr feabhais a chur ar úsáid sonraí

Má roinntear sonraí ar fud an Rialtais éascóidh sé sin soláthar seirbhíse níos fearr, tacóidh sé le cinnteoireacht níos fearr, beidh sé níos éasca seirbhísí a rochtain agus éifeachtúlachtaí a bhrú chun cinn. Trí ghlacadh leis an bprionsabal 'bailigh uair amháin agus úsáid go minic' beidh soláthar seirbhíse poiblí níos éifeachtúla agus níos comhsheasmhaí, cuirfear feabhas ar rannpháirtíocht an phobail leis an rialtas agus cuirfear feabhas ar sholáthar seirbhísí go digiteach. Tá cur chuige níos struchtúraithe agus níos déine maidir le bainistiú sonraí á ghlacadh ar fud na seirbhíse poiblí. Tá cosaint sonraí daoine i gcroílár na hoibre chun an bonneagar riachtanach a fhorbairt le go bhféadfar sonraí a roinnt go héifeachtach agus go sábháilte. Cuirfimid córas rialachais i bhfeidhm lena chinntiú nach n-úsáidfimid ach na sonraí sin a bhfuilimid i dteideal a úsáid agus déanfaimid ár ndícheall é sin a dhéanamh ar bhealach a bheidh feiliúnach, trédhearcach agus dlíthiúil.

Beidh an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) i dtús cadhnaíochta sa ghníomh maidir le forbairt an Bhonneagair Sonraí Náisiúnta (NDI) agus tacaíocht acu ón OGCIO agus ón RDO sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe; an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí; an Roinn Gnóthaí, Fiontar agus Nuálaíochta; agus an tseirbhís phoiblí níos leithne agus:

- tógfar ar an dul chun cinn a rinneadh faoi Phlean Athnuachana na Státseirbhíse i bhforbairt an Bhonneagair Sonraí Náisiúnta. Sraith chleachtas um bainistiú sonraí is ea é sin le haghaidh príomhshócmhainní sonraí, sonraíochtaí sonraí agus córais tacaíochta eagrúcháin agus teicniúla.

Trí chur i bhfeidhm Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí, méadóidh agus feabhsóidh an OGCIO roinnt na sonraí ar fud eagraíochtaí agus déanfaidh deimhin de go ndéantar sonraí a chosaint trí:

- úsáid aitheantóirí coitianta a chur chun cinn, lena n-áirítear Uimhreacha Pearsanta Seirbhísí Poiblí, Eircode, agus trí Aitheantóir Uathúil Gnó a fhorbairt;
- caighdeáin choiteanna a leagan síos maidir le bailiú agus códú sonraí; agus
- creat reachtúil a sholáthar i gcomhair rialachas sonraí agus roinnt sonraí leis an mBille um Rialú agus Roinnt Sonraí. Cinnteoidh sé seo go mbeidh cur chuige comhtháite ann maidir le sreafaí faisnéise idir comhlachtaí poiblí agus laistigh díobh, chomh maith le dea-chleachtas á chinntiú

maidir le príobháideacht, slándáil agus cosaint sonraí.

Déanfaidh an Bord um Rialachas Sonraí Oscailte an straitéis um Shonraí Oscailte a bhrú chun tosaigh trí:

» líon na dtacar sonraí ardluacha a mhéadú ar an tairseach sonraí oscailte náisiúnta trí eagraíochtaí seirbhíse poiblí a spreagadh chun a gcuid sonraí ardluacha a chur ar fáil don phobal agus féachaint chuige go mbeidh sé éasca iad a rochtain agus a athúsáid.
» leanúint ar aghaidh ag leathnú na rannpháirtíochta le comhlachtaí poiblí agus le páirtithe leasmhara chun úsáid tacar sonraí agus buntáistí féideartha eacnamaíocha agus sóisialta a chur chun cinn;
» caighdeáin agus modhanna a chur i bhfeidhm a bheidh ag teacht le dea-chleachtas maidir le sonraí oscailte; agus

Nuair a bheidh tionchar an Bhonneagair Sonraí Náisiúnta (NDI) á mheas díreofar ar dtús ar na trí aitheantóir uathúla ar thacair shonraí Comhlachtaí na hEarnála Poiblí agus déanfar é a mheas trí 'painéal ionstraimí (deais) aibíochta'. Déanfar measúnú ar thionchar na Straitéise Sonraí Oscailte trí:

» treochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta a aithint chun treoir a thabhairt agus a chinntiú go mbeidh Éire ar thús cadhnaíochta i gcur i bhfeidhm sonraí oscailte lena n-áirítear rannpháirtíocht i suirbhéanna tagarmharcála idirnáisiúnta cosúil leo siúd a reáchtálann an ECFE agus an Coimisiún Eorpach maidir le haibíocht sonraí oscailte.

**CÁS-STAIDÉAR:**

SOLAS, Clár agus Córas Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí (PLSS) - An Roinn Oideachais agus Scileanna

SOLAS learning works

Comhthionscnamh rathúil é an PLSS idir SOLAS agus na Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) a sholáthraíonn ardán láraithe le haghaidh sonraí a bhailiú agus a nochtadh ar chúrsaí Breisoideachais agus Oiliúna (FET), foghlaimeoirí agus torthaí. Tacóidh na sonraí le pleanáil, comhordú agus maoiniú bunaithe ar fhianaise an tsoláthair Breisoideachais agus Oiliúna.

Tá gné sin an PLSS atá os comhair an phobail, mol an chúrsa breisoideachais agus oiliúna a seoladh anuraidh, ar fáil ag www.fetchcourses.ie. Tugtar eolas ann d'fhoghlaimeoirí faoi bhreis is 5,000 cúrsa breisoideachais agus oiliúna atá á gcur ar fáil ag BOOanna agus atá ar fáil ar fud na tíre. Go dtí seo, in 2017, rinneadh 3,850,098 gcuardach ar chúrsaí agus breathnaíodh ar 2,109,985 chúrsa. Cláraíodh 8,625 chuntas foghlaimeora agus rinneadh 6,532 iarratas ar líne.

**CÁS-STAIDÉAR:**

### Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe - An Phríomh-Oifig Staidrimh agus Suirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSi)




Is éard atá sna Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ná sraith 17 Sprioc Dhomhanda a thugann aghaidh ar na cúiseanna iomadúla a bhaineann le bochtaineacht, éagóir agus damáiste don domhan. Sheol an Phríomh-Oifig Staidrimh agus Suirbhéireacht Ordanáis Éireann ardán tuairiscithe nua le haghaidh na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe i mí na Samhna 2017 (http://irelandsdg.geohive.ie). Athúsáidtear ardán sonraí oscailte seirbhíse poiblí na Suirbhéireachta Ordanáis a bhí ann cheana féin (Geohive) sa chomhoibriú seo.

Bhí Éire agus cúig thír eile mar chuid de thionscadal taighde ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe faoi stiúir Rannán Staidrimh na Náisiún Aontaithe. Cuireadh tús leis an tionscadal i mí na Bealtaine 2017 agus tá sé mar aidhm aige cur chuige nua a fhorbairt agus a úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar na Spriocanna trí chórais faisnéise geografacha a úsáid. Go dtí seo, d'aithin an Oifig Ordanáis sonraí le haghaidh níos mó ná 50 táscaire do na Spriocanna trí mheascán de shonraí tíreolaíocha ar leibhéal an réigiúin, an chontae agus an cheantair áitiúil.

# Gníomh 8: Inniúlacht pleanála straitéisí a fhorbairt

Teastaíonn ó phleanáil straitéiseach go gcuirfí struchtúir agus acmhainní ar chomhréim le spriocanna straitéiseacha ionas go gcumasófar don tseirbhís phoiblí freagairt do dhúshláin sheachtracha. Is as an gcineál pleanála sin a thagann pleananna 'beo' is féidir a choigeartú agus a athrú chun déileáil le riachtanais agus le himthosca atá ag athrú. Má thugtar faoi phleanáil straitéiseach éifeachtach sa tseirbhís phoiblí, cumasófar don tseirbhís sainaithint a dhéanamh ar na dúshláin atá ann agus ar na gníomhartha a theastaíonn chun dul i ngleic leo. Cumasófar di na bacainní atá ann ar chur chun feidhme rathúil a shainaithint agus dul i ngleic leo freisin. Sainaithnítear roinnt réimsí tábhachtacha sna pleananna straitéiseacha earnála atá ann cheana, lena n-áirítear an *Measúnú Náisiúnta Riosca a dhéantar gach bliain, Nuálaíocht 2020 agus Fiontraíocht 2025*. Sainaithnítear iad freisin i straitéisí fadtéarmacha amhail an *Páipéar Bán ar Chosaint, an Creat Náisiúnta Pleanála (Éire 2040)* agus *An tOileán Domhanda: Beartas Eachtrach na hÉireann maidir le Domhan atá ag Athrú*.

Is iad Roinn an Taoisigh, an Oifig Athchóirithe agus Soláthair, na rannóga caiteachais sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Ionad Foghlama agus Forbartha na Státseirbhíse agus na hOifigí Bainistíochta Clár earnála a bheidh freagrach as an ngníomh seo a chur chun feidhme, agus déanfaidh siad na nithe seo a leanas:

- straitéisí earnála atá ann cheana a athbhreithniú agus teacht ar aon bhearnaí a mbeadh scanadh léaslíne níos ginearálta ag teastáil ina leith;
- an dea-chleachtas agus dúshláin chomhroinnte a shainaithint agus léargas ar phleanáil straitéiseach a chomhthiomsú trí líonra cleachtóirí;
- measúnú a dhéanamh ar na bacainní atá ann ar straitéisí agus ar phleananna gníomhaíochta uile-rialtais a chur chun feidhme agus gníomhartha spriocdhírithe a mholadh chun na bacainní sin a shárú, agus aird á tabhairt ar an scrúdú atá beartaithe i nGníomh 9 ar na bacainní atá ann ar chomhar; agus
- a chinntiú go ndéanfar na nithe seo a leanas leis na straitéisí a ullmhóidh eagraíochtaí seirbhíse poiblí: gníomhartha a nascadh le hacmhainní; méadracht a shainaithint le haghaidh ionchur, aschur agus torthaí; spriocanna atá sonrach, intomhaiste, inghnóthaithe, réalaíoch agus faoi


cheangal ama (SMART) agus táscairí a leagan síos agus daoine a ainmniú a bheidh freagrach as na spriocanna agus na táscairí sin agus a chloífidh leo trí phleananna gnó agus trí chláir bhainistíochta riosca; agus na tairbhí atá á mbaint amach a shainaithint agus a rianú agus tuairisc a thabhairt orthu.

Déanfar táscairí oiriúnacha a shainaithint nó a fhorbairt chun an rath a thomhas i ndáil leis an ngníomh seo. D'fhéadfadh go mbeadh na nithe seo a leanas i gceist leo, de réir mar is cuí:

- an leibhéal dea-chleachtais agus léargais ar phleanáil straitéiseach atá á scaipeadh ag an líonra cleachtóirí;
- na gníomhartha spriocdhírithe atá á dtáirgeadh chun bacainní ar chur chun feidhme a shárú; agus
- an t-athbhreithniú atá á dhéanamh ag an líonra ar na straitéisí, agus é mar aidhm leis faireachán a dhéanamh ar an dóigh a bhfuiltear ag cloí leis na treoirlínte atá leagtha amach thuas.

**CÁS-STAIDÉAR:**

Gníomhú ar son na hAeráide - An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil




Fianaise ar a thiomanta atáimid chun geilleagar agus sochaí atá athraithe ó bhonn a bhaint amach faoin mbliain 2050 is ea ár *Seasamh Beartais Náisiúnta* (2014) chun a bheith inár dtír ísealcharbóin. Beidh ar an Rialtas agus ar an tsochaí i gcoitinne obair le chéile ina leith sin agus is amhlaidh go mbeidh dúshláin, deiseanna agus éiginnteacht i gceist leis.

Tá an *Plean Maolaithe Náisiúnta*, ar fhoilsigh an Rialtas mar dhoiciméad 'beo' é sa bhliain 2017, ar an gcéad bheart tábhachtach nuálach den obair sin agus tá acmhainn aige bearta maolaithe costéifeachtacha a thabhairt ar aghaidh le himeacht ama. Beidh na bearta sin bunaithe ar anailís fhónta, ar fhorbairtí teicneolaíochta agus ar rannpháirtíocht shochaíoch tríd an Idirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide. De réir an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, is sampla den dea-chleachtas é an cur chuige atá á ghlacadh againn.

## Gníomh 9: Comhar uile-rialtais a neartú

Teastaíonn ó chomhar uile-rialtais go n-oibreodh seirbhísigh phoiblí le chéile ar fud a n-eagraíochtaí faoi seach chun seirbhísí poiblí agus beartas níos comhordaithe a chruthú lena gcumasaítear dúinn aidhmeanna an Chláir do Rialtas Comhpháirtíochta a bhaint amach. Ní hé amháin go bhfuil an comhar sin ina ghné thábhachtach de bheartais náisiúnta amhail an Creat Náisiúnta Pleanála, ach tá sé tábhachtach maidir le straitéisí earnála amhail an straitéis Éire Shláintiúil a bhaint amach freisin. Is iad an Oifig Athchóirithe agus Soláthair sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Roinn an Taoisigh, an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus ranna ábhartha eile rialtais agus eagraíochtaí ábhartha eile seirbhíse poiblí a bheidh freagrach as an ngníomh seo a chur chun feidhme, agus déanfaidh siad na nithe seo a leanas:

- cur leis na ceachtanna atá á bhfoghlaim ó Thionscadail Treo-Aimsitheora um Athnuachan na Státseirbhíse chun feabhas a chur ar an dóigh a soláthraítear tionscadail chomhroinnte uile-rialtais;
- tabhairt faoi chleachtadh píolótach chun tionscnamh comhair uile-rialtais a athbhreithniú agus a mheasúnú agus chun a fháil amach cé na nithe a bhfuil ag éirí leo; cé na sásraí institiúideacha atá éifeachtach; cé na bacainní atá ann ar chomhar; agus cé na príomhstruchtúir thacaíochta chumasúcháin/na príomhuirlisí teicneolaíochta cumasúcháin (amhail tairseacha idirghníomhacha) lena bhféadtar comhar éifeachtach a chruthú;
- sainaithint a dhéanamh ar na cineálacha cur chuige atá á nglacadh i leith comhar uile-rialtais agus iad a chur i gcomparáid leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta;
- leanúint ar aghaidh leis na struchtúir nua Choiste Forbartha Pobail Áitiúil a chothú mar phríomh-mheán le haghaidh comhair idir gach soláthraí seirbhíse poiblí náisiúnta ar leibhéal áitiúil. Faoi mar a dhéantar sna Pleananna Áitiúla Eacnamaíocha agus Pobail, mar shampla, tugann na Coistí Forbartha Pobail Áitiúil creat rialachais, creat pleanála agus creat fianaisebhunaithe le haghaidh comhordú agus bainistiú a dhéanamh ar chistiú áitiúil agus, go háirithe, ar chistiú forbartha áitiúla atá faoi stiúir ag an bpobal ón Aontas Eorpach don tréimhse 2020-2027;

- léargas níos fearr a ghnóthú ar an dóigh a soláthraítear raon seirbhísí poiblí ar leibhéal áitiúil, lena n-áirítear sonraí níos fearr agus níos comhsheasmhaí a úsáid le haghaidh bonnlínte a leagan síos agus tairbhí a bhaint amach; agus
- obair i gcomhar leis an earnáil Rialtais Áitiúil, le raon ranna rialtais agus le gníomhaireachtaí stáit chun forbhreathnú a thabhairt ar mhéid iomlán na seirbhísí a sholáthraítear go háitiúil, d'fhonn meastóireacht a dhéanamh ar thionchar na seirbhísí poiblí i limistéir atá sainithe go geografach.

Déanfar táscairí oiriúnacha a shainaithint nó a fhorbairt chun an rath a thomhas i ndáil leis an ngníomh seo. D'fhéadfadh go mbeadh na nithe seo a leanas i gceist leo, de réir mar is cuí:

- éifeachtacht an chomhair ó sheirbhísigh phoiblí shinsearacha agus ó gheallsealbhóirí eile ar thionscadail thrasghearrthacha. Is le suirbhéanna agus le huirlisí cuí eile a thomhaisfear an éifeachtacht sin;
- an feabhas ar éifeachtacht an rialtais ar fud earnálacha difriúla. Is iad eagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta amhail an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO), Eurostat, etc., a shainaithneoidh an feabhas sin; agus
- an feabhas ar cháilíocht na seirbhísí poiblí ar fud earnálacha difriúla. Is iad eagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta amhail an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO), Eurostat, etc., a thomhaisfidh an feabhas sin.

**CÁS-STAIDÉAR:**

An Scéim um Bailiú Dramhaíola Guaisí Feirme




Tugadh an scéim um bailiú Dramhaíola Guaisí Feirme isteach sa bhliain 2015 chun ionaid *fág anseo* a chur ar fáil inar féidir le feirmeoirí dramhaíl ghuaiseach a dhiúscairt go sábháilte. Agus í faoi stiúir ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, bhí an scéim ina tionscadal comhoibríoch ilghníomhaireachta a chuimsigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Teagasc, an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, údaráis áitiúla agus cuid mhór gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí eile.

Bhí comhar suntasach idir na Ranna, na gníomhaireachtaí agus na heagraíochtaí rannpháirteacha uile ag teastáil chun na hionaid *fág anseo* a chur ag oibriú go rathúil. Chabhraigh feirmeoirí le hoibriú éifeachtúil na láithreán freisin trína chinntiú go raibh an dramhaíl scartha agus pacáistithe agus tríd an dramhaíl a iompar ar bhealach a bhí éasca le díluchtú. Rud ríthábhachtach taobh thiar de rath na scéime ba ea an comhthiomsú acmhainní agus saineolais sa tionscadal comhoibríoch idirghníomhaireachta seo agus an rannpháirtíocht dheonach ghníomhach a fuarthas ó fheirmeoirí ó gach cuid den tír lena linn.

**CÁS-STAIDÉAR:**

Na Coistí Forbartha Pobail Áitiúil

LCDC
Developing our communities
Coiste Forbartha Pobail Áitiúil
Local Community Development Committees




Tá Coistí Forbartha Pobail Áitiúil bunaithe ar bhonn reachtúil i ngach ceann de na 31 údarás áitiúla anois. Áirítear le comhaltaí na gCoistí Forbartha comhaltaí tofa agus oifigigh údaráis áitiúil; gníomhaireachtaí Stáit agus gníomhaireachtaí forbartha áitiúla; eagraíochtaí pobail agus deonacha; agus ionadaithe do leasanna gnó, comhshaoil agus feirmeoireachta.

Chuir na Coistí Forbartha Pleananna Áitiúla Eacnamaíocha agus Pobail le chéile sa bhliain 2014. Tá sé mar aidhm leis na pleananna cineálacha comhcheangailte cur chuige a chothú i leith forbairt eacnamaíoch, pobail, shóisialta agus inbhuanaithe i limistéir áitiúla. Tá na pleananna á gcur chun feidhme ag na Coistí Forbartha i gcomhpháirt le príomh-gheallsealbhóirí. Tá 5,000 gníomh san iomlán leagtha amach sna 31 Phlean. Má chuirtear na gníomhartha sin i gcrích go rathúil, cabhrófar go mór le gach limistéar áitiúil a dhéanamh ina n-áiteanna chun cónaí, obair agus infheistiú iontu agus chun cuairt a thabhairt orthu.

# Gníomh 10: Bainistíocht clár agus tionscadal a leabú

Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí bainistíocht clár agus tionscadal a neartú chun tosaíochtaí an Rialtais, bainistiú airgeadais phoiblí agus seachadadh seirbhísí poiblí a bhaint amach go rathúil. Éascaíonn bainistíocht tionscadal aithint tosaíochtaí agus leithdháileadh éifeachtach acmhainní, monatóireacht ar dhul chun cinn agus seachadadh torthaí.

Beidh an RDO sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ag obair le Ceannairí Bainistíochta Tionscadal agus Seirbhís Chomhairleach na Státseirbhíse, freagrach as an ngníomh seo a chur i bhfeidhm agus déanfaidh sé na nithe seo a leanas:

- líonra Bainisteoirí Tionscadail na Státseirbhíse a leathnú chun cleachtóirí reatha bainistíochta tionscadal ar fud na seirbhíse poiblí uile a nascadh. Cuirfidh an líonra seo fóram ar fáil chun cuir chuige agus foghlaim bhainistíochta tionscadail coiteanna a roinnt, bunaithe ar mhúnlaí cruthaithe atá á n-úsáid i láthair na huaire ar fud na seirbhíse poiblí;
- tacú le hoiliúint bhainistíochta tionscadail agus oibriú le comhlachtaí oiliúna ar fud na seirbhíse poiblí le deiseanna a fhiosrú i ndáil le foghlaim a roinnt idir cleachtóirí bainistíochta tionscadal agus chun tacú le gairmiúlacht;
- cur leis an eispéireas bainistíochta clár a forbraíodh ó bunaíodh PMOnna sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus sna mór-earnálacha. Déanfar athbhreithniú ar an eispéireas go dtí seo chun a chinneadh conas cleachtas bainistíochta clár a fhorbairt agus a fheabhsú;
- a áirithiú go mbíonn seicheamh, comhtháthú agus comhleanúnachas níos fearr ann ar fud na dtionscadal athchóirithe sa tseirbhís phoiblí mar thoradh ar chuir chuige bainistíochta clár; agus
- athbhreithniú a dhéanamh ar *Practical Handbook on Programme Management* [Lámhleabhar Praiticiúilar Bhainistíocht an Chláir] de chuid an RDO agus smaoineamh ar bhealaí chun a húsáid a leabú ar fud na seirbhíse poiblí.

D'fhonn rath sa ghníomh seo a thomhas, déanfar táscairí oiriúnacha a aithint nó a fhorbairt, agus d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh, de réir mar is iomchuí:

- measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht Líonra na mBainisteoirí Tionscadail trí fhreastal ar

imeachtaí agus suirbhéireacht a dhéanamh ar rannpháirtithe;

» líon na n-íoslódálacha ó thairseach RDO de Lámhleabhair na Bainistíochta Clár agus na Bainistíochta Tionscadal a rianú;

» an leibhéal d'éileamh agus de ghlacadh na gcúrsaí oiliúna bainistíochta tionscadal a thaifeadadh; agus

» meicníochtaí aiseolais iomchuí a fhorbairt ó bhainisteoirí seirbhíse poiblí sinsearacha chun athruithe i gcáilíocht na bainistíochta tionscadal a mheas.

**CÁS-STAIDÉAR:**

Cur i bhfeidhm Pháipéar Bán ar Chosaint 2015 ag baint úsáide as Creat Bainistíochta Tionscadal



Forbraíodh cur chuige feidhmiúcháin nua agus nuálaíoch don Pháipéar Bán ar Cosaint 2015, an beartas uileghabhálach maidir le Cosaint a fhorbairt suas le 2025. I mí Eanáir 2016, bunaíodh Comhfhoireann Éascaithe Feidhmithe Pháipéar Bán Sibhialta/Míleata nua a thuairiscíonn go díreach chuig Coiste Bainistíochta Straitéiseach Sibhialta Míleata na Roinne. Bhí sé de chúram ar an bhfoireann seo creat bainistíochta tionscadal a dhearadh, a thosú agus a mhaoirsiú chun 88 tionscadal an Pháipéir Bháin a chur chun feidhme. Le cúnamh ón bhForas Riaracháin, forbraíodh cur chuige cuimsitheach nua d'obair bhainistíochta tionscadail sibhialta/míleata.

Ghlac thart ar 150 pearsanra sibhialta/míleata páirt in oiliúint bhainistíochta tionscadail. Tá an cur chuige seo ina nuálaíocht thábhachtach maidir le comhoibriú a chothú agus a fheabhsú agus maidir le cur le príomhriachtanais bhainistíochta gnó ar fud na heagraíochta cosanta. Chuir an Chomhfhoireann í féin ar fáil freisin chun cabhrú le ranna a bhfuil riachtanais den chineál céanna acu.

## Gníomh 11: Cultúr fianaise agus meastóireachta a leabú

Cuireann beartas bunaithe ar fhianaise le dearadh agus le díriú bheartas an Rialtais. Mar thoradh air sin tá torthaí níos fearr ann do dhaoine, do ghnólachtaí agus don tseirbhís phoiblí féin. Beidh an tseirbhís phoiblí ag leanúint ar aghaidh le forbairt ar a cumas chun fianaise anailíse a tháirgeadh, a spleáchas ar chomhlachtaí seachtracha a laghdú agus a áirithiú go bhfuil torthaí na meastóireachta agus na hanailíse bunaithe ar fhianaise comhtháite ar bhealach níos fearr isteach i bpróisis chinnteoireachta, phleanála agus dhheartha.

Beidh Seirbhís Eacnamaíochta agus Mheastóireachta Rialtas na hÉireann (IGEES), an tAonad Meastóireachta um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, Ranna Rialtais, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus aonaid mheastóireachta/ cleachtóirí meastóireachta ar fud na seirbhíse poiblí ag obair chun feabhas a chur ar chultúr na cinnteoireachta bunaithe ar fhianaise agus na meastóireachta ar fud na seirbhíse poiblí agus déanfaidh siad an méid seo a leanas:

» tacú le cur chun feidhme Straitéise Meántéarma de chuid IGEES chun an úsáid de chinnteoireacht bunaithe ar fhianaise ar fud na státseirbhíse/na seirbhíse poiblí a bhrú chun tosaigh;

» cumas seirbhíse poiblí a mhéadú in anailís sonraí, meastóireacht agus cinnteoireacht bunaithe ar fhianaise trí earcaíocht spriocdhírithe agus uasghrádú scileanna na foirne atá ann cheana féin;

» tacú le soláthar de *Ár Seirbhís Phoiblí 2020* agus den chlár oibre leasaithe níos leithne trí oibriú le heagraíochtaí seirbhíse poiblí chun táscairí ionchuir agus aschuir a shainaithint agus a fhorbairt;

» tacú le comhtháthú feabhsaithe na bpróiseas meastóireachta agus bainistíochta caiteachais phoiblí isteach i bpróiseas buiséadach níos leithne na bliana ina iomláine. Áirítear leis seo an tionscnamh um buiséadú feidhmíochta, an gCód Caiteachais Phoiblí, an próiseas athbhreithnithe ar chaiteachas, an Creat um Measúnacht Tionchair Sóisialta agus anailís bhuiséadaithe comhionannais;

» tacú le forbairt de chur chuige trasghearrthach i ndáil le measúnú ar chur i bhfeidhm agus seachadadh an bheartais phoiblí agus na seirbhísí poiblí;

- measúnú a dhéanamh ar thionchar na dtionscnamh athchóirithe ábhartha chun ceachtanna a fhorbairt do thionscnaimh athchóirithe nua; agus
- tacú le forbairt an NDI agus a áirithiú go bhfuil cumas anailíse i bhfeidhm lena úsáid a bharrfheabhsú.

D'fhonn rath sa ghníomh seo a thomhas, déanfar táscairí oiriúnacha a aithint nó a fhorbairt agus d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh, de réir mar is iomchuí:

- monatóireacht a dhéanamh ar an líon foirne i róil a thacaíonn le cinnteoireacht bunaithe ar fhianaise (mar shampla, foirne IGEES, meastóirí, anailísithe beartais, srl);
- monatóireacht a dhéanamh ar líon na bhfoilseachán ábhartha/an aschur anailíseach (mar shampla, athbhreithnithe luach-ar-airgead agus beartais, measúnuithe beartais dírithe, páipéir oibre, nótaí beartais, páipéir fhoirne, tuarascálacha staidrimh, srl.);
- ábharthacht na hanailíse a foilsíodh a mheasúnú i mbeartas treorach (mar shampla, cás-staidéir a léiríonn an nasc idir obair anailíseach agus athruithe beartais/próisis);
- monatóireacht a dhéanamh ar an bhforbairt acmhainne trí uasghrádú scileanna (mar shampla, rannpháirtithe, laethanta oiliúna, laethanta oiliúna in aghaidh an rannpháirtí, srl.); agus
- suirbhéireacht a dhéanamh ar oifigigh shinsearacha chun ábharthacht na hanailíse i bhfoirmiú agus i gcur i bhfeidhm bheartais a mheasúnú.

**CÁS-STAIDÉAR:**

### Togra cánach maidir le deochanna milsithe ag siúcra - An Roinn Sláinte





Leagtar amach in *Meáchan Sláintiúil d'Éirinn: Beartas agus Plean Gníomhaíochta maidir le Murtall 2016-2025* uaillmhian chun líon na ndaoine fásta agus leanaí in Éirinn atá róthrom a laghdú, i bpáirt trí phatrúin ar chaitheamh bia a mhodhnú.

Agus a haird air seo, rinne an Roinn Sláinte athbhreithniú fianaise chun réasúnaíocht sláinte i ndáil le cánacha Deochanna Milsithe ag Siúcra (SDD) a mheas. Áiríodh leis sin imscrúdú ar a dtionchar féideartha eacnamaíoch ar phoist agus ar neamhionannas, chomh maith le conas a d'fhéadfaí cánacha SSD a dhearadh ar bhealach a chinnteodh laghdú ar chaitheamh chomh maith le comhsheasmhacht dlí le rialacha an AE um Chúnamh Stáit.

Thacaigh an t-athbhreithniú fianaise seo leis an gcinneadh chun an cháin a chur i bhfeidhm in Aibreán 2018.

**CÁS-STAIDÉAR:**

### Monatóireacht agus Tuairisciú ar Fheidhmíocht Fuinnimh - An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (DCCAE) agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI)




Ó 2009 rinne Córas Monatóireachta agus Tuairiscithe Feidhmíochta Fuinnimh de chuid SEAI rianú ar dhul chun cinn ag an earnáil phoiblí maidir lena sprioc chun éifeachtacht fuinnimh a fheabhsú faoi 33% faoin mbliain 2020. Le feabhas 20% faoi dheireadh 2016, rinneadh EUR 730m agus 2.6m tonna carbóin a choigilt.

Tá na sonraí ag brú Straitéis Éifeachtúlachta Fuinnimh na hEarnála Poiblí chun tosaigh anois, atá á treorú ag DCCAE. Mar thoradh ar an Straitéis, tá ceannaireacht shinsearacha ar bhainistíocht fuinnimh á feidhmiú agus tá píblíne thionscadail á bunú chun infheistíocht éifeachtach ó thaobh costais de agus éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de a áirithiú, i bhfoirgnimh phoiblí agus i bhflíteanna iompair. Dá mbainfí an sprioc amach, déanfar breis agus EUR 750m agus 2.8m tonna carbóin a choigilt.

# Caibidil 05

## Ár bhFoireann agus ár nEagraíochtaí a Fhorbairt

### Réamhrá

Is iad daoine éifeachtacha atá ag obair laistigh d'eagraíochtaí lúfara agus láidre na dúshraitheanna maidir le rath na seirbhíse poiblí. Tá forbairt de scileanna, cumas agus éifeachtúlacht na bhfostaithe sa tseirbhís phoiblí, laistigh de chomhthéacs chultúr eagraíochta forásach, cumasaithe agus dinimiciúil, ina sprioc thábhachtach den chreat seo.

De thairbhe go bhfuil líon éagsúla eagraíochtaí sa tseirbhís phoiblí, a bhfuil spriocanna straitéiseacha difriúla agus beartais agus cleachtais aonair acu, ní bhíonn cur chuige coiteann i gcónaí ann maidir le daoine agus eagraíochtaí a fhorbairt. Mar sin féin, tá an poitéinseal ann i ndáil le comhoibriú níos fearr maidir le daoine agus bearta forbartha eagraíochta a fheabhsú go ginearálta. Tá na gníomhartha sa cholún seo dírithe ar réimsí ina bhfuil poitéinseal do chomhfhoghlaim agus comhroinnt de dhea-chleachtas. Mar gheall ar chineál éagsúil den tseirbhís phoiblí agus ar an gcineál den cholúin seo atá dírithe ar dhaoine, tá aithint agus forbairt de tháscairí ina ndúshláin ar leith ríthábhachtacha atá le sárú mar chuid den chreat seo.

Trí phleanáil fórsa saothair a phríomhshruthú, éascófar pleanáil chun cinn níos éifeachtaí agus aithint de na scileanna a bheidh ag teastáil sa todhchaí, mar aon leis na háiteanna agus an tréimhse ina mbeidh siad ag teastáil. Tá roinnt dúshlán tábhachtach amach romhainn, lena n-áirítear an líon suntasach daoine a bheidh ag dul ar scor sa tseirbhís phoiblí sna cúig bliana amach romhainn agus an caillteanas féideartha bainteach d'eolas agus de scileanna riachtanacha. Éileoidh sé seo earcaíocht agus coinneáil chothrom d'fhoireann agus an aithint de dheiseanna chun tacú le forbairt de scileanna nua do bhaill foirne atá ann cheana féin.

Aithníodh seacht ngníomh mar phríomhthosaíochtaí faoin gcolún Ár bhFoireann agus ár **nEagraíochtaí a Fhorbairt**. Beidh na gníomhartha faoi na trí cholún ina gcuidiú maidir leis na sé thorthaí ardleibhéil don chreat a bhaint amach. Tacóidh an colún seo go díreach le rannpháirtíocht níos mó d'fhostaithe agus le héifeachtacht rialtais níos fearr. Ina theannta sin, cuireann forbairt leanúnach na ndaoine agus na n-eagraíochtaí sa tseirbhís phoiblí taca faoi sheachadadh an chreata ina iomláine.

### Gníomh 12: Bainistíocht straitéiseach acmhainní daonna a leabú sa tseirbhís phoiblí

Is é an cuspóir le Bainistíocht Straitéiseach Acmhainní Daonna (SHRM) ná bainistiú daoine, mar atá acmhainní daonna, a ailíniú le riachtanais ghnó straitéiseacha na heagraíochta. Tá SHRM sa tseirbhís phoiblí ag céimeanna difriúla aibíochta. Aithníodh beartais SHRM atá coitianta d'eagraíochtaí ar fud na seirbhíse poiblí mar a bhfuil an fhéidearthacht ann i ndáil le dea-chleachtas agus comhoibriú a chomhroinnt. Leagann amach an gníomh seo an creat chun na gníomhartha go léir so cholún seo a sheachadadh agus tacaítear é le forbairt agus leathnú breise na gcóras TF AD.

I measc na mbeartas SHRM ná forbairt de phleanáil eagraíochta fórsa saothair, rannpháirtíocht na bhfostaithe, córais fhoghlama agus fhorbartha, earcaíocht oscailte, socruithe soghluaisteachta, forbairt de bhainistíocht fheidhmíochta agus forbairt acmhainní. Bainfidh an creat leas as taithí a gnóthaíodh ó straitéisí reatha, amhail *Straitéis Dhaoine na Státseirbhíse* agus *Straitéis Dhaoine na Seirbhísí Slainte,* chun deiseanna forbartha a iniúchadh ó na hearnálacha. Beidh ceannairí AD ar fud na móreagraíochtaí státseirbhíse agus seirbhíse poiblí, le tacaíocht ó Rúnaíocht san RDO, le hionchur ón tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS), freagrach as an ngníomh agus déanfaidh siad na nithe seo a leanas:

- grúpa ceannaireachta SHRM de cheannairí AD a chur ar bun (SHRML) sna príomh-eagraíochtaí sna hearnálacha sibhialta agus poiblí le bheith i gceannas i ndáil le forfheidhmiú na ngníomhaíochtaí faoin gcolún Daoine agus Eagraíochta; agus
- forbróidh an grúpa seo meicníochtaí maidir le conas beartas agus cleachtas AD a nascadh le tosaíochtaí straitéiseacha eagraíochta agus tuairisceoidh sé chuig Bord Ceannaireachta Seirbhíse Poiblí (PSLB).

Tacaíonn an gníomh seo le seachadadh do gach gníomh sa cholún seo agus, dá bhrí sin, tá sraith leathan táscairí féideartha ann. D'fhonn rath sa ghníomh seo a thomhas, déanfar foshraith de tháscairí oiriúnacha a aithint nó a fhorbairt agus d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh, de réir mar is iomchuí:

- cóimheasa idir costais straitéiseacha agus thrasghníomaíochta; agus
- sonraí ar fhruiliú, rátaí coinneála, cóimheas de na poist líonta ag iarrthóirí seachtracha i gcoinne iarrthóirí inmheánacha, rátaí soghluaisteachta (%) chun rath a thomhas maidir le hearcaíocht oscailte agus soghluaisteacht.

**CÁS-STAIDÉAR:**

Straitéis Dhaoine na Státseirbhíse




Dearadh *Straitéis Dhaoine na Státseirbhíse 2017-2020,* a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2017, chun cur le cumas straitéiseach acmhainní daonna sa státseirbhís. Sonraíonn an straitéis na céimeanna is gá chun a áirithiú go bhfuil an acmhainn agus an cumas eagrúcháin ag an státseirbhís chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin amach anseo agus chun seirbhís den scoth a chur ar fáil don phobal. Aithníonn an Straitéis Dhaoine gurb iad na státseirbhísigh féin na tiománaithe is tábhachtaí maidir le rathúlacht na státseirbhíse agus gur gá don eagraíocht na huirlisí agus na tacaíochtaí cearta a sholáthar chun cur ar chumas na státseirbhíseach barr feabhais a bhaint amach. Aithníodh daichead gníomhaíocht ar fud na dtosaíochtaí leathana thíos.

- A bheith ina Rogha Fostóra
- Ionad Oibre na Todhchaí a Thógáil
- Bainisteoirí a Thógáil, a Thacú agus a Luacháil mar Fhorbróirí Daoine
- AD a sheasamh mar Thiománaí Straitéiseach

## Gníomh 13: Pleanáil straitéiseach fórsa saothair a phríomhshruthú sa tseirbhís phoiblí

Dá mbeadh pleanáil straitéiseach fórsa saothair ann ar fud na seirbhíse poiblí, chumasófaí peirspictíocht na seirbhíse poiblí ina iomláine ar na dúshláin dhéimeagrafacha atá roimh an tseirbhís phoiblí, ar an tionchar ar acmhainn na heagraíochta agus ar na himpleachtaí bainteacha caiteachais phoiblí. Tá an gníomh seo tacaithe ag *Gníomh 5: Éifeachtúlacht agus éifeachtacht a bhrú chun cinn* agus *Gníomh 7: Úsáid sonraí a bharrfheabhsú*. Beidh grúpa SHRML nua-bhunaithe i gceannas ar an ngníomh seo, le tacaíocht ó Rannóga Caiteachais, Pá agus IR, RDO, agus an OGCIO, agus déanfaidh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an gníomh seo a sheachadadh trí na nithe seo a leanas:

- sonraí ardleibhéil atá ann cheana féin maidir le treochtaí fórsa saothair na seirbhíse poiblí a chomthiomsú agus aon bhearnaí gearrthéarmacha nó meántéarma i gcumas a aithint;
- tar éis méid agus cumas an fhórsa shaothair atá ann cheana féin a bhunlíniú, anailís a dhéanamh ar threochtaí fórsa saothair na seirbhíse poiblí agus ar riachtanais sa todhchaí;
- sineirgí a aithint i ndáil le cuir chuige maidir le pleanáil straitéiseach an fhórsa shaothair, bunaithe ar an anailís seo ar riachtanais an fhórsa shaothair, lena n-áirítear i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha maidir le riachtanais scileanna atá ann cheana féin agus atá réamh-mheasta don todhchaí;
- leibhéil riosca a bhaineann le rósholáthar nó gannsoláthar na bpríomhról a aithint; agus
- dea-chleachtas a aithint agus a chomhroinnt i ndáil le pleanáil fórsa saothair agus tacaíochtaí a sholáthar de réir Gníomh 14.

D'fhonn rath sa ghníomh seo a thomhas, déanfar táscairí oiriúnacha a aithint nó a fhorbairt agus d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh, de réir mar is iomchuí:

- sonraí ar fhruiliú (rátáil), rátaí coinneála agus poist a líonadh; agus
- suirbhéireacht a dhéanamh ar oifigigh shinsearacha chun an éifeacht de chur i bhfeidhm phleanáil straitéiseach fórsa saothair a mheasúnú.

**CÁS-STAIDÉAR:**

### Pleanáil Fórsa Saothair - An tÚdarás Clárúcháin Maoine (PRA)

An tÚdarás Clárúcháin Maoine
The Property Registration Authority

Mar chuid dá phróiseas pleanála an fhórsa shaothair, d'aithin an PRA bearnaí ar leith eolais agus scileanna a líonadh trí chúrsaí céime tríú leibhéil agus Máistreachta áirithe a spreagadh agus iad a réamh-mhaoiniú do na rannpháirtithe.

Bhí na cúrsaí speisialaithe seo ar fáil i ndisciplíní teicniúla, amhail innealtóireacht geospásúil, anailísí sonraí, teicneolaíocht faisnéise agus staidéir mhaoine. Bhain breis agus 20 ball foirne leas as an deis chun scileanna a uasghrádú. D'éascaigh an tionscnamh seo bainistiú tallann agus pleanáil chomharbais sa PRA. Chuir sé feabhas ar inniúlacht eagraíochtúil agus rinne sé an soláthar d'iarrthóirí cáilithe go teicniúil a mhéadú atá ar fáil le haghaidh ardaithe céime sa todhchaí.

**CÁS-STAIDÉAR:**

### Pleanáil Fórsa Saothair - Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim



Is uirlis riachtanach í pleanáil fórsa saothair do na Coimisinéirí Ioncaim chun an líon ceart daoine a fháil a bhfuil na scileanna cearta acu san áit cheart ag an am ceart. Aithnítear i ndearcadh fórsa saothair na gCoimisinéirí Ioncaim le haghaidh 2017 go dtí 2021 dúshlán déimeagrafach agus bearnaí acmhainne agus scileanna mar thoradh air sin. Rachaidh thart ar 1,500 ball foirne a bhfuil taithí acu ar scor laistigh de chúig bliana, i réimsí scileanna criticiúla, lena n-áirítear iniúchóireacht agus teicneolaíocht faisnéise. Ní mór scileanna nua agus scileanna atá ag teacht chun cinn a fháil, lena n-áirítear ard-anailísíocht.

Ní mór do na Coimisinéirí Ioncaim leanúint le breis agus 500 duine cumasacha a earcú gach bliain, agus cumas inmheánach a thógáil agus a choinneáil. Gach bliain, bíonn thart ar 200 ball foirne nua ar chlár oiliúna cánach a mhaireann sé mhí le haghaidh seirbhíse do chustaiméirí agus cuirfidh 150 ball foirne tús le clár oiliúna iniúchóireachta creidiúnaithe a mhaireann dhá bhliain.

## Gníomh 14: Forbairt ghairmiúil atá leanúnach agus freagrúil

D'fhonn eagraíochtaí seirbhíse poiblí lúfara agus athléimneacha a thógáil, tá deiseanna forbartha gairme ag teastáil ó fhostaithe sa tseirbhís phoiblí, lena n-áirítear saineolas agus scileanna a mhéadú i réimsí amhail ceannaireacht agus bainistíocht, HRM, TFC, airgeadas, teangacha, meastóireacht, anailís sonraí agus bainistíocht sonraí. Beidh an grúpa SHRML, le tacú ó Oifig Bhainistíochta Chláir Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí (PMO) sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ón tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS), le hionchur ón Roinn Gnó, Fiontraíochta agus Nuálaíochta ar riachtanais scileanna, i gceannas ar an ngníomh seo agus déanfaidh sé na nithe seo a leanas:

- obair leis an tSeirbhís Phoiblí Shinsearach (SPS) agus a cuid oibre a mheas sa chomhthéacs de chláir ceannaireachta agus bhainistíochta tallann a chuirtear ar fail, agus iarracht a dhéanamh chun leanúint le bearta SPS a leathnú chuig an tseirbhís phoiblí i gcoitinne nuair is féidir;
- earcaíocht oscailte níos fearr a chur chun cinn, chomh maith le soghluaisteacht idir eagraíochtaí seirbhíse poiblí; féachaint ar thionscnaimh phíolótacha chun bacainní ar thuilleadh soghluaisteachta agus earcaíocht oscailte sa tseirbhís phoiblí a aithint agus réitigh a mholadh;
- obair le *OneLearning*, an tIonad Foghlama agus Forbartha don Státseirbhís agus do chomhlachtaí oiliúna comhfhreagracha ar fud na seirbhíse poiblí chun na príomhscileanna atá ag teastáil agus na bearnaí scileanna atá ag teacht chun cinn a aithint, agus chun iniúchadh scileanna don tseirbhís phoiblí a fhorbairt chun gairmiúlacht a éascú; agus
- obair leis an PAS le straitéisí a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí a aithníodh in iniúchtaí scileanna ag leanúint ó Ghníomh 13.

D'fhonn rath sa ghníomh seo a thomhas, déanfar táscairí oiriúnacha a aithint nó a fhorbairt agus d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh, de réir mar is iomchuí:

- monatóireacht a dhéanamh ar tháscairí ar ardú céime inmheánach, earcaíocht oscailte, coinneáil agus feidhmíocht;
- monatóireacht a dhéanamh ar tháscairí ar shoghluaisteacht de réir earnála agus réigiúin;

- measúnú a dhéanamh ar thorthaí ó shuirbhéanna rannpháirtíochta fostaithe maidir le caighdeán na ceannaireachta, deiseanna d'fhorbairt ghairme agus soghluaisteacht in eagraíochtaí seirbhíse poiblí; agus
- leibhéal infheistíochta i bhfoghlaim agus i bhforbairt.

**CÁS-STAIDÉAR:**

Straitéis Dhaoine FSS




Is é an príomhghníomh laistigh de Straitéis Dhaoine FSS ná ceannaireacht agus cultúr a mhúnlú laistigh de sheirbhís sláinte na hÉireann, trí Acadamh Ceannaireachta náisiúnta a chruthú. Tá an infheistíocht seo i gceannas ár seirbhíse sláinte deartha chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht na foirne agus sa deireadh chun cúram ardchaighdeáin d'othair a sheachadadh. Bainfidh an tAcadamh Ceannaireachta úsáid as na ceannairí is fearr smaointeoireachta agus bunaithe ar chleachtais ar fud an chórais chun caighdeáin cheannaireachta, cleachtas agus bainistíochta comharbais a threorú, chun tionchar a imirt orthu agus chun iad a fhorbairt. Tá dhá chlár á dtairiscint tríd an Acadamh Ceannaireachta.

Is clár a mhaireann 12 mhí é *Leading Care I*, atá deartha go sonrach chun ceannairí sinsearacha a fhorbairt agus dúshlán a chur rompu. Agus é deartha ag saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta i sláinte agus i bhfeidhmíocht eagraíochtúil, táirgeann an clár tacaíocht agus foghlaim chun athléimneacht phearsanta, iontaoibh agus cumais a thógáil. Cuirfear tús leis an gcéad chohórt de Leading Care I i nDeireadh Fómhair 2017. Is clár ag leibhéal Máistreachta é Leading Care II dóibh siúd atá ag lorg forbartha agus spreagtha chun feabhas tapa a chur ar a gcuid seirbhíse agus chun a gcumas ceannaireachta a fheabhsú. Cuireadh tús leis an gcéad chohórt de Leading Care II i nDeireadh Fómhair 2017.

**CÁS-STAIDÉAR:**

Clár Oiliúna Measúnaithe 2014-2016-An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA)

Idir 2014 agus 2016, d'fhorbair agus sheachaid an DCYA, i gcomhar leis an Lárionad do Sheirbhísí Éifeachtacha (CES), clár oiliúna meastóireachta tiomnaithe d'fhoireann DCYA agus Tusla (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus Teaghlaigh) ag gráid mheánbhainistíochta. Rinneadh an clár oiliúna a sheachadadh ar thrí ócáid ar leith, agus eagnaí ionchorpraithe i ngach seisiún. Sa chlár oiliúna cuireadh rannpháirtithe ar an eolas ar na príomhchoincheapa maidir le meastóireacht agus Athbhreithnithe Luach ar Airgead. Go dtí seo, bhain breis agus 30 ball foirne meánbhainistíochta leas as an gclár oiliúna. Tá ath-dhearadh an chláir maidir le seachadadh chuig an státseirbhís níos leithne ag dul ar aghaidh laistigh de DCYA, i gcomhar le CES. Tá dhá chlár píolótacha sceidealaithe le cur ar fáil chuig an bhfoireann ar fud na státseirbhíse i rith 2018, agus pleanáil ar siúl i ndáil le seachadadh leanúnach ina dhiaidh sin.

# Gníomh 15: Bainistíocht feidhmíochta a neartú

Tá éagsúlacht i gcórais, próisis agus cleachtais bhainistíochta feidhmíochta ar fud na seirbhíse poiblí. Tá feidhmíocht eagraíochtúil ag brath ar fheidhmíocht dhaoine aonair agus fhoirne ar fud na seirbhíse poiblí. D'fhonn feidhmíocht láidir agus cultúr cuntasachta a spreagadh fud na seirbhíse poiblí, ba chóir bainistíocht feidhmíochta a neartú agus a chleachtadh ar bhonn laethúil. Tá an fhéidearthacht ann, áfach, chun comhoibriú ar dhea-chleachtas agus chun béim a leagan ar dheiseanna le dea-chuir chuige a mhacasamhlú nuair is cuí.

Beidh eagraíochtaí seirbhíse poiblí a thuairiscíonn trí threoracha earnála chuig an PSLB freagrach as an ngníomh seo a chur chun feidhme trí:

- na córais bhainistíochta feidhmíochta a chur chun feidhme go hiomlán in earnálacha nach bhfuil siad le fáil iontu faoi láthair faoi 1 Eanáir 2019, mar atá sainordaithe faoi Alt 2.7 den *Public Services Stability Agreement 2018-2020*, ar comhaontú é idir an Rialtas agus ceardchumainn na seirbhíse poiblí agus comhlachais ionadaíochta.

D'fhonn rath sa ghníomh seo a thomhas, déanfar táscairí oiriúnacha a aithint nó a fhorbairt agus d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh, de réir mar is iomchuí:

- monatóireacht a dhéanamh ar rátaí coinneála foirne;
- athbhreithniú agus anailís a dhéanamh ar na freagraí suirbhé rannpháirtíochta fostaithe ar conas a bhainistíonn eagraíochtaí seirbhíse poiblí tearcfheidhmíocht; agus
- monatóireacht a dhéanamh ar neamhláithreachas agus rátaí saoire bhreoiteachta.

**CÁS-STAIDÉAR:**

Bainistíocht feidhmíochta sa státseirbhís



Sa státseirbhís, neartaíodh an creat chun feidhmíocht a bhainistiú tríd an bhformaid nua rátála dhá phointe PMDS a tugadh isteach in 2016. Tháinig *Cód Araíonachta na Státseirbhíse* i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2016 agus Lámhleabhar do Bhainisteoirí Líne ag gabháil leis. Tháinig an *Beartas um Bainistíocht Tearcfheidhmíochta* nua i bhfeidhm ó Eanáir 2017. Cuireadh oiliúint ar fáil d'Aonaid AD agus do bhainisteoirí líne chun tacú le bainistíocht feidhmíochta. Bhain breis agus 5,000 státseirbhíseach leas as an oiliúint seo go dtí seo.

## Gníomh 16: Comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn

Tá sé tábhachtach go mbainfidh an tseirbhís phoiblí tuilleadh comhionannais dheiseanna, cothromaíochta inscne, éagsúlachta agus cuimsithe amach ar fud a fórsa saothair, agus go nglacfar le cur chuige comhsheasmhach chun a áirithiú go bhfuil an tseirbhís phoiblí ionadaíoch go ginearálta don tsochaí agus go bhfuil meas aici maidir le cearta daonna agus go gcuireann sí cearta daonna chun cinn, ag teacht le reachtaíocht chomhionannais. Ba chóir go mbeadh eagraíochtaí seirbhíse poiblí ionadaíoch de shochaí na hÉireann i gcoitinne. Ba chóir go mbeadh fostaithe ó ghrúpa faoi ghannionadaíocht go traidisiúnta curtha san áireamh in obair a n-eagraíochtaí agus comhionannas acu le haghaidh dul chun cinn. Beidh gach eagraíocht seirbhíse poiblí freagrach as an ngníomh seo agus déanfaidh siad na nithe seo a leanas:

- dea-chleachtais agus ceachtanna a foghlaimíodh a mheas maidir le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsitheacht in eagraíochtaí seirbhíse poiblí a chur chun cinn ó thionscnaimh nua sa réimse seo, amhail an Beartas Éagsúlachta agus Cuimsithe in *Straitéis Dhaoine na Státseirbhíse* agus an Líonra LGBTI de chuid FSS a seoladh le déanaí, rud is féidir a chomhroinnt le heagraíochtaí seirbhíse poiblí eile;
- cothromaíocht inscne a fheabhsú ag gach leibhéal trí chur chun feidhme gníomhaíochtaí faoi *Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní,* 2017-2020. Áireofar leis seo cothromaíocht inscne a mhéadú ar bhoird stáit agus ag leibhéil shinsearacha ar fud na seirbhíse poiblí;
- obair chun an sprioc 6% d'ionadaíocht do dhaoine faoi mhíchumas san earnáil phoiblí a bhaint amach, ag teacht leis an *Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas;*
- obair chun an sprioc a bhaint amach gur chóir go mbeadh 1% ar a laghad den státseirbhís as bunús mionlaigh nó imirceach faoi 2020, ar aon dul leis an *Straitéis Chomhtháthaithe maidir le hImircigh* agus a mheas conas is féidir leis an tseirbhís phoiblí tacú leis an Straitéis seo freisin;
- aird a thabhairt ar threoir a d'eisigh an Coimisiún um Chearta Daonna agus Comhionannas chun cuidiú le heagraíochtaí san earnáil phoiblí chun a áirithiú go gcomhlíonfar Dualgas na hEarnála Poiblí, ina leagtar amach an gá atá le hidirdhealú a dhíbirt, comhionannas a chur chun cinn agus cearta daonna a chosaint; agus
- leanúint le tacú le socruithe cothromaíochta oibre is saoil, ag teacht le *Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí, 2018-2020.*

D'fhonn rath sa ghníomh seo a thomhas, déanfar táscairí oiriúnacha a aithint nó a fhorbairt agus d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh, de réir mar is iomchuí:

- monatóireacht a dhéanamh ar ionadaíocht inscne ar gach leibhéal in eagraíochtaí poiblí agus státseirbhíse, go háirithe in ionadaíocht na mban ag leibhéil bhainistíochta shinsearacha;
- feabhsúcháin in éagsúlacht na bhfostaithe sa tseirbhís phoiblí, go háirithe cuimsiú na ngrúpaí faoi ghannionadaíocht go traidisiúnta; agus
- feabhsúcháin i bhfeidhmíocht sheirbhís phoiblí na hÉireann i monatóireacht ábhartha chomhionannais agus chearta daonna ag eagraíochtaí idirnáisiúnta (Mná NA, UNDP, OSCE-ODHIR, Comhairle na hEorpa, OECD agus an AE).

## CÁS-STAIDÉAR:

### Comhionannas Inscne - An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála



In 2017, leathnaigh an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála a chuid oibre atá ann faoi láthair ar chomhionannas inscne trí thionscnamh nua a sheoladh ar Chomhionannas agus Éagsúlacht, lena n-áirítear inscne, aois, cine, claonadh gnéis, cúlra socheacnamaíoch, reiligiún agus ballraíocht den Lucht Siúil , míchumas agus stádas sibhialta nó teaghlaigh. Tá sé mar aidhm ag an Roinn timpeallacht oibre chuimsitheach agus éagsúil a chruthú, rud a spreagann cultúr de mheas agus comhionannais don fhoireann agus dóibh siúd ar a bhfreastalaíonn siad. Iarradh ar an bhfoireann páirt a ghlacadh i gceardlann ar bhrí na héagsúlachta agus an chomhionannais ina dtuairim féin. Tionóladh seimineáir ar stair LGBTQ agus ar sheachadadh seirbhísí consalacha do shaoránaigh LGBTQ thar lear.

Tá obair ar bun anois chun *Plean Gníomhaíochta ar Chomhionannas agus Éagsúlacht* a ullmhú don Roinn. Bainfidh sé úsáid as dea-chleachtas san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach agus in aireachtaí eachtracha eile. Beidh sé sin ag dul le seachadadh leanúnach na Roinne dá *Plean Gníomhaíochta Comhionannas Inscne*, inar tugadh isteach oiliúint chlaontachta gan aithne, meantóireacht agus oiliúint fheidhmiúcháin, agus bearta chun comhionannas inscne a áirithiú i dtascanna agus i bpromóisin.

## CÁS-STAIDÉAR:

### Straitéis Éagsúlachta agus Chuimsitheachta agus Beartais Chomhionannais-Fórsaí Cosanta na hÉireann



Aithníonn an Eagraíocht Cosanta go gcaithfidh Fórsaí Cosanta na hÉireann a bheith ionadaíoch don tsochaí atá ag athrú ar a bhfreastalaíonn siad sa bhaile agus thar lear. Chun tacú leis sin, d'fhorbair an Eagraíocht Chosanta *Plean Gníomhaíochta agus Ráiteas Straitéiseach Éagsúlachta agus Cuimsitheachta na bhFórsaí Cosanta* agus *Beartas Comhionannais na bhFórsaí Cosanta.* I measc na réimsí a aithníodh le haghaidh gníomhartha ná beartais acmhainní daonna, oiliúint, cumarsáid agus a áirithiú go léiríonn na Fórsaí cosanta sochaí na hÉireann.

Beidh na gníomhartha ina gcuidiú le háirithiú go ndearbhaíonn fógraíocht earcaíochta do na Fórsaí Cosanta comhionannas agus éagsúlacht. Beidh siad ina gcuidiú freisin chun Fórsaí Cosanta na hÉireann a léiriú mar rogha gairme tarraingteach do go leor daoine, rud mar sin a neartóidh beartais eile earcaíochta agus choinneála.

## Gníomh 17: Rannpháirtíocht fostaithe a mhéadú

Cuirfidh fostaithe i mbun oibre, a thuigeann an tábhacht a bhaineann lena ról, agus a bhraitheann go bhfuil luach ag baint leo, le feidhmíocht eagraíochtúil fheabhsaithe. D'fhéadfadh suirbhéanna rialta rannpháirtíochta fostaithe a bheith ina n-uirlisí an-éifeachtacha chun leibhéal sástachta a thomhas, chun dul chun cinn a thagarmharcáil agus chun réimsí rannpháirtíochta arda nó ísle a aithint ar fud eagraíochtaí, agus is féidir iad a úsáid chun ceannaireacht, rannpháirtíocht, feidhmíocht agus oibriúchán ar fud na seirbhíse poiblí a thomhas agus a mheasúnú. Is féidir trí shuirbhéanna den chineál sin cuidiú freisin le gnéithe a shainaithint a chuireann le leibhéil arda nó ísle rannpháirtíochta agus, sa tslí sin, aird a tharraingt ar na luamháin fhéideartha chun déileáil le haon cheisteanna rannpháirtíochta. Beidh na ceannairí RDO agus AD ar fud na nEarnálacha freagrach as an ngníomh seo a chur i bhfeidhm agus déanfaidh siad na nithe seo a leanas:

- suirbhéanna rannpháirtíochta fostaithe agus uirlisí den chineál céanna a úsáid chun tacú le straitéisí HRM tiomnaithe ag sonraí, bunaithe ar fhianaise agus ar bhonn aonair; agus
- na torthaí ó aiseolas ar rannpháirtíocht fostaithe a mheasúnú agus iad a úsáid chun eolas a chur ar HRM agus ar chuir chuige cheannaireachta. Cuirfidh sé seo feabhas ar rannpháirtíocht fostaithe sa mheántéarma, rud a chuirfidh feabhas ar thorthaí eagraíochtúla.

D'fhonn rath sa ghníomh seo a thomhas, déanfar táscairí oiriúnacha a aithint nó a fhorbairt agus d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh, de réir mar is iomchuí:

- torthaí ó shuirbhéanna rialta rannpháirtíochta fostaithe nó uirlisí aiseolais den chineál céanna chun rannpháirtíocht agus tiománaithe ábhartha rannpháirtíochta a thomhas agus a thagarmharcáil;
- torthaí tuarascálacha comparáideacha chun cur ar chumas na mbainisteoirí dul chun cinn a n-aonaid a thagarmharcáil in aghaidh aonad eile den chineál céanna agus a n-eagraíocht a thagarmharcáil i gcoinne meán na seirbhíse poiblí; agus
- aitheantas d'éachtaí agus ardfheidhmíocht a thomhas.

### CÁS-STAIDÉAR:

Suirbhé Rannpháirtíochta Fostaithe na Státseirbhíse 2017




Tá dara Suirbhé Rannpháirtíochta Fostaithe na Státseirbhíse deartha chun guth a thabhairt do státseirbhísigh maidir lena gcuid oibre, lena mbainisteoirí agus le ceannaireacht a n-eagraíochta. Déanfaidh sé freisin rannpháirtíochta fostaithe, folláine, déileáil le hathraithe agus tiomantas don eagraíocht a thomhas agus a mheasúnú. Ghlac breis agus 21,300 státseirbhíseach nó 56% den mhéid iomlán acu, páirt sa suirbhé i Meán Fómhair 2017 agus táthar ag súil go bhfoilseofar na torthaí in Earrach 2018.

Léiríodh go leor láidreachtaí i suirbhé 2015 agus freisin réimsí ina bhfuil gá don státseirbhís a fheabhsú agus a cuid iarrachtaí a dhíriú. Le torthaí le dhá bhliain anuas, cuireadh bonn eolais faoi chinntí bainistíochta agus cuireadh athruithe chun tosaigh.

### CÁS-STAIDÉAR:

Tionscnamh Rannpháirtíochta agus Nuálaíochta- An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (DEASP)



Baineann tionscnamh Rannpháirtíochta agus Nuálaíochta (E&I) de chuid DEASP úsáid is fearr as caipiteal AD chun fadhbanna a réiteach agus seirbhísí a fheabhsú. Bunaithe ar chomhpháirtíocht, ach faoi cheangal ama agus dírithe ar thorthaí, cothaíonn E&I cur chuige comhoibríoch maidir le dúshláin a aithint, réitigh a shainaithint agus athruithe a bhainistiú. Tríd an gcur chuige aontaithe tras-ghráid seo agus tacaíocht bhainteach ó gach ball foirne, cinntítear seachadadh d'athruithe níos éifeachtaí. Réitíonn sé fadhbanna san ionad oibre agus tá sé cuimsitheach. Cuireann sé leis an bpróiseas leanúnach d'fheabhsúchán leanúnach ar an tseirbhís don phobal agus nascann sé leis an obair chun cultúr agus luachanna eagraíochta a leabú ar fud gníomhaíochtaí agus tionscnamh na Roinne. Spreagann sé agus cuireann sé nuálaíocht chun cinn.

# Gníomh 18: Cultúr agus luachanna na seirbhíse poiblí a athbhreithniú

Is ionann cultúr eagraíochtúil agus na comhluachanna agus na comhchreidimh a mbíonn tionchar acu ar bhaill eagraíochta maidir leis an gcaoi a ndéanann siad a gcuid oibre agus leis an gcaoi a n-idirghníomhaíonn siad lena chéile. Léirítear é tríd an gcomhthaispeáint d'iompraíochtaí agus de chleachtais ar fud eagraíochta. D'fhéadfadh mórán cúinsí, cibé acu seachtrach nó inmheánach, tionchar a imirt ar fhorbairt an chultúir.

Glactar leis go forleathan gur féidir le cultúr eagraíochtúil tionchar láidir a imirt ar fheidhmíocht eagraíochtúil. Más rud é go bhfuil an cultúr mífheidhmiúil, d'fhéadfadh foireann scoite amach a bheith mar thoradh air, mar aon le neamhfheidhmiúlacht agus gan cuspóirí eagrúcháin agus tosaíochtaí an Rialtais bainte amach sa deireadh. Tá cultúr eagraíochtúil i seirbhís phoiblí na hÉireann casta. Tá mórán eagraíochtaí ann, gach ceann acu lena haitheantas cultúrtha féin agus lena sraith luachanna féin. Beidh an grúpa SHRML, arna thacú ag an RDO sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i gceannas ar an ngníomh seo ar chultúr dearfach eagrúcháin agus déanfaidh sé na nithe seo a leanas:

- eagraíochtaí a spreagadh chun a gcultúr a mheas ag baint úsáide as creata bunaithe cheana féin agus chun obair leantach a dhéanamh ar réimsí le feabhsú;
- prionsabail ardleibhéil a leagan amach chun cultúr dearfach eagraíochtúil a chothú ar fud na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear conas is féidir le ceannairí oibriú chun cultúr a fheabhsú; idirghabhálacha foirmiúla/neamhfhoirmiúla chun rannpháirtíocht fostaithe a fheabhsú; agus an tábhacht a bhaineann le cumarsáid; agus
- dea-chleachtas a aithint agus a scaipeadh san athbhreithniú ar chultúr agus luachanna eagrúcháin.

D'fhonn rath sa ghníomh seo a thomhas, déanfar táscairí oiriúnacha a aithint nó a fhorbairt agus d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh, de réir mar is iomchuí:

- scóir rannpháirtíochta na bhfostaithe i suirbhéanna, go háirithe maidir le táscairí ar chultúr agus iompar san ionad oibre; agus
- rátaí bhliantúla neamhláithreachais; gearán; fostaithe sásta leis an mbainisteoir díreach; eachtraí bulaíochta agus ciaptha; gearáin idirdhealaithe; éagsúlacht fórsa saothair; agus patrúin ó agallaimh scortha.

**CÁS-STAIDÉAR:**

Cultúr agus luachanna-An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (DEASP)

| We Value |
|---|
| PUBLIC SERVICE |
| CUSTOMER FOCUS |
| TOTAL PROFESSIONALISM |
| ENGAGED STAFF |
| INNOVATION |

In 2013, chuir an DEASP tús le hathbhreithniú mór ar chultúr agus luachanna na heagraíochta agus ar ionchais na ngeallsealbhóirí. Chuimsigh an t-athbhreithniú comhairliúchán le 7,000 fostaí i ngach roinn, grád agus réigiún; suirbhé ar fud na heagraíochta a bhí ann a fuair ráta freagartha 61%; agus agallaimh le páirtithe leasmhara seachtracha. Trí úsáid a bhaint as aiseolas fairsing a fuarthas, aontaíodh sraith nua de chultúr agus luachanna agus cuireadh i bhfeidhm moltaí coincréite chun iad seo a ionchorprú ar fud na Roinne. Tá na cúig phríomhluach den DEASP dírithe ar sheirbhís phoiblí, ar chustaiméirí, ar dhaoine a bheith gairmiúil, ar fhoireann a bheith gafa san obair agus ar dhaoine a bheith nuálaíoch. Leagtar na luachanna seo amach ina ráiteas straitéise 2016-2019.

# Caibidil 06
# Straitéisí Earnála

## Ról agus caidreamh an ionaid agus na hearnálacha maidir le hathchóiriú seirbhíse poiblí a chumasú

Tá Ár Seirbhís Phoiblí 2020 mar chuid de thírdhreach athraithe níos leithne ar fud sheirbhís phoiblí na hÉireann agus tá sé deartha chun "cumhacht a thabhairt do sholáthróirí seirbhíse túslíne chun tuilleadh cinntí a dhéanamh, tuilleadh seirbhísí poiblí níos inrochtana a áirithiú, chun tuilleadh comhoibrithe a spreagadh idir comhlachtaí san earnáil phoiblí agus luach a thabhairt ar nuálaíocht agus athrú sa tseirbhís phoiblí" (Clár do Rialtas Comhpháirtíochta 2016). Baineann na gníomhartha de *Ár Seirbhís Phoiblí 2020* le gach réimse den tseirbhís phoiblí agus tacóidh siad le feabhsuithe leanúnacha maidir le conas a sheachadann seirbhísigh phoiblí agus eagraíochtaí seirbhíse poiblí do mhuintir na hÉireann. Tá na gníomhartha ceaptha chun dul agus tacú leis na hathchóirithe atá á seachadadh cheana féin ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta sna hearnálacha éagsúla den tseirbhís phoiblí.

Tacóidh trí cholún an chreata le torthaí agus seirbhísí níos fearr, agus tacóidh siad le hathchóiriú ag leibhéal earnála. Tacóidh gníomhartha amhail comhoibriú uile-rialtais a neartú, cultúr nuálaíochta a chur chun cinn agus úsáid sonraí a bharrfheabhsú le seachadadh na straitéisí agus na hathchóirithe sin. Is dúshlán ar leith é a bheith ag obair i gcomhar le chéile, cibé acu ar fud eagraíochtaí éagsúla nó ar fud na seirbhíse poiblí ina hiomláine, ní hamháin in Éirinn ach freisin go hidirnáisiúnta. Beidh ábharthacht ar leith ag baint leis an ngníomh seo maidir le tacú le seachadadh de straitéisí earnála agus eile mar go mbaineann cuid mhór de na straitéisí sin le go leor imreoirí agus go deimhin is féidir cur síos a dhéanamh ar chuid acu mar uile-rialtas.

Leagtar amach sa chaibidil seo cuid de na príomhstraitéisí athchóirithe ó na príomhearnálacha chun an méid athchóirithe atá ar siúl ar fud na seirbhíse poiblí atá neamhspleách ón gcreat seo a léiriú. Leagtar amach straitéisí i ndáil le Sláinte, Ceartas agus Comhionannais, Oideachas, Rialtas Áitiúil, Cosaint agus an Státseirbhís. Chomh maith le straitéisí uile-rialtais, amhail an *Creat Pleanála Náisiúnta* agus *Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní* faoi stiúir na n-earnálacha aonair sin, tá go leor eile ata faoi stiúir Ranna Rialtais aonair. Tabharfar tacaíocht do straitéisí amhail an *Plean Gníomhaíochta do Phoist*, an *Plean Caipitil*, agus an *Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe* freisin trí ghníomhartha a chur i bhfeidhm in Ár Seirbhís Phoiblí 2020.

Leag an OECD béim ar an tábhacht a bhaineann leis an ról a bheidh ag an rialtas láir i seachadadh an chreata nua mar gheall ar a sheasamh i maoirseacht a dhéanamh ar uile-rialtas. Tá sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar ról an ionaid agus na n-earnálacha araon (agus Ranna agus eagraíochtaí aonair) in Ár Seirbhís Phoiblí 2020 a chur chun feidhme.

Maidir leis an gcreat seo, is é **ról an ionaid** ná:

- a rannpháirtíocht agus a shaineolas féin ar nuálaíocht na seirbhíse poiblí a fheabhsú;
- leanúint le rannpháirtíocht agus malartú ar athchóiriú le dlínsí eile agus iad a dhoimhniú;
- dea-chleachtas maidir le hathchóiriú agus nuálaíocht a scaipeadh agus a chur chun cinn ar fud na seirbhíse poiblí agus cur chuige tomhas amháin a oireann do chách a sheachaint;
- tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm na ngníomhaíochtaí thar thrí cholún an chreata seo agus monatóireacht a dhéanamh air sin; agus
- comhleanúnachas a áirithiú ar fud na n-uirlisí agus saineolais a sholáthraíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don tseirbhís phoiblí níos leithne.

Is iad seo a leanas **ról na n-earnálacha**:

- na prionsabail leathana seo a leabú i ngach eagraíocht seirbhíse poiblí;
- an creat a úsáid mar threoir chun na prionsabail sin a chur chun cinn;
- dea-chleachtas agus nuálaíochtaí a aithint agus a chomhroinnt;
- bacainní ar chur i bhfeidhm a aithint nach féidir iad a réiteach go háitiúil agus iad seo a thabhairt do na struchtúir rialachais lárnacha arna mbunú le haghaidh Ár Seirbhís Phoiblí 2020; agus
- coinneáil cothrom le dáta le nuálaíocht agus le dea-chleachtas ina réimsí saineolais.

## Straitéisí earnála

Leagtar amach sna hailt seo a leanas na príomhstraitéisí athchóirithe ar bhonn earnála in aghaidh earnála. Tá sé mar aidhm leis seo athchóirithe a ghabháil atá ar siúl sna hearnálacha cheana féin agus seasfaidh an creat seo le straitéisí earnála.

### Sláinte

Is é misean na Roinne Sláinte ná feabhas a chur ar shláinte agus ar fholláine mhuintir na hÉireann trí dhaoine a choinneáil sláintiúil; an cúram sláinte atá ag teastáil ó dhaoine a chur ar fáil; seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar; agus an luach is fearr a bhaint as acmhainní an chórais sláinte. Tá clár mór athchóirithe ar siúl san earnáil Sláinte atá ailínithe leis seo agus áirítear leis na príomhstraitéisí athchóirithe seo a leanas:

- Tá clár mór le haghaidh sábháilteachta agus abhcóideachta othar á chur ar fáil. Áirítear leis seo bunú den Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Othar agus Comhairle Chomhairleach Náisiúnta um Shábháilteacht Othar. Tabharfar tosaíocht do chur i bhfeidhm an Phlean Ghníomhaíochta Náisiúnta maidir le Friotaíocht Frithmhiocróbach freisin.
- Leanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar aghaidh leis an gClár Náisiúnta Aitheantóirí Sláinte de réir an Achta um Aitheantóir Sláinte 2014.
- Éire Shláintiúil-Creat chun Sláinte agus Folláine a Fheabhsú 2013-2025, an creat uile-rialtais chun feabhas a chur ar shláinte agus ar fholláine agus ar chaighdeán shaol na ndaoine. Cuireann an cur chuige comhtháite seo taca faoi fhorbairt de mhúnlaí náisiúnta cúraim agus beartas náisiúnta, lena n-áirítear:
    - Éire atá Saor ó Thobac (2013);
    - Meáchan Sláintiúil d'Éirinn-Beartas agus Plean Gníomhaíochta maidir le Murtall 2016-2025;
    - Get Active Ireland! Plean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil (2016);
    - Straitéis Náisiúnta Sláinteghnéis 2015-2020;
    - An Straitéis Náisiúnta um Aosú Dearfach (2013); agus
    - Dochar a Laghdú, Téarnamh a Chothú - freagairt atá faoi stiúir ag an tsláinte i leith úsáid drugaí agus alcóil in Éirinn 2017-2025.
- Maidir le heagrú éifeachtach de sheirbhísí ospidéil agus de bhealaí othar, tá múnla foriomlán á fhorbairt ag an Roinn de ghéarchúram atá tacaithe ag na cláir chúraim chliniciúla náisiúnta, agus é mar chuspóir leis tacú le cúram príomhúil agus sóisialta chun comhordú agus comhtháthú cúraim níos láidre a bhaint amach d'othair, a chuimsíonn na nithe seo a leanas:
- An Straitéis Náisiúnta Máithreachais 2016;
- An Straitéis Náisiúnta Ailse 2017-2026; agus
- Beartas Náisiúnta Tráma.
- Leanfar le clár suntasach Athchóirithe na Seirbhíse Otharcharranna Náisiúnta d'fhonn seirbhís nua-aimseartha, sábháilte, freagrach agus ar ardchaighdeán a chur ar fáil.
- Tá Creat Náisiúnta Straitéiseach i ndáil le Pleanáil Fórsa Saothair Chúram Sláinte agus Sóisialta á fhorbairt i gcomhar le FSS agus leis an earnáil oideachais chun pleanáil fórsa saothair chúram sláinte agus sóisialta a threorú isteach sa todhchaí.
- Rinneadh sa Tascfhórsa um Fhoireann agus Meascán Scileanna le haghaidh Altranais creat chun leibhéil optamacha na foirne altranais agus meascán scileanna a chinneadh ar fud suíomhanna cúraim ospidéil ghéarmhíochaine, ghinearálta agus othar cónaitheach leighis agus máinliachta.
- Baineadh amach comhdhearcadh traspháirtí ar chúram sláinte in Éirinn sa todhchaí don chéad uair riamh, rud atá léirithe sa Tuarascáil Sláintecare ón gCoiste ar Chúram Sláinte sa Todhchaí.
- Is gné lárnach é an Working Better Together Change Programme i rannchuidiú na Roinne le hAthnuachan na Státseirbhíse.

### Ceartas agus Comhionannas

Is é misean na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais oibriú le chéile chun slándáil phobail agus náisiúnta a chur chun cinn, chun ceartas agus comhionannas a chur chun cinn agus chun cearta daonna a chosaint. Ag obair i dtreo a bhfíse le haghaidh 'Éire sábháilte, chothrom agus chuimsitheach', is iad seo a leanas na príomhstraitéisí earnála san earnáil Dlí agus Cirt i rith na tréimhse 2017-2020. Tá an Roinn tiomanta do chlár feabhsaithe bunaithe ar neartú leanúnach a dhéanamh ar struchtúr rialachais, ar cheannaireacht agus ar chleachtais bhainistíochta, chomh maith le luachanna cultúrtha a leabú bunaithe ar Chairt Chultúir na Roinne 2016.

- Clár Nuachóirithe agus Athnuachana 2016-2021, arb é plean fórsa saothair athchóirithe agus ardleibhéil cúig bliana an Gharda Síochána. Is iad na príomh-athchóirithe sa phlean tuilleadh sibhialtachaithe in eagraíocht an Gharda agus cur chun feidhme de mhúnla nua roinne póilíneachta.

» Leagtar amach i bPlean Straitéiseach 2016-2018 de chuid Sheirbhís Príosún na hÉireann na príomhghníomhaíochtaí a dhéanfaidh an tSeirbhís, i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara. Tá an straitéis tacaithe ag pleananna agus straitéisí breise, lena n-áirítear:
  - Plean Cumarsáide agus Rannpháirtíochta 2016-2018;
  - Straitéis Chaipitil 2016-2021;
  - Straitéis na Seirbhíse Síceolaíochta 2016-2018; agus
  - Comhstraitéis Oideachais IPS/ETBI 2016-2018.

» Bealach Nua Chun Tosaigh-Straitéis Fhiontraíochta Sóisialta 2017-2019 comhstraitéis ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an tSeirbhís Phromhaidh a leagann béim ar an tionchar dearfach a bhaineann le fostaíocht a aimsiú.

» Comhstraitéis do Bhainistiú Ciontóirí 2016-2018;

» An Dara Straitéis Náisiúnta um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe 2016-2021;

» An Straitéis maidir le hlmeascadh na nImirceach nua agus cuimsitheach a chlúdaíonn an treimhse 2017-2020;

» Glacann an Straitéis Náisiúnta Chuimsithe Taistealaithe agus Romacha (NTRIS) 2017-2021 nua cur chuige uile-rialtais maidir le feabhas a chur ar shaolta Taistealaithe agus Romacha in Éirinn;

» Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní 2017-2020, ráiteas tosaíochtaí uile-rialtais maidir le cur chun tosaigh na mban agus na gcailíní i ngach réimse de shochaí na hÉireann; agus

» Glacann Straitéis Náisiúnta Chuimsithe Míchumais 2017-2021 cur chuige uile-rialtais maidir le feabhas a chur ar shaolta na ndaoine faoi mhíchumas.

Cuireadh tús ar leith le forbairt de Straitéis Chuimsithe LGBTI foriomlán le linn 2017.

## Oideachas

Is é misean na Roinne Oideachais agus Scileanna ná daoine aonair a éascú trí fhoghlaim, chun a gcumas iomlán a bhaint amach agus chun cur le forbairt shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíoch na hÉireann. Is í an fhís, mar atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019, an córas oideachais is fearr san Eoraip a bheith ann faoi 2026. Ag teacht ó Ráiteas Straitéise na Roinne, cuimsíonn an Plean Gníomhaíochta na céadta gníomh atá le baint amach ar fud na hearnála oideachais agus oiliúna d'fhonn na príomhthorthaí a sholáthar: feabhas a chur ar an eispéireas foghlama agus ar rath na bhfoghlaimeoirí; feabhas a chur ar dhul chun cinn na bhfoghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais nó foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu; cuidiú leo siúd a sheachadann seirbhísí oideachais chun feabhsú ar bhonn leanúnach; naisc níos láidre a thógáil idir oideachas agus an pobal níos leithne; agus feabhas a chur ar sheirbhísí náisiúnta pleanála agus tacaíochta.

Leagtar amach sa *Phlean Gníomhaíochta 2016-2019* dátaí soiléire seachadta i ndáil leis na mór-straitéisí athchóirithe laistigh den earnáil, le pleananna bliantúla nuashonraithe foilsithe. Leanfar le dul chun cinn i dtreo na dtorthaí sonraithe a thomhas trí shraith táscairí agus spriocanna náisiúnta agus idirnáisiúnta, mar a thaispeántar san fhoilsiú de thuarascálacha ráithiúla ar dhul chun cinn agus d'athbhreithnithe bliantúla. Áirítear leis na mór-straitéisí athchóirithe le haghaidh oideachais agus oiliúna na nithe seo a leanas:

» Leagtar amach sa Straitéis Náisiúnta chun Litearthacht agus Uimhearthacht a Fheabhsú (2011-2020) fís shoiléir maidir le caighdeáin litearthachta agus uimhearthachta a ardú. Tá sé mar aidhm léi dul i ngleic le hábhair imní suntasacha maidir le cé chomh maith is atá daoine óga ag forbairt na scileanna litearthachta agus uimhearthachta a bheidh ag teastáil uathu le bheith go hiomlán rannpháirteach sa chóras oideachais, chun saol sásúil agus luachmhar a bheith acu, agus le bheith rannpháirteach mar dhaoine gníomhacha agus eolasacha sa tsochaí;

» Cuireann straitéis DEIS fís ar fáil d'Éirinn mar an tír is fearr san Eoraip maidir le hoideachas a úsáid chun bacainní a shárú agus chun an timthriall de mhíbhuntáiste idirghiniúna a chosc trí fhoghlaimeoirí a chumasú chun páirt a ghlacadh, chun rath a bheith acu agus chun cur go héifeachtach leis an tsochaí i ndomhan atá ag athrú;

» Tá sé mar aidhm leis an Straitéis Bhreisoideachas agus Bhreisoiliúna (FET) 2014-2019 córas comhtháite den scoth FET a chur ar fáil in Éirinn, rud a chuirfidh forbairt eacnamaíoch chun cinn agus riachtanais an phobail a chomhlíonadh;

» Tá sé mar aidhm leis an Straitéis Náisiúnta Scileanna 2025 a áirithiú go leagann soláthróirí oideachais agus oiliúna béim ar fhócas níos láidre maidir le deiseanna forbartha scileanna a chur ar fáil atá ábhartha do riachtanais na bhfoghlaimeoirí, na sochaí agus an gheilleagair. Tá sé dírithe ar rannpháirtíocht in STEM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic) a mhéadú, an t-aistriú d'eolas agus scileanna idir oideachas agus tionsclaíocht a fheabhsú agus rannpháirtíocht in FET a mhéadú;

» Plean Gníomhaíochta le Cúrsaí Printíseachta agus Cúrsaí Oiliúna a Fhorbairt in Éirinn 2016-2020

trína bhfuil Éire ag iarraidh foghlaim bunaithe ar an obair a bhunú mar phríomh-rannpháirtí dár bhfás mar shochaí agus mar gheilleagar. Cuirfidh sé ar chumas na bhfoghlaimeoirí na scileanna is úire agus eolas sa phost a fhorbairt;

- Soláthraíonn Straitéis Náisiúnta don Ardoideachas go dtí 2030 fís den earnáil ar féidir léi dúshláin sóisialta, eacnamaíochta agus cultúrtha a shárú trína príomhróil de theagasc agus foghlaim, taighde, scoláireacht, agus rannpháirtíocht leis an tsochaí níos leithne;
- Léiríonn Curricular Reform within Schools: The Framework for Junior Cycle (2015) conas ba chóir cleachtais theagaisc, fhoghlama agus mheastóireachta oiriúnú chun tacú le soláthar d'oideachas na sraithe sóisearaí ar ardchaighdeán, cuimsitheach agus *ábhartha;*
- Tá sé mar aidhm le Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020 poitéinseal na dteicneolaíochtaí digiteacha a bhaint amach chun feabhas a chur ar theagasc, foghlaim agus measúnú ionas gur féidir le daoine óga na hÉireann a bheith ina smaointeoirí gafa, ina bhfoghlaimeoirí gníomhacha, ina dtógálaithe faisnéise agus ina saoránaigh dhomhanda chun páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí agus sa gheilleagar; agus
- Díríonn Plean Seirbhísí Comhroinnte don Earnáil Oideachais agus Oiliúna 2017-2020 ar réimse de phríomhthionscadail chomhsheirbhíse a chur chun tosaigh agus ar na seirbhísí éagsúla soláthair a fhaigheann tacú faoi láthair ón Roinn ar fud na hearnála a ailíniú.

## Rialtas Áitiúil

Is é misean na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ná tacú le seachadadh inbhuanaithe agus éifeachtúil de thithe dea-phleanáilte agus de rialtas áitiúil éifeachtach. Oibríonn an Roinn leis an earnáil Rialtais Áitiúil lena chinntiú go gcuireann pleanáil agus forbairt inár réigiúin agus inár bpobail le forbairt inbhuanaithe agus chothrom; chun soláthar a dhéanamh maidir le soláthar cobhsaí, inbhuanaithe de thithíocht ar ardchaighdeán; creat a sholáthar do bhainistiú inbhuanaithe d'acmhainní uisce ó fhoinse go muir; tacaíocht a thabhairt do rialtas áitiúil daonlathach, freagrúil agus éifeachtach, bainistíocht toghcháin éifeachtach agus seirbhísí dóiteáin agus bainistíocht éigeandála ar ardchaighdeán agus iad siúd a chumasú; agus freastal ar an tsochaí trí fhaisnéis iontaofa aimsire agus aeráide a tháirgeadh agus a chur in iúl.

Seachadann údaráis áitiúla raon an-leathan seirbhísí do roinnt Ranna Rialtais éagsúla. Áirítear le príomhfheidhmeanna na gcomhairlí cathrach agus contae ná iad seo a leanas: tithíocht, pleanáil agus forbairt, iompar, bainistíocht comhshaoil, forbairt eacnamaíoch áitiúil agus cuimsiú sóisialta chomh maith le seachadadh seirbhísí uisce faoi Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse le hUisce Éireann.

Tríd na Coistí Áitiúla Pobail agus Forbartha (LCDC) tá na húdaráis áitiúla i gceannas ar fhorbairt shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha inbhuanaithe ina gceantair féin. Ina theannta sin, soláthraíonn údaráis áitiúla raon tionscnamh Rialtais, amhail athnuachan baile agus sráidbhaile, ag tacú le cur ar fáil den Phlean Náisiúnta Leathanbhanda, ag comhordú chur i bhfeidhm na bPleananna Gníomhaíochta Réigiúnacha do Phoist, an Phlean Ghníomhaíochta Turasóireachta, an Phlean Ghníomhaíochta Forbartha Tuaithe agus Aoisbhá Éireann. Baintear é seo amach i gcomhpháirtíocht le raon páirtithe leasmhara lena n-áirítear grúpaí pobail, Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit.

Áirítear leis na príomhstraitéisí a chruthaíonn treo na hearnála Rialtais Áitiúil ná iad seo a leanas:

- Tá sé mar aidhm le Atógáil Éireann - Plean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine a foilsíodh in Iúil 2016, chun aghaidh a thabhairt ar go leor srianta struchtúracha idirghníomhaithe a bhfuil tionchar acu ar sholáthar tithíochta in Éirinn. Tá sé mar aidhm leis an bPlean Gníomhaíochta na leibhéil reatha d'aschur tithíochta a mhéadú faoi dhó ar a laghad faoi 2021 chun freastal ar éileamh reatha, faoi chois agus tuartha. Tá 113 beart faoi cheangal ama thar cúig phríomhcholún atá dírithe ar Aghaidh a Thabhairt ar Easpa Dídine, Luathú Tithíocht Shóisialta, Níos Mó Tithe a Thógáil, Feabhas a Chur ar an Earnáil Chíosa agus Úsáid a Bhaint as Tithíocht atá ann cheana féin.
- Is comhthéacs nua straitéiseach pleanála agus forbartha d'Éirinn agus dá réigiúin uile sa tréimhse idir seo agus 2040 é Creat Pleanála Náisiúnta (NPF) 'Éire 2040-Ár bPlean', a leagann síos creat straitéiseach ardleibhéil don chomhordú de réimse beartas agus gníomhaíochtaí, pleanála agus infheistíochta náisiúnta, réigiúnacha agus údaráis áitiúil. Bhí tréimhse chomhairliúcháin phoiblí go déanach in 2017 i gceist leis an dréacht NPF. Is dócha go mbeidh sé ailínithe go dlúth le plean caipitil 10 mbliana d'Éirinn agus foilseofar an dá dhoiciméad go luath sa bhliain 2018.
- Tús Áite a Thabhairt do Dhaoine - Clár Gníomhaíochta le haghaidh Rialtais Áitiúil Éifeachtach (Deireadh Fómhair 2012), ina leagtar amach beartas an Rialtais maidir le córas foriomlán rialtais áitiúil, lena n-áirítear a struchtúir, a fheidhmeanna, a mhaoiniú, a rialachas agus a shocruithe oibríochtúla.

- Faoin gCreat Náisiúnta um Ghníomhaíocht Oiriúnúcháin (2012) tugtar sainordú d'údaráis áitiúla chun Straitéisí Oiriúnaithe Athraithe Aeráide áitiúla a ullmhú. Leis na straitéisí seo déanfar measúnú ar leochaileacht áitiúil do rioscaí aeráide agus déanfar gníomhaíochtaí oiriúnaithe do na cúig bliana atá amach romhainn a aithint, a chostáil agus a chur in ord tosaíochta. Tá straitéisí le bheith i bhfeidhm faoi mhí na Nollag 2017. Táthar ag súil leis go mbunófar comhsheirbhís chun maoirseacht a dhéanamh ar na straitéisí seo i rith 2018.

## Cosaint

Leagtar amach sa Pháipéar Bán ar Chosaint, a foilsíodh i mí Lúnasa 2015, an creat beartais cosanta thar thréimhse pleanála 10 mbliana go dtí 2025. Tá an Páipéar Bán comhdhéanta de shraith chuimsitheach bheartas agus beart chun na cumais is gá a sholáthar chun freastal ar riachtanais an Rialtais, ag cur san áireamh an measúnú leanúnach ar an timpeallacht slándála.

Cuimsíonn an Páipéar Bán cúnamh ó ranna agus gníomhaireachtaí eile leis an réimse cosanta chomh maith le cúnamh na Roinne Cosanta agus na bhFórsaí Cosanta. Sa chomhthéacs foriomlán seo, aithníodh 88 tionscadal ar leith a eascraíonn as an bPáipéar Bán atá le críochnú thar an tréimhse 10 mbliana.

## Athnuachan na Státseirbhíse

Tá an Plean um Athnuachan na Státseirbhíse trí bliana á chur i bhfeidhm i gceithre chéim agus tabharfar an chéim dheireanach chun críche faoi dheireadh 2017. Leagann an plean 25 ghníomhaíocht phraiticiúil amach a chruthóidh státseirbhís níos aontaithe, níos gairmiúla, níos freagrúla, níos oscailte agus níos cuntasaí. Is é an fhís fhoriomlán ná seirbhís den scoth a sholáthar don Stát agus do mhuintir na hÉireann. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leis an gclár uaillmhianach seo a chur chun feidhme agus áirítear leis na tosaíochtaí don tréimhse láithreach ná iad seo a leanas:

- na gníomhartha atá fágtha sa phlean a chur i bhfeidhm;
- anailís a dhéanamh ar na torthaí ón dara Suirbhé Rannpháirtíochta d'Fhostaithe na Státseirbhíse a sheoladh Meán Fómhair 2017.
- Clár oiliúna agus forbartha do Státseirbhísigh '*OneLearning*' a thabhairt isteach; agus
- tacú le cur i bhfeidhm Scéim Shoghluaisteachta ar fud na Státseirbhíse ag leibhéal na nOifigeach Feidhmiúcháin agus na nOifigeach Cléireachais ar chur i bhfeidhm rathúil na scéime píolótaí.

Ag féachaint chun cinn go dtí an tréimhse tar éis Phlean Athnuachana na Státseirbhíse a bheith curtha i bhfeidhm, tá Bord Bainistíochta na Státseirbhíse, a dhéanann maoirseacht ar sheachadadh na ngníomhaíochtaí sa phlean, ag machnamh ar na tosaíochtaí athnuachana ó 2018 ar aghaidh. Cuirfidh measúnú ar an dul chun cinn a rinneadh le linn saolré an phlean bonn eolais faoi seo; a mhéid a bhfuil na hathruithe a baineadh amach faoin bplean leabaithe agus na sochair bainte amach; próiseas ó ghníomhartha trasdula chuig gnáthchóras gnó; aitheantas ar na gníomhartha sa chreat seirbhíse poiblí seo; agus réimsí a shainaithint a dhéanfaidh comhdhlúthú agus a chuirfidh leis an dul chun cinn atá déanta cheana féin.

## Athchóiriú rialtais agus reachtaíochta

Leanfar le bearta chun rialtas agus riarachán poiblí oscailte, cuntasach agus trédhearcach a chur chun cinn agus a thacú, chomh maith le dea-rialachas sa tseirbhís phoiblí.

Faoi phleananna athchóirithe roimhe seo, rinneadh gníomhartha chun socruithe rialachais oscailte, cuntasacha agus eitice a neartú tuilleadh in Éirinn i ndáil le hoibriú an Rialtais agus na seirbhíse poiblí araon, d'fhonn muinín an phobail a thógáil sa Rialtas agus in institiúidí an Stáit. Rinneadh tionscnaimh i réimsí amhail stocaireacht agus nochtadh cosanta, agus déanfar athbhreithniú ar chur i bhfheidhm sna blianta amach romhainn.

Rinneadh gníomhartha freisin maidir le forbairtí sa réimse d'úsáid agus de chomhroinnt sonraí agus leagtar amach gníomhartha breise faoi Ghníomh 7. Áirítear leo siúd cur i bhfeidhm breise den Straitéis Shonraí Oscailte chomh maith le dul chun cinn ar an mBille um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí 2015. Rinneadh an creat um Shaoráil Faisnéise a nuachóiriú agus leanadh leis an obair faoi chlár athbhreithnithe an dlí reachtúil chun reachtaíocht as dáta a bhaint de.

Ina theannta sin, foilsíodh an Bille um Chaighdeáin na hEarnála Poiblí 2015 i mí na Nollag 2015 agus tá sé beartaithe go ndéanfar an reachtaíocht a achtú in 2018. Tá sé mar aidhm ag an mBille seo an creat atá ann cheana féin a fheabhsú go suntasach chun coinbhleachtaí leasa a aithint, a nochtadh agus a bhainistiú agus chun rioscaí éillithe a íoslaghdú. Bainfidh sé amach athrú i dtreo córas comhlíonta níos dinimiciúla atá riosca-bhunaithe agus cinnteoidh sé go bhfuil an creat institiúideach le haghaidh maoirseachta, imscrúdaithe agus forfheidhmithe láidir agus éifeachtach.

# Caibidil 07

# Rialachas agus Cur i bhFeidhm

## Réamhrá

Tá rialachas éifeachtach ríthábhachtach chun torthaí rathúla a bhaint amach maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí sa chreat seo. *De réir mar atá in Assessment of Ireland's 2014-16 Public Service Reform Plan,* chun forbairt agus nuálaíocht sa tseirbhís phoiblí a bhaint amach, tá gá le múnla solúbtha rialachais, mar gheall ar mhéid na seirbhíse poiblí agus ar líon agus éagsúlacht na n-eagraíochtaí atá i gceist. Tá gá freisin le ceannaireacht shinsearach tiomanta lena chinntiú go bhfuil socrú tosaíochta straitéiseach de ghníomhaíochtaí ann ar fud earnálacha agus go leanfar le móiminteam le linn shaolré an chreata.


## Ceannaireacht agus rialachas

Tarraingíonn an struchtúr rialachais do Ár Seirbhís Phoiblí 2020 príomhphrionsabail as an tsamhail a úsáideadh d'Athnuachan na Státseirbhíse, go háirithe a béim ar chomhúinéireacht d'fhorbairt na seirbhíse poiblí. I nuálaíocht thábhachtach, den chéad uair, tá ceannairí agus bainisteoirí ón státseirbhís agus ón tseirbhís phoiblí san áireamh go díreach i struchtúir rialachais um athchóiriú na seirbhíse poiblí. Tá an gaol idir na struchtúir rialachais nua agus an córas reatha Coiste Comh-aireachta leagtha amach san fhíor thíos.

Bunófar Bord Ceannaireachta Seirbhíse Poiblí (PSLB) chun ceannaireacht fhoriomlán a sholáthar d'fhorbairt agus nuálaíocht na seirbhíse poiblí. Áireofar leis seo rannpháirtíocht leibhéal Ard-Rúnaí/POF a tharraingítear ó Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse agus ó na heagraíochtaí seirbhíse poiblí is mó agus an fhéidearthacht ann roinnt post rothlach a bheith ar fáil d'eagraíochtaí meánmhéide chun ionadaíocht chothrom a áirithiú ar fud earnálacha. Tiocfaidh an PSLB le chéile go ráithiúil agus beidh sé freagrach as stiúradh a dhéanamh ar fhorbairt agus nuálaíocht na seirbhíse poiblí ar leibhéal straitéiseach agus gheobhaidh sé tuarascálacha rialta maidir le cur i bhfeidhm na 18 ngníomhaíocht aonair sa chreat.

Tabharfaidh Grúpa Bainistíochta Ár Seirbhís Phoiblí 2020 tacaíocht don PSLB, grúpa a bheidh comhdhéanta de Rúnaithe Cúnta agus a gcoibhéisí ar fud na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí mar atá ainmnithe ag an PSLB. Tiocfaidh an Grúpa Bainistíochta seo le chéile go ráithiúil sa mhí roimh chruinniú PSLB.

## Struchtúr rialachais beartaithe do *Ár Seirbhís Phoiblí 2020*



## Cur i bhfeidhm agus tuairisciú creata

Bunófar roinnt struchtúr chun tacú le cur chun feidhme na ngníomhartha in *Ár Seirbhís Phoiblí 2020*.

» Bunófar an PSLB i ráithe 1 2018.

» Bunófar Grúpa Bainistíochta Ár Seirbhís Phoiblí 2020 i ráithe 2 2018.

» Déanfar bainisteoir tionscadail a shannadh do gach gníomh ar bhonn céimnithe de réir mar a chuirtear gníomhartha in ord tosaíochta le cur chun feidhme agus de réir mar a dheimhnítear dátaí tosaithe.

» Agus gníomhartha sonracha á gcur i bhfeidhm, bunófar agus forbrófar líonraí, lena n-áirítear:

- grúpa Ceannaireachta Straitéiseach um Bainistiú Acmhainní Daonna a bhunú chun cur i bhfeidhm an cholúin Ár bhFoireann agus ár *nEagraíochtaí a Fhorbairt* den chreat seo a threorú;
- Líonra Nuálaíochta Seirbhíse Poiblí a bhunú, ar líonra neamhfhoirmiúil saineolaithe ar nuálaíocht é ar fud na seirbhíse poiblí chun tacú le cleachtais nuálaíochta agus iad a sholáthar;
- Líonra Bainisteoirí Tionscadail na Státseirbhíse a leathnú chun cleachtóirí reatha bainistíochta tionscadal a nascadh ar fud na seirbhíse poiblí; agus
- Líonra Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí a athbhreithniú agus a fhorbairt (QCSN).

Chun tacú le cur i bhfeidhm agus seachadadh de *Ár Seirbhís Phoiblí 2020* agus an clár athchóirithe níos leithne, aithneofar agus forbrófar táscairí toraidh agus aschuir. Léirítear sa léaráid *Gníomhartha a Nascadh le Torthaí* thíos an cur chuige chun a áirithiú go rachaidh gníomhaíochtaí sna piléir éagsúla trí chuig aschuir agus sa deireadh chuig seachadadh na bpríomhthorthaí. Cinnteoidh an cur chuige seo go ndéantar fócas láidir ar aschuir agus ar thorthaí a chomhtháthú i bhfeidhmiú agus meastóireacht de ghníomhartha aonair agus den phlean foriomlán.

## Gníomhartha a Nascadh le Torthaí



Le bunú de líonraí soláthrófar nasc tábhachtach ar fud na seirbhíse poiblí chun foghlaim a chomhroinnt ach freisin idir na hearnálacha agus an t-ionad. Beidh sé seo thar a bheith tábhachtach chun cultúr nuálaíochta láidir agus inbhuanaithe a fhorbairt agus an móiminteam a cruthaíodh trí thionscnaimh aonair ar bhealach córasach á úsáid.

Aithnítear pointí teagmhála aonair do *Ár Seirbhís Phoiblí 2020* i ngach Roinn Rialtais agus sna príomhoifigí. Bainfear úsáid as an struchtúr seo chun tuairisciú cuimsitheach a áirithiú ar fud na seirbhíse poiblí maidir le gníomhaíochtaí ábhartha a chur chun feidhme. Rachaidh Oifig Bainistíochta an Chláir um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí (PMO) sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i dteagmháil le pointí teagmhála aonair agus le bainisteoirí gníomhaíochta chun tuairisciú ábhartha agus tráthúil chuig an PSLB agus chuig an nGrúpa Bainistíochta a áirithiú.

Déanfaidh gach Roinn Rialtais agus na príomhoifigí plean feidhmithe do *Ár Seirbhís Phoiblí 2020* a chomhlánú. I bhfianaise na n-eagraíochtaí seirbhíse poiblí iomadúla agus a gcineál éagsúil, déanfar an plean feidhmithe a oiriúnú go cuí d'eagraíochtaí i ngach earnáil, agus i gcomhar leo. Clúdóidh na pleananna seo saolré an chreata agus cuirfear iad faoi bhráid an PSLB in 2018. Agus aird ar an gcastacht agus na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith roimh eagraíochtaí seirbhíse poiblí i ndáil leis na gníomhartha a chur chun feidhme, tá sé tábhachtach go bhféadfadh na pleananna feidhmithe dul chun cinn de réir mar is gá le linn saolré an chreata agus mar sin déanfar solúbthacht a thógáil iontu.

Oibreoidh an PMO sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gcomhar le comhghleacaithe in PMOnna earnála agus a gcoibhéisí i ranna agus oifigí eile chun gníomhaíochtaí ábhartha a chomhaontú, a chur in ord tosaíochta agus a sceidealú, chun ceanglais tuairiscithe a bhunú agus chun formáid chuí a chomhaontú.

D'fhonn úinéireacht chomhroinnte na ngníomhaíochtaí ar fud na seirbhíse poiblí a chur chun cinn, beidh gach ball den PSLB ina urraitheoir tionscadail le haghaidh gníomhaíochta creata amháin ar a laghad; beidh dhá urraitheoir tionscadail ar a laghad ag gach gníomh, ceann amháin ón státseirbhís agus ceann amháin ón tseirbhís phoiblí níos leithne.

Tabharfaidh bainisteoir tionscadail tacaíocht bhreise do gach gníomhaíocht, bainisteoir a bhfuil saineolas aige/aici sa ghníomh atá i gceist, a roghnaíodh ón státseirbhís agus ón tseirbhís phoiblí (amhail an múnla a úsáidtear chun Athnuachan na Státseirbhíse a chur i bhfeidhm). Rachaidh na bainisteoirí tionscadail i dteagmháil le ranna agus le hoifigí agus cuirfidh siad saineolas ar fáil dóibh agus a bpleananna feidhmithe á ndréachtú acu, agus sa tasc seo gheobhaidh siad tacaíocht ón PMO um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí. Nuair a chuirtear tús le feidhmiú gníomhaíochta, beidh gá le tuairisciú chuig an PSLB ar bhonn rialta.

Beidh an PMO um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe freagrach as maoirseacht ar chur i bhfeidhm *Ár Seirbhís Phoiblí 2020* a chomhordú agus a chumasú. Cuirfidh sé an Rúnaíocht ar fáil freisin don PSLB agus don Ghrúpa Bainistíochta.

Cuirfidh líonraí saineolaithe tacú ar fáil don fheidhmiú freisin, amhail Líonra Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí chomh maith leis an QCSN agus an Líonra Bainistíochta Tionscadal.

Cinnteoidh an struchtúr rialachais seo go mbeidh an pobal i lár na dtionscnamh um athchóiriú na seirbhíse poiblí ar feadh tréimhse an chreata seo, agus níos faide ná sin, fiú de réir mar a leanann an tseirbhís phoiblí féin lena forbairt chun freastal ar éilimh agus ar dhúshláin nua.

# Iarscríbhinn

## Próiseas Rannpháirtíochta agus Forbartha

### Monatóireacht a dhéanamh ar rialachas an tionscadail

Bunaíodh bord tionscadail i mí an Mhárta 2017 chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar fhoilsiú *Ár Seirbhís Phoiblí 2020*. Ba bhainisteoirí sinsearacha iad na baill ó na Ranna Rialtais is mó agus ó na heagraíochtaí earnála is mó. Bhí ionadaíocht acadúil seachtrach mar chuid de freisin. Bhuail an bord le chéile go rialta le linn an phróisis fhorbartha chun cur leis agus chun aiseolas a chur ar fáil ar dhréacht-leaganacha den chreat. Cuireadh bonn eolais faoin bpróiseas seo freisin le torthaí ó *Mheasúnú an ECFE ar Phlean Athchóirithe na Seorbhíse Poiblí 2014-2016*. Cuireadh príomhfhoghlaim ón measúnú seo i bhfeidhm i bhforbairt an chreata. Cheadaigh an Rialtas an dréacht deiridh de Ár Seirbhís Phoiblí 2020 trí Mheabhrán le haghaidh Cinnidh roimh an bhfoilsiú.

### Rannpháirtíocht geallsealbhóirí

Bhain an próiseas forbartha le clár leathan rannpháirtíochta le baill foirne ón státseirbhís agus ón tseirbhís phoiblí. Áiríodh leis an bpróiseas seo:

- ceardlanna tobsmaointeoireachta le státseirbhísigh agus seirbhísí poiblí;
- ceardlann do bhaill Líonra Athchóirithe agus Nuálaíochta (Tá Rúnaithe Cúnta ar fud fad na Státseirbhíse i gceannas ar Athchóiriú) ;
- cruinnithe le baill Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse;
- ionchur ó Oifigí Bainistíochta an Chláir sna ceithre phríomh-earnáil (Oideachas, Sláinte, Ceartas agus Rialtas Áitiúil);
- rannpháirtíocht le lucht acadúla agus le saineolaithe seachtracha eile i mbeartas poiblí;
- cruinnithe le bainistíocht sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe;
- ceardlanna leis an Líonra um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí; agus
- léirithe ag an Oifig Athchóirithe agus Soláthair chuig raon de sheirbhísigh phoiblí.

### Comhairliúchán poiblí

Sheol an tAire Stáit Patrick O'Donovan an chéad chomhairliúchán poiblí riamh maidir le hathchóiriú na seirbhíse poiblí ar 13 Iúil 2017. Mhair an tréimhse chomhairliúcháin seacht seachtaine go dtí 4 Meán Fómhair 2017. Fuarthas 22 aighneacht san iomlán tríd an gcomhairliúchán poiblí, agus tháinig 15 acu siúd ó eagraíochtaí. Tríd is tríd, bhí aighneachtaí ar aon dul le haidhmeanna *Ár Seirbhís Phoiblí 2020*. I measc na dtéamaí coitianta a tháinig chun cinn ó na haighneachtaí bhí na nithe seo a leanas:

- is é príomhról na seirbhíse poiblí ná freastal ar an bpobal seachas rialtas, aire nó bainistíocht shinsearach áirithe;
- níor cheart go mbeadh baill áirithe na sochaí fágtha ar chúl mar gheall ar an aistriú i dtreo modhanna de sheachadadh seirbhíse níos nua-aimseartha agus níos éifeachtaí; agus
- tá fórsa saothair gairmiúil, oilte agus dea-bhainistithe riachtanach chun seirbhís phoiblí éifeachtach a chur ar fáil.

Tugadh cuireadh do sheirbhísigh phoiblí ceistneoir a dhéanamh ar an gcreat. Fuarthas 1,029 freagra san iomlán. I measc na dtéamaí coiteanna a tháinig chun cinn bhí iad seo a leanas:

- ní mór dúinn díriú ar fhreastal ar an bpobal; ní mór dúinn tuilleadh oibre a dhéanamh leis an bpobal chun beartais/tionscadail a oiriúnú dá gcuid riachtanas agus tacaíocht a fháil;
- ní chóir go mbeadh athchóiriú dírithe ar chostais a choigilt agus dochar á dhéanamh do chaighdeán;
- ba chóir go mbeadh an tseirbhís phoiblí neamhspleách ó pholaitíocht thoghcháin;
- ní mór seirbhísí agus faisnéis a bheith inrochtana do gach duine; níor chóir go mbeadh codanna den phobal eisiata mar gheall ar sheachadadh digiteach agus ní mór slándáil sonraí pearsanta a áirithiú;
- ba chóir go mbeadh an tseirbhís phoiblí níos oscailte d'athrú agus ba chóir d'eagraíochtaí na seirbhíse poiblí tuilleadh comhoibrithe a chur i bhfeidhm; agus
- ní mór don tseirbhís phoiblí aghaidh a thabhairt ar neamhfheidhmíocht agus luach a thabhairt i leith ardfheidhmíochta, agus ní mór deiseanna oiliúna leordhóthanacha a chur ar fáil don fhoireann.

# Liosta Acrainmneacha

| | |
|---|---|
| ABC | Rialú Uathoibríoch Teorann |
| CES | Lárionad do Sheirbhísí Éifeachtacha |
| CEO | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin |
| CSO | An Phríomh-Oifig Staidrimh |
| DCYA | An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige |
| DEASP | An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí |
| E&I | Rannpháirtíocht agus Nuálaíocht |
| ETB | Boird Oideachais agus Oiliúna |
| EU | An tAontas Eorpach |
| FET | Breisoideachais agus Breisoiliúint |
| HR | Acmhainní Daonna |
| HRM | Bainistíocht Acmhainní Daonna |
| HSE | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| ICT | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide |
| IGEES | Seirbhís Eacnamaíochta agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann |
| IMF | an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta |
| IR | Caidreamh Tionsclaíoch |
| IT | Teicneolaíocht Faisnéise |
| LCDC | Coiste Forbartha an Phobail Áitiúil |
| LECP | Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail |
| LGBTI | Daoine Leispiacha, Aeracha, Déghnéasacha, Trasinscneacha agus Idirghnéasacha |
| LGBTQ | Daoine Leispiacha, Aeracha, Déghnéasacha, Trasinscneacha agus Homaighnéasacha |
| NDI | Bonneagar Náisiúnta Sonraí |
| NPF | Creat Náisiúnta Pleanála |
| OECD | An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta |
| OGCIO | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais |
| OGP | Oifig um Sholáthar Rialtais |
| OSCE-ODHIR | An Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip - an Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta Daonna |
| PAS | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí |
| PLSS | Córas Tacaíochta Cláir agus Foghlaimeora |
| PMDS | Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta |
| PMO | Oifig Bainistíochta Clár |
| PRA | An tÚdarás Clárúcháin Maoine |
| PSLB | Bord Ceannaireachta na Seirbhíse Poiblí |
| QCSN | Líonra Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí |
| RDO | An Oifig Athchóirithe agus Soláthair |
| SEAI | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann |
| SHRML | Ceannaireacht Straitéiseach um Bainistiú Acmhainní Daonna |
| SMART | sonrach, intomhaiste, uaillmhianach, faoi cheangal acmhainne, faoi cheangal ama |
| SME | Fiontair Beaga agus Mheánmhéide |
| SPS | Seirbhís Phoiblí Shinsearach |
| SSD | Deochanna Milsithe ag Siúcra |
| UK | An Ríocht Aontaithe |
| UN | Na Náisiúin Aontaithe |
| UNDP | Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe |
| US | Na Stáit Aontaithe |